




Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2021



Athrú á Spreagadh ar mhaithe leis an Inbhuanaitheacht

Líon na gciliméadar a taistealaíodh

**BÁC:** 2021: 42.8 milliún (+0%)

2020: 42.8 milliún

BÉ: 2021: 167.1 milliún (+3%)

2020: 161.9 milliún

IÉ: 2021: 16.6 milliún (+13%)

2020: 14.7 milliún

Grúpa: 2021: 226.4 milliún (+3%)

2020: 219.5 milliún



Líon na bhfostaithe

2021: 10,825

2020: 10,598

Easnamh Oibríocháin i leith na bliana:

€44.3mfaoi thionchar ag muirir phinsin.
Laghdú ó **easnamh €58.6m in 2020.**

Easnamh i leith Pinsean:

€846mLaghdú ó **easnamh €975m in 2020.**

Cistiú Caipitil

€367mMéadú ó **€228m in 2020.****Foilsíodh an Chéad
Athbhreithniú
Bliantúil ar
Inbhuanaitheacht
Ghrúpa CIÉ i mí
na Nollag 2021**

Clár na nÁbhar

Ráiteas ón gCathaoirleach	2	Coistí an Bhoird	48
Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach	6	Grúpaí Comhairleacha	49
Athbhreithniú ar Chúrsaí Airgeadais	8	Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann	50
Athbhreithniú ar Oibríochtaí	12	Ráiteas um Rialachas Corparáideach	53
Inbhuanaitheacht	21	Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	61
Forbairt atá Dírithe ar Iompar	42	Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha	62
Comhaltaí an Bhoird	47	Ráitis Airgeadais	64

Ráiteas ón gCathaoirleach



Ba é teacht gan choinne na paindéime mórtarlúint na bliana 2020, agus bhí cúrsaí na tíre suaite arís in 2021 agus muid ag foghlaim conas maireachtáil leis an bpaindéim sin. Bhí tionchar ag COVID-19 ar gach gné dár saol gnó agus dár saol pearsanta agus táim an-bhródúil as an ról a d'imir CIÉ le linn na dtréimhsí dúshlánacha seo, ag coinneáil ár seirbhísí ag imeacht go sábháilte don fhoireann agus do na custaiméirí araon agus ag féachaint chuige go bhféadfadh oibríthe riachtanacha dul chomh fada lena n-ionaid oibre.

Is príomhspreagthóir don fhorbairt gheilleagrach agus don chomhtháthú sóisialta é fáil a bheith ar sheirbhísí iompair phoiblí ar féidir brath orthu. Tá ról thar a bheith tábhachtach aige sin freisin maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide, brú tráchta a laghdú agus caighdeán an aeir a fheabhsú.

Is ag an nGrúpa amháin atá an acmhainn chun bainistíocht a dhéanamh ar réitigh iompair phoiblí ar fud na hÉireann, ar réitigh ardchaighdeán iad atá éifeachtach ó thaobh costais de. I leith a chúraimí go léir, bíonn an Grúpa ag obair i gcomhar lena scairshealbhóir, an tAire Iompair, agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Tá deis ar leith againn anois a chinntiú gur téarnamh inbhuanaithe a bheidh ann tar éis na paindéime –

Is muidne an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn agus is é ár n-uaimhian é a bheith chun fóir maidir le freagairt na hÉireann ar an athrú aeráide, agus réitigh a sholáthar freisin i dtaobh forbairt inbhuanaithe ar fud na tíre. Tá na sócmhainní, na hacmhainní agus an saineolas ag Grúpa CIÉ chun ról lárnach a imirt i ndáil leis an gcúram ríthábhachtach sin, agus tá sé sách mór chuige sin.

téarnamh inar féidir le seirbhísí iompair phoiblí ról ceannasaíochta a ghlacadh chun freagra éifeachtach a thabhairt ar an ngéarchéim eile atá ag bagairt go trom orainn – an t-athrú aeráide.

Straitéis Ghrúpa CIÉ 2021-2022; freagairt do COVID-19

Mar gheall ar an bpaindéim, bhí Bord CIÉ ag díriú go tréan ar inbhuanaitheacht an Ghrúpa sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Mar a d'iarr an Bord, tá straitéis dhá bhliain forbartha ag CIÉ dar teideal CIÉ Group Strategy 2021-2022; responding to COVID [Straitéis Ghrúpa CIÉ 2021-2022; freagairt ar COVID].

Mar gheall ar an mórtionchar tobann a bhí ag COVID-19 ar an nGrúpa, níor mhór an straitéis sin a ghlacadh, straitéis atá dírithe go príomha ar chobhsaíocht airgeadais an Ghrúpa a chinntiú agus cuspóirí straitéiseacha níos leithne a chur chun cinn an tráth céanna, más féidir é. Ach cobhsaíocht airgeadais an Ghrúpa a chinntiú, beidh sé in ann leanúint ar aghaidh ag glacadh ról ceannasach agus an tír ag teacht chuici féin ó COVID-19 agus cuidiú lena chinntiú go mbeidh an gnó níos inbhuanaithe sna blianta atá romhainn. Tá an straitéis ghearrthéarmach sin ag teacht le straitéis inbhuanaitheachta nua an Ghrúpa.

Inbhuanaitheacht

Tá ról lárnach ag Grúpa CIÉ maidir le straitéis náisiúnta a chur i bhfeidhm le haghaidh dícharbónú agus tá tús áite á thabhairt aige don fhreagracht atá ar Éirinn maidir leis an athrú aeráide. Toisc gur muid an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn agus go bhfuil punann mhór réadmhaoine againn, is maith an staid ina bhfuil CIÉ chun roghanna taistil níos cliste a sholáthar agus rannchuidiú le geilleagar inbhuanaithe a bhaint amach.

D'fhoilsigh CIÉ a chéad Tuarascáil Bhliantúil i leith na hInbhuanaitheachta ag deireadh 2021, tuarascáil inar léiríodh an dul chun cinn atá déanta maidir le straitéis inbhuanaitheachta an Ghrúpa a chur chun feidhme ina céad bhliain iomlán oibríochta. Is léiriú é ar obair chrua agus ar thiomantas na mball foirne ar fud an Ghrúpa gur féidir linn tuairisc a thabhairt cheana féin ar éachtaí nach beag a baineadh amach faoi chuimsiú na Straitéise sin. Ina theannta sin, díritear aird sa tuarascáil ar an iliomad clár atá ina gcéimeanna tosaigh agus a mbeidh torthaí fiúntacha orthu sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

Forbairt atá Dírithe ar Iompar

Leis na Forbraíochtaí de chuid CIÉ atá Dírithe ar Iompar, laghdófar an spleáchas ar charranna trí fhorbraíochtaí ardchaighdeáin a chur ar fáil ar fud chathracha na hÉireann. Tá CIÉ meáite ar fhorbraíochtaí atá dírithe ar iompar a chomhtháthú nuair is féidir é, agus é ag baint úsáid as na gabháltais talún fhairsinge lárnacha atá i bpunann Ghrúpa CIÉ. Tá sé d'acmhainn againn an soláthar tithíochta, fostaíochta agus spásanna uirbeacha a bharrfheabhsú i ngar do na seirbhísí iompair ardchaighdeáin ardmhínicíochta a bhíonn riachtanach chun tacú le forbraíochtaí atá bunaithe ar iompar.

Léiríonn seoladh Mháistirphlean Heuston i mBaile Átha Cliath an fhís atá againn ina leith sin. Leanfaimid orainn ag obair i ndlúthpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún maidir le deiseanna eile ar nós Cheantar Colbert i Luimneach.

Na Conarthaí Dírdhámhachtana

Ba í 2021 an dara bliain ina raibh feidhm iomlán ag na Conarthaí Dírdhámhachtana atá i bhfeidhm faoi láthair idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann. Geallann CIÉ a bheith ag obair i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair lena chinntiú go bhfeidhmítear ar bhealach éifeachtach iad.

Fáiltím roimh an leathnú ar na Seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí trí BusConnects agus trí thionscnaimh eile de chuid an Údarás Náisiúnta Iompair.

Is é an dúshlán atá romhainn ná leanúint ar aghaidh ag soláthar raon cuimsitheach seirbhísí iompair phoiblí comhtháite ar bhealach sábháilte, iontaofa agus éifeachtach ar mhaithe le sochaí na hÉireann i gcoitinne.

Pinsin

Dúshlán is ea soláthar inbhuanaithe pinsean atá ag a lán eagraíochtaí eile freisin ach oiread le Grúpa CIÉ, ach tá easnamh pinsean Ghrúpa CIÉ ina chúis mhór lena laige atá staid airgeadais an Ghrúpa. Ba mhó de €846m iad dliteanais fabhráithe na Scéimeanna ná a sócmhainní ag deireadh 2021.

Is cúis mhór imní é sin go fóill do CIÉ toisc go gcuireann sé i mbaol san fhadtréimhse an soláthar pinsean a bheidh ar fáil dár lucht saothair.

Tá ríméad orm a rá go ndearnadh dul chun cinn in 2021 maidir le dul i ngleic leis an bhfadhb sin.



Scéim Pá Rialta

Clúdaíonn an Scéim Pinsin seo thart ar 75% d'fhórsa saothair an Ghrúpa agus is oibrithe túslíne den chuid is mó a chuimsítear léi. Ghlac an lucht saothair in 2020 le moladh ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, moladh atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar easnamh sa Chaighdeán Cistithe Íosta.

Tugadh chun críche amach sa bhliain 2021 an obair leis an Roinn Iompair, le NewERA agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun athruithe ar Ionstraimí Reachtúla a chomhaontú d'fhonn an togra comhaontaithe a léiriú. Tá tús curtha leis an gcéim leathdheireanach chun na hathruithe a chur chun feidhme, comhairliúchán poiblí foirmiúil, agus táthar ag súil go dtiocfaidh an próiseas iomlán chun críche go luath in 2022.

Scéim 1951

Clúdaíonn an Scéim Pinsin seo thart ar 25% d'fhórsa saothair an Ghrúpa agus is oibrithe túslíne agus foireann oifige den chuid is mó a chuimsítear léi. Is í an Scéim sin is cúis le breis is 50% d'easnamh pinsin an Ghrúpa.

Amach sa bhliain 2020, d'eisigh an Chúirt Oibreachais Moltaí chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh sa Chaighdeán Cistithe Íosta. Léirítear leis na Moltaí sin an toradh is fearr is féidir a bhaint amach ina leith sin agus ghlac CIÉ leo ar an mbunús gurb é t-aon bhonn amháin chun Togra Cistithe athbhreithnithe a fhorbairt i ndáil leis an Scéim sin.

Tá áthas orm a thuairisciú gur glacadh le Moladh na Cúirte Oibreachais i mBallóid Cheardchumainn le linn 2021.

Is cúis díomá é go bhfuil Coiste Scéim 1951 fós ag cur in aghaidh athruithe ar an Scéim, d'ainneoin thoradh na ballóide.

Ní féidir méid an easnaimh pinsin a fhágáil mar atá gan dul i ngleic leis. Mura gcuirtear Moladh na Cúirte Oibreachais i bhfeidhm go tráthúil, beidh ar Bhord CIÉ cinntí a dhéanamh maidir le soláthar na bpinsean, cinntí a bhféadfaí iad a sheachaint murach sin, chun leibhéal riosca na Scéimeanna a laghdú agus chun soláthar a dhéanamh d'Inbhuanaitheacht an tsoláthair pinsean san fhadtréimhse.

Straitéis an Rialtais

Le tacaíocht ónár gcomhpháirtithe, tá Grúpa CIÉ ag obair chun **Clár an Rialtais**; an **Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030**; an **Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021**; **Tionscadal Éireann 2040**, agus **Clár an Gheilleagair Chiorclaigh** a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, brú tráchta a laghdú agus tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe. Aithníonn an Grúpa an príomhról a bheidh ag breoslaí malartacha maidir le tacú lenár spriocanna i dtaobh astaíochtaí a laghdú, agus leanfaimid ar aghaidh ag tacú le forbairt **Beartais um Breoslaí In-athnuaite le haghaidh Iompair** ionas go mbeidh ról ag breoslaí malartacha i ndícharbónú an fhuinnimh agus an iompair. Faoin tionscadal Éire á Nascadh, feabhsófar rochtain tuaithe ar sheirbhísí iompair poiblí ar fud na tíre, agus beidh córais busanna poiblí an-éifeachtach i gcathracha móra na hÉireann tríd an tionscadal **BusConnects**.

Comhdhéanamh an Bhoird

Tá CIÉ agus a fhochuideachtaí meáite ar fheidhmiú de réir ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh mar a léirítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Is comhpháirt lárnach é Bord iomlán a bheith ann i dtaobh an córas srianta agus ceartúchán a sholáthar laistigh den phróiseas rialachais foriomlán.

Tá folúntais ar Bhord CIÉ ó dheireadh na bliana 2021 – i ndáil le Cathaoirleach Bhus Átha Cliath agus Cathaoirleach Bhus Éireann – agus ba cheart go líonfaí iadsan in Earrach na bliana 2022. Tá fonn orm go líonfar gach folúntas atá ann fós ar fho-choistí an Bhoird a luaithe is féidir.



Buíochas

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, an tUasal Eamon Ryan, agus leis na hoifigigh sa Roinn Iompair as an tacaíocht a thug siad dúinn in 2021, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán a bhí le sárú ag an nGrúpa mar gheall ar an bpaindéim. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na hoifigigh san Údarás Náisiúnta Iompair agus in NewERA a raibh muid ag plé leo go rialta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe as fónamh ar an mBord agus ar a Choistí éagsúla i rith na bliana. Ba mhaith liom, go háirithe, aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne comhaltaí an Bhoird ar tháinig deireadh lena dtéarmaí le linn 2021: an tUasal Ultan Courtney, Denise Guinan Uasal, an tUasal Aidan Murphy agus an tUasal Tom O'Connor.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann feidhmiúcháin as a dtiomantas leanúnach agus a rialachas éifeachtach i rith na bliana.

Cé go bhfuil dúshlán ollmhóra le sárú ag an nGrúpa mar gheall ar an bpaindéim, táim ag smaoineamh freisin ar na daoine aonair agus na teaghlaigh ar fud na tíre ar ghoill an ráig ghalair go mór orthu féin agus ar a muintir, agus go háirithe orthusan a bhfuair duine muinteartha leo bás mar gheall ar COVID-19. Agus an méid seo á scríobh agam, is cosúil go bhfuil an chuid is measa den phaindéim fágtha inár ndiaidh againn. Tá líon na bpaisinéirí ag méadú go seasta, seachtain i ndiaidh seachtaine. Tá gach ball foirne ar fud CIÉ ag tnúth le fáilte a chur roimh ár gcustaiméirí arís.

Fiona Ross
Cathaoirleach

Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach



Baineadh geit asainn nuair a tháinig an phaindéim an bealach in 2020, agus ansin in 2021 bhíomar á gcur féin in oiriúint di chun maireachtáil in éineacht le COVID-19. Cé gur tháinig méadú agus laghdú ar líon na n-aistear paisinéirí le linn tréimhsí éagsúla in 2021, rud a léiríonn comhairle taistil an Rialtais, ba dheas an rud é treocht fhoriomlán aníos a fheiceáil.

Bhí Grúpa CIÉ ag díriú i gcónaí ar sheirbhísí a choinneáil ar bun le linn 2021 agus sábháilteacht ár gcustaiméirí agus ár mball foirne á chinntiú againn an tráth céanna. Ní bheadh sé sin indéanta murach an tacaíocht ón Rialtas agus ón Údarás Náisiúnta Iompair trí fcaíochtaí méadaithe i leith na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí. Chomh maith leis sin, bhain gnó Expressway Bhus Éireann leas as tacaíochtaí ón Údarás Náisiúnta Iompair a cuireadh ar fáil d'oibreoirí bus tráchtála.

Fáiltíonn an Grúpa roimh an infheistíocht chaipitiúil san iompar poiblí ar leibhéal nach bhfacthas roimhe seo. Tá an infheistíocht sin ríthábhachtach chun aistriú córa iompair a bhaint amach agus chun astaíochtaí carbóin ón mórearnáil iompair a laghdú. Beidh ról ríthábhachtach ag ár nGrúpchuideachtaí maidir le feidhmiú tionscadal éagsúla de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair lena n-áirítear DART+, BusConnects agus Éire Á Nascadh.

Faoi straitéis ghearrthéarmach Bhord CIÉ *IÉ Group Strategy 2021-2022; responding to COVID* [Straitéis Ghrúpa CIÉ 2021-2022; freagairt ar COVID], coinníodh leis an mbainistíocht chúramach a dhéanaimid ar chúrsaí

Toisc gur muid an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn, tá ról lárnach againn i ndáil le cuidiú leis an Stát a chúram a chomhlíonadh maidir le daoine a thabhairt ó áit go háit ar shlí éifeachtach, éifeachtúil agus, thairis sin, cuidiú le baint amach na mórspríocanna atá ag an tír i dtaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide, leis an mbrú tráchtála, le caighdeán an aeir agus leis an bhforbairt gheilleagrach agus shóisialta ar scála níos leithne.

airgeadais an Ghrúpa i gcúinsí a bhí thar a bheith éiginnte. In ainneoin na ndúshlán a bhí ann in 2021, rinne an Grúpa barrachas €5m roimh mhuirir pinsean. Áirítear leis sin cailteanas €1.5m i leith gníomhaíochtaí tráchtála in 2021 i gcomparáid le cailteanas coibhéiseach €26m in 2020, rud a leagann béim ar leibhéal na mbeart ceartaitheach a chuir an lucht bainistíochta chun feidhme chun an treocht a choinneáil faoi smacht. Bhí laghdú ar líon na mball foirne agus aistriú daoine i bpríomhréimsí, chomh maith le dianrialú na gcostas, ina bpríomhthosca i ndáil leis an laghdú a tháinig ar an gcaillteanas.

I bhfianaise na ndúshlán ollmhór a bhí ag gabháil leis an bpaindéim, b'fhurasta dearmad a dhéanamh ar fhorbairtí tábhachtacha eile le linn 2021, ach baineadh amach roinnt garspríocanna tábhachtacha ar fud an Ghrúpa, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Thug **Bus Átha Cliath** isteach roinnt seirbhísí nua mar chuid d'fheidhmiú an Údaráis Náisiúnta Iompair ar BusConnects (Conair C agus Conair H).
- Thug **Bus Éireann** isteach seirbhísí breise OSP (oibleagáid seirbhíse poiblí) i gcathracha agus i mbailte éagsúla ar fud na hÉireann agus chuir sé ar an mbóthar trí bhus dhá stór a úsáideann hidrigin mar bhreosla.
- Shínigh **Iarnród Éireann** conradh le Alstom don fhliú is mó agus is inbhuanaithe feithiclí a bhí riamh ann in earnáil iompair phoiblí na hÉireann (suas le 750 carráiste iarnróid nua i dtréimhse 10 mbliana).

In éineacht leis an bhfreagairt dhomhanda ar an bpaindéim, is é an t-athrú aeráide an dúshlán is mó atá le sárú ag an domhan.

Agus é deimhnithe sa tuarascáil ón bPainéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide (IPCC) gurb iad na daoine is cúis leis an athrú aeráide, tá sé de dhualgas orainn go léir ár ndícheall a dhéanamh chun téamh an domhain a theorannú go 1.5 céim.

Tá an colún comhshaoil de straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ dírithe ar astaíochtaí ón earnáil iompair a laghdú. Tá sé ina chuspóir againn leis an Straitéis freisin spriocanna eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach. Tugtar tuairisc inár gcéad Tuarascáil Inbhuanaitheachta in 2021 ar an dul chun cinn atá déanta maidir le straitéis inbhuanaitheachta an Ghrúpa a chur chun feidhme ina céad bhliain oibriúcháin. Is léiriú é ar obair chrua agus ar thiomantas na mball foirne ar fud an Ghrúpa gur féidir linn tuairisc a thabhairt cheana féin ar éachtaí nach beag a baineadh amach faoi chuimsiú na Straitéise sin. Ina theannta sin, dírtear aird sa tuarascáil ar an iliomad clár atá ina gcéimeanna tosaigh agus a mbeidh torthaí fiúntacha orthu sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

Tá plean againn gnó lánchiorlach, inbhuanaithe a dhéanamh dinn féin agus cé nach bhfuilimid ach ag tús ár n-aistir inbhuanaitheachta, táimid díoghbháilte i dtaobh dlús a chur leis an dul chun cinn ar an aistear sin.


Is léir go bhfuil fonn ar ár mbaill foirne cuidiú linn na spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach agus go dtabharfaidh siad faoi sin go dúthachtach. Ag féachaint chun cinn dúinn, táimid dírithe ar ár spriocanna aeráide a bhaint amach agus ár ngnó a athrú ó bhonn. Táimid ag iarraidh teacht ar thuiscint ar na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann leis an aeráid, agus measaimid gur treise a bheidh na deiseanna ná na rioscaí i gcás an Ghrúpa.

- Tháinig méadú 50% ar sheirbhísí chuig Mór-Roinn na hEorpa in **Europort Ros Láir** agus forbraíodh pleananna freisin ionas go mbeadh an calafort ina bhunáit chun tacú le suiteáil feirmeacha gaoithe amach ón gcósta.
- Chuir **CIÉ Tours** tús arís lena chuid oibríochtaí sa samhradh, ag cuidiú le tacaíocht a thabhairt d'earnáil na turasóireachta tuaithe trí na mílte turasóirí Meiriceánacha, dream a rabhtas ag súil ar ais leo le fada, a thabhairt ar fud na tíre.
- Sheol **CIÉ Property** Máistirphlean Stáisiún Heuston – plean uailmhianach ina scrúdaítear na deiseanna atá le tapú i leith thailte CIÉ ag Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath agus sa suíomh atá gar dó ag Garáiste Bhóthar Conyngham. Leis an bhforbairt sin, beidh an deis ann ceann de na forbraíochtaí is mó agus is inbhuanaithe in Éirinn a thógáil ar forbraíocht í atá dírithe ar iompar.
- Foilsíodh Tuarascáil Inbhuanaitheachta. Leagtar amach sa tuarascáil sin an chun cinn atá déanta maidir le straitéis inbhuanaitheachta an Ghrúpa a chur chun feidhme ina céad bhliain iomlán.

D'ainneoin na n-éachtaí móra a baineadh amach in 2021, tá sé tábhachtach na dúshláin atá amach romhainn a aithint, lena n-áirítear an t-ualach atá orainn is muid ag breathnú chun cinn de bharr na moille ó thaobh an t-easnamh pinsean a réiteach, a chinntiú go bhfuil ár mbonn costais agus ár gcleachtais oibre iomaíoch agus go mbeidh dóthain acmhainneachta agus saineolais againn ar fud an Ghrúpa chun na tionscadail chaipitiúla éagsúla a bhfuil baint againn leo a chur i bhfeidhm in am agus de réir buiséid.

Toisc gur muid an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn, tá ról lárnach againn i ndáil le cuidiú leis an Stát a chúram a chomhlíonadh maidir le daoine a thabhairt ó áit go háit ar shlí éifeachtach, éifeachtúil agus, thairis sin, cuidiú le baint amach na mórspriocanna atá ag an tír i dtaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide, leis an mbrú tráchta, le caighdeán an aeir agus leis an bhforbairt gheilleagrach agus shóisialta ar scála níos leithne.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht ó na comhaltaí Boird. Soláthraíonn siad maoirseacht, rialachas agus treoir ríthábhachtach domsa agus don fhoireann feidhmiúcháin go léir. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí na foirne feidhmiúcháin as an bhfáilte ó chroí a chuir siad romham, as an obair chrua a dhéanann siad agus as a ndíograis i rith na bliana, bliain inar cinnte gur cuireadh ár ndúshlán. Mar fhocal scoir, ar ndóigh, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil lenár mbaill foirne go léir as a gcuid oibre le linn 2021.



Lorcan O'Connor

Príomhfheidhmeannach an Ghrúpa

Athbhreithniú Airgeadais



In 2021, lean Grúpa CIÉ ar aghaidh ag soláthar raon iomlán seirbhísí iompair phoiblí ar bhonn tacaíocht airgeadais láidir leanúnach ón Státchiste.

Coinníodh leis an gcobhsaíocht airgeadais fhoriomlán i rith na bliana mar thoradh ar fheidhmíocht fheabhsaithe i dtaobh seirbhísí iompair phoiblí agus gníomhaíochtaí tráchtála araon. Tugaimid aitheantas don tairbhe a baineadh as na bearta dearfacha a rinne an Státchiste chun tacú leis an ngeilleagar, bearta a cuireadh chun feidhme i gcomhar leis an Roinn Iompair, a bhfuilimid faoina coimirce, agus lenár gcomhpháirtithe eile, go háirithe an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Tá trí thoisic ann is bonn leis an bhfeidhmíocht airgeadais fhoriomlán.

- i. Ioncam – lena gcuimsítear
 - a. Cistiú ón Státchiste
 - b. Ioncam ó Oibríochtaí
- ii. Costais Oibríúcháin
- iii. Costais maidir le Pinsin a Chistiú

Ioncam

I dtéarmaí foriomlána, tháinig méadú €103m ar an ioncam in 2021 (ó €1,195m go €1,298m) agus ba ó chistiú eile ón Stát a tháinig €57m den mhéadú sin (€218m go €275m), arna spreagadh den chuid is mó ag an tacaíocht leanúnach a fuarthas faoin Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta, tacaíocht ar glacadh go fonnmhar léi.

Ón 1 Eanáir 2021, sholáthair Bus Átha Cliath (BÁC) agus Bus Éireann (BÉ) seirbhísí iompair phoiblí thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair ar bhonn conradh ollchostais. Faoi na conarthaí sin, aisíocann an tÚdarás Náisiúnta Iompair le BÁC agus le BÉ costas comhaontaithe maidir le soláthar seirbhíse, agus íoctar an t-ioncam ó tháillí díreach leis an Údarás.

Léirítear i bhFíor 1 comhdhéanamh ioncam iomlán an Ghrúpa ó 2019 go 2021 agus tá tionchar COVID-19 le feiceáil go soiléir in 2020 agus arís in 2021 cé go bhfuil aistriú an ioncaim ó Bhoscaí Táillí (BÁC agus BÉ) go dtí an tÚdarás Náisiúnta Iompair in 2021 ina phríomhchúis le méid an athraithe ar phróifíl ioncaim na dtáillí in 2021.

Tá an t-ioncam ó Rannóg na Scoileanna in 2021 €60m níos airde ná mar a bhí in 2020 mar gheall gur soláthraíodh seirbhísí breise chun scaradh sóisialta 50% a chur ar bun ar mhaithe le cloí leis na treoirlínte sláinte poiblí a bhaineann le COVID-19. Mar sin féin, tá méadú comhréireach ar chostais oibriúcháin ag gabháil leis an méadú ioncain sin, méadú a bhaineann leis an gcostas i dtaobh na seirbhísí breise a sholáthar, mar a léirítear i bhFíor 2.

Méadú beag €9m a tháinig ar an ioncam tráchtála (seirbhísí nach cinn OSP iad) in 2021 i gcomparáid le 2020, ag eascairt as oibríochtaí CIÉ Tours a bheith ar bun arís agus bliain mhaith a bheith ag Europort Ros Láir.


Is é an phríomhchúis atá leis an méadú ar ioncam OSP ná aistriú ioncain ó bhoscaí táillí BÁC agus BÉ faoin gConradh Dírdhámhachtana in 2021 ach cúiseanna eile is ea seirbhísí agus bealaí breise a bheith á soláthar, go háirithe Conair H agus Conair C i mBaile Átha Cliath faoin gclár BusConnects.

Costais Oibriúcháin


I dtéarmaí foriomlána, sholáthair an Grúpa raon leathnaithe seirbhísí agus rannchuidigh na seirbhísí breise sin le méadú iomlán €92m ar an gcostas oibriúcháin lena n-áirítear méadú €16m ar chostas pinsean in 2021. Is éard atá sna seirbhísí breise síneadh ar sheirbhísí bus i gcás BÁC agus BÉ araon faoi na Conarthaí Dírdhámhachtana leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus soláthar seirbhísí breise busanna scoile chun cloí leis na treoirlínte maidir le scaradh sóisialta a cuireadh i bhfeidhm mar bheart maolaithe i gcoinne COVID-19.

Tá achoimre thíos i bhFíor 2 ar phríomh-chomhphárteanna na gCostas Oibriúcháin. Is leis an bpárolla (gan Costais FRS102 san áireamh) agus costas an chonartha Iompair Scoile den chuid is mó a bhaineann an t-ardú ar chostais oibriúcháin.

Fíor 1: Ioncam Iomlán



Fíor 2: Costais Oibriúcháin 2021 i gcomparáid le 2020




Costais maidir le Pinsin a Chistiú

Cuimsítear sna ráitis airgeadais costas airgid an tsoláthair pinsean agus costais neamhairgid a bhaineann leis an meastachán cuntasáochta ar chostais seirbhíse reatha agus an costas measta chun an glandliteanas pinsean atá ann a iompar. Tháinig méadú ar na costais sin ó iomlán €96m in 2020 go €112m in 2021, rud a léiríonn an costas níos airde a bhaineann le pinsin le sochar sainithe a sholáthar tráth a bhfuil na rátaí úis íseal.


Cailteanas Oibriúcháin don bhliain

Ba é an tionchar a bhí ag na tosca sin ar fheidhmíocht airgeadais ná athrú ar an easnamh ó €67m in 2020 go €53m in 2021 agus seo a leanas achoimre ar an ngluaiseacht sin:

Fíor 3: Gluaiseachtaí san Easnamh ó 2020 go 2021



Fíor 4: Cistiú Caipitil 2016 go 2021





Cistiú ón Státchiste don Chlár Caipitil

Fáiltíonn CIÉ roimh an méadú ar an gCistiú ón Státchiste don Chlár Caipitil, ar cuireadh €139m leis i rith na bliana ionas gur €367m atá i gceist anois. Léirítear i bhFíor 4 an méadú seasta ar chistiú caipitil thar an tréimhse 2016 go 2021, méadú a chuir ríméad orainn. Úsáidtear an cistiú sin chun infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní an ghréasáin iompair phoiblí agus iad a chothabháil agus tá an méadú mór in 2021 bunaithe go príomha ar éarlais chun carráistí nua iarnróid a fháil – suas le 750 feithicil faoi thiomáint leictreach/cadhnráil faoin gclár DART+. Leis an ordú sin, ceannófar an flít feithicil iompair phoiblí is mó agus is inbhuanaithe fós in Éirinn.

Pinsin

Is é glaneasnamh an chiste pinsean ag deireadh na bliana ná €846m, sin laghdú €129m le linn 2021. D'eascair an laghdú ar an nglandliteanas as an méid seo a leanas go príomha

- i. ráta lascaire feabhsaithe a d'fhág gur laghdaíodh luach measta na ndliteanas amach anseo agus
- ii. fás sócmhainní

Feidhmíonn an Grúpa dhá scéim pinsean le sochar sainithe: Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951 agus Scéim Pá Rialta CIÉ. Tá siadsan á gcistiú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus ó na fostaithe. Tá na sochair scoir atá á soláthar faoi na scéimeanna sin á gcistiú ag sócmhainní suntasacha atá infheistithe i gcistí arna riar ag iontaobhaithe.

Glactar leis sa chostas bliantúil a bhaineann le sochair scoir a sholáthar go bhfuil na torthaí sa todhchaí ó shócmhainní agus dliteanas an chiste pinsean ailínithe ar bhonn rátaí úis fadtéarmacha. Riosca nach beag is ea é go mbímid faoi lé na luaineachta sna rátaí úis fadtéarmacha, agus tá an Grúpa ag féachaint leis an riosca sin a mhaolú.

In 2013, chuir an dá Scéim Pleananna Cistiúcháin athbhreithnithe faoi bhráid an Údaráis Pinsean. Bhí sé ina aidhm leo sin na Scéimeanna a bheith sócmhainneach arís faoi 2023. Tá an dá Scéim ag diall óna bPleananna Cistiúcháin faoi láthair, agus mar sin is gá Pleananna Cistiúcháin athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Údaráis Pinsean.

Cé gur ar iontaobhaithe na Scéime Pá Rialta agus ar Choiste Scéim 1951 atá an oibleagáid tograí athbhreithnithe cistiúcháin a chur isteach, sa ról atá ag CIÉ mar urraitheoir na Scéimeanna tá sé meáite ar thacaíocht a thabhairt do na hlontaobhaithe agus don Choiste i dtaobh tograí inmharthana a ullmhú a chomhlíonfaidh ceanglais an Achta Pinsean.

I mí na Nollag 2019, d'éascaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre do phróiseas caibidlíochta faoinar aithníodh sraith tograí a d'fhéadfadh a bheith ina mbunús le Tograí Cistiúcháin athbhreithnithe dá gcuirfí i bhfeidhm iad. Ghlac ballraíocht na Scéime Pá Rialta leis na tograí sin i Meitheamh 2020 agus is gearr go mbeidh deireadh tagtha leis an bpróiseas chun iad a chur chun feidhme, rud ar gá leasú a dhéanamh ar Ionstraimí Reachtúla ina leith.

I mballóid i mí na Bealtaine 2021, glacadh le Moladh ón gCúirt Oibreachais maidir le tograí i leith Scéim 1951 agus ghlac CIÉ leis an togra sin mar an t-aon bhonn amháin chun Togra Cistiúcháin athbhreithnithe a fhorbairt i leith na Scéime sin.

Fiona O'Shea

Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Forbairtí Oibríochtúla Suntasacha Eile

In 2021 thacaigh an Grúpa le geilleagar agus le sochaí na hÉireann i gcoitinne maidir le maireachtáil le COVID-19. Trína chuid fochuideachtaí, Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann, sholáthair Grúpa CIÉ raon cuimsitheach seirbhísí iompair phoiblí ar fud na tíre, agus bhí na leibhéil úsáide i gcomhréir go beacht le teacht agus imeacht an víris i rith na bliana. Chuireamar fáilte freisin roimh athbheochan na turasoíreachta ó thar lear trí CIÉ Tours, cé gur leibhéal measartha íseal a bhí i gceist. Ar deireadh, bhí áthas ar CIÉ Máistirphlean Heuston a sheoladh agus leanúint ar aghaidh ag tógáil ar an straitéis inbhuanaitheachta dá chuid a seoladh in 2020.

Freagairt ar COVID-19

Ar fud Ghrúpa CIÉ, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar Phleananna maidir le Freagairt do COVID-19 de réir mar a tháinig an treoir ón Rialtas chun cinn. Cuireadh na pleananna sin i bhfeidhm go leanúnach trínár bhfoirne tiomnaithe um fhreagairt do COVID-19, foirne a sholáthair tacaíocht leanúnach dár gcomhghleacaithe go léir chun comhlíonadh na bprótacal ábhartha a chinntiú agus chun an baol a íoslaghdú i gcás na bpaisinéirí, ár bhfostaithe agus ár soláthraithe.

Ba iad seo a leanas príomhghnéithe ár bPleananna maidir le Freagairt do COVID-19:

- Oifigh um Chomhlíonadh COVID-19 a ainmniú chun treoir a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm na mbeart coiscithe agus cosanta i ngach láthair.
- Feachtais rannpháirtíochta chun ár gcomhghleacaithe a chur ar an eolas maidir le seirbhísí a sholáthar i dtimpeallacht sláinte poiblí a bhí ag athrú agus oiliúint a chur orthu agus tacú leo ina leith sin.
- Glantachán breise a sholáthar in oifigí, sna ceardlanna, ar an bhflít feithiclí agus ag na stáisiúin.
- Trealamh cosanta pearsanta a sholáthar.
- Beartas 'Obair sa Bhaile' a chur i bhfeidhm d'fhostaithe deascbhunaithe nuair arbh fhéidir é arna dtacú le hacmhainní agus measúnuithe maidir le hobair ón mbaile.
- Comharthaí ard-infheictheachta agus ábhair fógraíochta eile a úsáid lena spreagadh go mbainfí úsáid shábháilte as na seirbhísí iompair phoiblí.

Beidh Grúpa CIÉ fós á stiúradh ag an Rialtas, FSS, an Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí ábhartha rialtais eile ó thaobh cinntí a threorú. Cloítear le gach treoir sláinte poiblí a eisióinn an Rialtas agus an Roinn Sláinte.





Anne Gráham Uasal, Príomhfheidhmeannach, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an tUasal Ray Coyne, Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath agus an tUasal Eamon Ryan, an tAire Iompair, agus seirbhísí Chonair C á seoladh acu, faoi choimirce BusConnects.

Bus Átha Cliath

Tá fórsa saothair díograiseach éagsúil ag Bus Átha Cliath ina bhfuil breis is 3,600 duine.

Bhíomar dírithe go mór in 2021 ar chustaiméirí agus oibríthe riachtanacha a thabhairt go dtí a gceann scríbe agus eispéireas sábháilte, dearfach a sholáthar, fiú agus an iomaí dúshlán nua le sárú againn.

Bhain an príomhdhúshlán oibriúcháin leis an bpaindéim, ach ba iad na buaicpointí ba mhó:

- 70m aistear paisinéirí (méadaithe ó 69m in 2020).
- Barrachas airgeadais €5.8m (2020: easnamh €9.9m) agus glansócmhainní €44.5m (2020 €38.8m).
- Seoladh céim a haon de BusConnects, Conair H, i mí an Mheithimh 2021, as losta Chluain Tarbh, rud ba chúis le +600 turas breise gach seachtain, sin méadú 32% i lár na seachtaine, méadú suas le 49% ar líon na n-aistear ar an Satharn agus méadú 71% i gcás an Domhnaigh. Conair H

- Seoladh céim a dó de BusConnects i mí na Samhna 2021, as Bóthar Conyngham i mBaile Phib, an Chloch Leathan, Cnoc an tSamhraidh, an Rinn agus Baile Anraí. Déantar 400 aistear breise in aghaidh na seachtaine ar Chonair C – sin méadú 19%. **Líne C**
- Seoladh ceithre bhealach nua (nasc áitiúil) a fhreastalaíonn ar an mbealach idir Baile Adaim agus Gleann na Life agus idir River Forest agus an Bhó Dhearg (LUAS) agus Collchoill. Flít 30 bus san iomlán atá ar na bealaí nua sin.
- Cuireadh dhá bhealach nua 24/7 ar bun, rud a fhágfaidh gur féidir aistir shlána a dhéanamh san oíche agus a chuirfidh borradh faoi gheilleagar na hoíche i mBaile Átha Cliath.
- Cuireadh 172 feithicil hibrideach nua leis an bhflít.



CHARTERED
ACCOUNTANTS
IRELAND

D'óstáil Cumann Laighean de Chuntasóirí Cairte Éireann Gradaim na gCuntas Foilsithe i mí na Samhna 2021. Ba é an chéad bhliain ag Grúpa CIÉ é a bheith páirteach iontu, agus cuireadh ar an ngearrliosta muid don Ghradam i gcomhair Eintiteas Mór Reachtúil Neamhluaithe.



Anne Graham Uasal, Príomhfeidhmeannach, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an tUasal Denis Carthy, Maoirseoir Oiliúna Bhus Éireann agus an tUasal Stephen Kent, Príomhfeidhmeannach Bhus Éireann ag seoladh chomhairliúchán Chorcaí de chuid BusConnects.

Bus Éireann

Is é Bus Éireann cuideachta bus náisiúnta na hÉireann a sholáthraíonn seirbhísí iompair phoiblí i mbailte agus cathracha ar fud na tíre, agus eatarthu. Trí ghnó atá ag Bus Éireann, gnó na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP), Expressway, agus an tSeirbhís Iompair Scoile, agus tugann Bus Éireann na milliúin daoine chuig a gceann scríbe gach uile sheachtain.

Ba iad buaicphointí oibríochta móra na bliana 2021:

- 57.5m aistear custaiméirí ar sheirbhísí bus sceidealta (méadú ó 51m in 2020).
- Easnamh airgeadais €1.6m (2020: barrachas €9.3m) agus glansócmhainní €33.1m (2020: €6.8m)
- Bainistíocht na Seirbhíse Iompair Scoile faoinar tugadh breis is 122,000 páiste ar scoil go slán sábháilte, agus scaradh sóisialta i bhfeidhm, ar níos mó ná 6,800 feithicil ar fud 9,000 bealach gach lá, trí leas a bhaint as oibreoirí seachtracha ar conradh den chuid ba mhó.
- Rannchuidiú leis an gclár náisiúnta vacsaínithe trí sheirbhísí tointeála a sholáthar chuig ionaid vacsaínithe i bPort Láirge agus i Luimneach.
- De bharr seirbhísí OSP nua a tugadh isteach mar chuid de phacáiste spreagtha an Rialtais cuireadh nascacht bhreise trí mhíliúin ciliméadar leis an ngréasán, lena freastalaíodh ar áiteanna mar Bhéal an Átha, Dún Dealgan agus Luimneach.
- Tugadh isteach bealach OSP nua idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath lena chinntiú go mbeadh freastal á dhéanamh ar phobail a bhíodh ag taisteal ar Expressway X8 roimhe sin. Gabhann Bealach 245x idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath trí Mhainistir Fhear Maí, Baile Mhistéala, an Chathair agus Caiseal.
- Ceannaíodh níos mó ná 200 feithicil nua i gcomhair fhlíth Bhus Éireann – an méid is mó riamh, faoinar cuireadh bus nó cóiste nua in ionad beagnach ceann as gach cúig cinn. Áiríodh leis sin na chéad fheithicilí leictreacha breosla hidrigine a cuireadh ar an mbóthar in Éirinn. Cuireadh feithicilí hibrideacha astaíochtaí ísle in ionad fhlíth iomlán Chathair na Gaillimhe agus tugadh isteach 30 cóiste úrscothach Euro VI le haghaidh Expressway ar sheirbhísí feadh chósta an Iarthair.
- Le toiliú ón Aire, d'éirigh le CIÉ an cuideachta a athchaipitliú, rud a neartaigh na cúlchistí sa Chlár Comhardaithe a raibh tionchar mór ag COVID-19 orthu.
- Seoladh pleananna BusConnects i gcomhair Chorcaí i mí na Samhna, faoina mbeidh seirbhísí níos iontaofa agus níos minice ar fáil do mhuintir Chorcaí.
- Sheol Bus Éireann an córas ticéadaithe nua *MyExpressway* ar fud a sheirbhísí tráchtála Expressway. Le *MyExpressway*, is iomaí buntáiste a bheidh ar fáil do chustaiméirí lena n-áirítear feabhas ar an gcóras ticéadaithe ar líne, íocaíocht gan tadhall agus áirithintí suíocháin ráthaithe ar gach bealach.
- I rith 2021, tosaíodh ag tógáil iosta nua i mBaile an Róistigh i Luimneach, agus tá sé beartaithe an obair a bheith críochnaithe in 2022. Fuair an cuideachta cead pleanála d'fhorbairt Chéim 2 ar an suíomh, lena gcuimseofar leathnú an tsuímh agus oibreacha ullmhachta comhshaoil. Tá an-dul chun cinn déanta ag an gcuideachta freisin le tionscadail i mBaile Átha Luain agus i Luimneach chun freastal ar fheithicilí nua leictreacha agus hibrideacha agus cuirfear tús leis an obair thógála in 2022.



An tUasal Jim Meade, Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann, an tUasal Henri Poupart-Lafarge, Príomhfheidhmeannach Domhanda, Alstom ag síniú an chonartha le haghaidh carráistí DART nua.

Iarnród Éireann

Is é Iarnród Éireann iarnród náisiúnta na hÉireann, a dhéanann gréasán iarnróid na tíre a fhorbairt agus a fheidhmiú.

I measc bhuaicphointí oibríochta Iarnród Éireann don bhliain 2021 tá siad seo a leanas:

- 17.4m aistear paisinéirí (17.9m in 2020 agus tréimhse 2.5 mí de shrianta COVID-19 san áireamh).
- Barrachas airgeadais €2.6m roimh chánachas (2020: barrachas €2.5m) agus glansócmhainní €46.6m (2020: €44.0m).
- Infheistíocht leanúnach sa bhonneagar agus feabhas leanúnach air chun tacú le borradh a bheith faoi ghréasán iarnróid inbhuanaithe, lena gcuimsítear na príomhthionscadail seo a leanas:
 - **An Clár DART+:** Síníodh an conradh le Alstom i leith an fhlíit is mó agus is inbhuanaithe i gcomhair ghréasán iompair phoiblí na hÉireann. Déantar soláthar faoin gconradh do suas le 750 carráiste nua iarnróid sa tréimhse deich mbliana atá romhainn. Beidh an fhlíit sin, agus na forbairtí bonneagair a ghabhann leis faoi DART+, i gcoirílár ghréasán iompair inbhuanaithe na hÉireann.
 - **Seirbhísí Comaitéireachta Cheantar Chorcaí:** D'fhorghuinigh an Coimisiún Eorpach plean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann. Áirítear sa phlean cistiú do thrí ghné den phlean uailmhianach foriomlán chun seirbhísí iarnróid a fhorbairt i gCorcaigh: athnuachan a dhéanamh ar chomharthaí, rian breise a chur ar fáil idir an Gleanntán agus Mainistir na Corann agus ardán breise a chur le Stáisiún an Cheannaigh. Cuireadh

tús in 2021 le hoibreacha forbartha dearaidh ar na gnéithe eile den fhorbairt atá beartaithe. Faoin bpróiseas sin, cinnfear cén flít agus cén bonneagar atá riachtanach chun na leibhéil seirbhíse a fheabhsú agus aithneofar stáisiúin bhreise. Tabharfar chun críche é go luath in 2022.

- **An tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha:** Tosaíodh ag tógáil an Ionaid Náisiúnta Rialaithe Traenacha i mí an Mheithimh 2020. Tá ag éirí go maith leis an obair agus tugadh chun críche a bheag nó a mhór in 2021 na hoibreacha ar an bhforstruchtúr, rud a fhágann go mbeifear in ann tabhairt faoin bhfeistiú.
- **Stáisiún Bhaile Pheiléid:** Osclaíodh an stáisiún is nuaí i ngréasán Iarnród Éireann, Stáisiún Bhaile Pheiléid, ar an Domhnach an 26 Meán Fómhair. Tá an Stáisiún – an 145ú ceann ar an ngréasán iarnróid – suite idir stáisiúin Bhaile an Ásaigh agus Dhroichead Broome ar líne M3 Bhealach na Páirce idir Baile Átha Cliath agus Maigh Nuad agus freastalaíonn sé ar phobal seanbhunaithe Ashington chomh maith leis an bpobal nua i bPáirc na Canálach Ríoga.
- **Athfhorbairt ar Stáisiún Cheannt:** Tá an dearadh mionsonraithe ar athfhorbairt Stáisiún Cheannt i nGaillimh beagnach críochnaithe agus, faoi réir formheasa, tá sé beartaithe an obair a chur amach ar tairiscint i mí Aibreáin 2022 agus conradh a dhámhachtain chun tús a chur léi i mí Iúil 2022. Faoin tionscadal sin, cuirfear feabhas ar eispéreas na bpaisinéirí sa stáisiún agus comhtháthófar an stáisiún leis an bhforbraíocht nua atá beartaithe ó dheas, feabhsófar an comhtháthú idir seirbhísí bus agus seirbhísí iarnróid, agus éascófar do mhéadú acmhainne amach anseo.

- **Europort Ros Láir:** In ainneoin dhúshláin an Bhreiteimeachta agus COVID-19, ba í an bhliain arbh fhéarr fós í 2021 do Europort Ros Láir ó thaobh trácht lasta Ró-Ró: cuireadh breis agus 183,000 aonad lastais tríd an gcalafort. B'ionann an méid sin agus méadú 50% agus 52% i gcomparáid le 2020 agus 2019 faoi seach. Tháinig méadú mór freisin ar líon na n-aistear bád díreach chuig an mór-roinn: tá níos mó ná 30 seirbhís in aghaidh na seachtaine ag feidhmiú anois idir Europort Ros Láir agus Bilbao, Cherbourg, Le Havre agus Dunkirk, rud a fhágann gurb é Europort Ros Láir an príomhchalafort in Éirinn le haghaidh seirbhísí díreacha Ró-Ró/Ró-Pax go dtí an Eoraip. Tá an calafort ag freastal ar sheirbhísí nua de chuid DFDS chomh maith leis na seirbhísí seanbhunaithe ó Irish Ferries, Stena Line, Brittany Ferries agus Neptune Line.
- Tugadh i gcrích Máistirphlean Ros Láir in 2021 agus cuirfear tús leis an tógáil in 2022. Tá infheistíocht nach beag á déanamh ag IÉ sa chalafort chun acmhainn agus saoráidí breise Ró-Ró Pax a bhunú agus tá infheistíocht á déanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí sa Bhuanionad Rialaithe Teorann atá de dhíth ansin. Seoladh an tionscadal Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (ORE) in 2021 ina raibh togra agus dearadh substaintiúil chun saoráid ORE a bhunú ag Calafort Ros Láir chun tacú leis na feirmeacha gaoithe atá á bhforbairt amach ón gcósta sa Mhuir Éireann. Tá iarratas ar chistiú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh) curtha i láthair i gcomhair an ghlaos anuas in Eanáir 2022 chun comhchistiú 50% a lorg le haghaidh staidéar, dearadh comhshaoil, pleanála agus dearadh sonraí chun an tionscadal ORE a thabhairt chuig céim an toilithe pleanála. Tá sainchomhairleoirí ceaptha anois agus tá foireann tionscadail bunaithe.



- Bunspríoc inghnóthaithe do 2021 arbh ea forbairt agus cur i bhfeidhm Straitéis IÉ 2027. Tá an straitéis uailmhianach sin ailínithe leis an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus leagtar amach inti pleananna le haghaidh fás agus inbhuanaitheacht an iarnróid agus le haghaidh é a athrú ó bhonn.
- Táimid fós dírithe go tréan ar ghnó an lastais iarnróid a chur chun cinn agus borradh a chur faoi agus seoladh Straitéis Lastais Iarnróid 2040 in 2021. Ag obair dúinn leis na príomh-gheallsealbhoirí go léir, leagaimid amach sa straitéis na sé cholún lárnacha atá ann chun an t-iarnród a chur i gceartlár chórais iompair lastais na hÉireann amach anseo. Ar na príomhréimsí infheistíochta sna blianta atá le teacht beidh feabhsú an bhonneagair ag calafoirt, forbairt gréasáin de chríochfoirt idirmhóidúla intíre, agus ceannach an rothstóic a theastaíonn.
- Méadú ar chomhoibríochtaí sábháilteachta poiblí de chuid an Gharda Síochána/IÉ ag láithreacha ardriosca agus ar bord le cúnamh ó oifigigh údaraithe de chuid Aonad um Chosaint na gCoimisinéirí loncaim a ceapadh le déanaí. Bhí sé ina thoradh air sin gur tháinig laghdú foriomlán ar choireacht agus ar iompraíocht fhrithshóisialta agus feabhas ar chomhlíonadh le linn na tréimhse.

CIÉ Tours

Tar éis tréimhse 15 mhí inar cuireadh isteach ar chúrsaí taistil mar gheall ar COVID-19, chuir CIÉ Tours tús arís leis na turais i samhradh na bliana 2021. D'éirigh le CIÉ Tours sciar an-ard de na háirithintí ar cuireadh isteach orthu mar gheall ar COVID-19 a choinneáil. Bhí aistriú na n-áirithintí ón tréimhse roimh an bpaindéim ó 2020 go 2021 agus soláthar na dTuras féin bunaithe ar shraith pleananna taistil a raibh acmhainní flúirseacha leagtha amach ina leith agus a dearadh chun maolú a dhéanamh ar fhadhbanna a d'éascair as COVID-19.

I measc na mbuaicphointí sonracha bhí an méid seo a leanas:

- Coinníodh áirithintí ó 2020/2021.
- Borradh fós faoi áirithintí nua
- Feachtais mhargaíochta ar siúl
- Rátálacha arda sástachta ó chustaiméirí maidir leis na Turais a cuireadh ar bun



An tUasal John Coleman, Príomhfheidhmeannach, an Ghníomhaireacht Forbartha Talún, an tUasal Jim Meade, Príomhfheidhmeannach, Iarród Éireann, an tUasal Lorcan O'Connor, Príomhfheidhmeannach an Ghrúpa, CIÉ agus an tAire Darragh O'Brien, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a g seoladh an chomhairliúcháin i leith Cheantar Colbert.

Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ

Tá CIÉ, máthairchuideachta an Ghrúpa, freagrach as rialachas foriomlán an Ghrúpa de réir an Chóid Chleachtas um Chomhlachtaí Stáit a Rialú agus de réir ionchais ár scairshealbhóra, an tAire Iompair, as bainistiú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa agus a phunann réadmhaoine agus, ar deireadh, as raon sainseirbhísí tacaíochta gairmiúla a sholáthar don Ghrúpa. I measc na seirbhísí sin tá siad seo a leanas:

- réadmhaoine an Ghrúpa a bhainistiú chun sruth ioncaim coimhdeach a sholáthar a chuidíonn leis na seirbhísí iompair phoiblí a chistiú
- bonnagar teicneolaíochta faisnéise agus seirbhísí feidhmchláir a sholáthar
- seirbhísí bainistíochta riosca
- sainseirbhísí dlí
- bainistíocht cisteáin
- riar na scéimeanna pinsean

Baineadh amach na mór-éachtaí oibríochta seo a leanas in 2021:

- Foilsíodh Athbhreithniú Bliantúil Ghrúpa CIÉ 2021 ar Inbhuanaitheacht
- Seoladh Máistirphlean Stáisiúin Heuston i mí na Samhna 2021
- Seoladh Creat Spáis Cheantar Stáisiún Colbert i mí Dheireadh Fómhair 2021
- Tugadh droichid nua fógraíochta digiteacha isteach sa mhargadh in 2021

- Leanadh leis na tacaíochtaí do Thionóntaí Miondíola le linn 2021
- Rinneadh dul chun cinn maidir le próiseas tairisceana chun ár Soláthraí Seirbhíse Bainistíochta ilbhliantúil a athnuachan – is bunchloch é an conradh sin maidir le hathléimneacht ár mbonnagar TF
- Bunaíodh Foireann nua Seirbhísí Slándála Faisnéise agus cuireadh i bhfeidhm teicneolaíocht nua chun Grúpa CIÉ a chosaint ar chibearionsaithe

Cód Cleachtas

Is é beartas an Ghrúpa é cloí go hiomlán le Cód Cleachtas na bliana 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Comhaontaíodh roinnt maoluithe ó nochtadh lenár máthair-roinn, an Roinn Iompair. Tá na maoluithe sin i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar imní faoi Chosaint Sonraí, imní faoi íogaireacht tráchtála agus ar deireadh, i bhfianaise scála oibríochtaí an Ghrúpa, mar aitheantas go n-oireann tairseacha níos airde nochtaithe do chúrsaí soláthair.

Cleachtas Íocaíochta

Aithníonn an Grúpa an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 a chinntiú i ngach gné ábhartha. Bhí sé ina bheartas ar fud an Ghrúpa in 2021 cloí le ceanglais na rialachán sin.

Costais Chomhairleoireachta

Ceannaíonn an Grúpa seirbhísí comhairleoireachta i ndáil le caipiteal intleachtúil a chabhraíonn leis an gcinnteoireacht éifeachtach laistigh den eagraíocht i réimsí casta sa chás nach furasta na scileanna a aimsiú laistigh den eagraíocht féin. Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar na réimsí caiteachais comhairleoireachta a thabhaigh an Grúpa in 2021.

Beartas Soláthair


Tá Beartas Soláthair i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ lena áirithiú go gcomhlíonfar Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar Poiblí agus Fóntais, mar aon le beartais an Bhoird agus an Rialtais. I gcás ionann is na soláthairtí uile a bhí os cionn na tairisí cáilíochta, cuireadh faoi réir tairiscint oscailte iad agus cuireadh fógra fúthu in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nuair ba chúil sin. Comhlíonann Grúpa CIÉ an Cód Caiteachais Phoiblí a tháinig i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2013.

Costais Chomhairleoireachta	€'000
Bonneagar (Infheistíocht Chaipitiúil san áireamh)	17,770
Pinsin agus Acmhainní Daonna	3,118
Oibriúchán agus Eile	1,140
Straitéis agus Dearadh na hEagraíochta	895
Comhairle faoi Chúrsaí Cánach agus Airgeadais	615
Dlí	404
Caidreamh Poiblí / Margaíocht	189
Ollchostais Chomhairleoireachta	24,132
Costais Chaipitlithe	(17,399)
Glanchoistais Chomhairleoireachta	6,733


Cúrsaí Fostaíochta sa Ghrúpa

Bhí 10,825 duine ar an meán fostaithe ag an nGrúpa in 2021, sin 227 duine sa bhreis ar líon na bliana 2020.

Fíor 5: An Meánlíon Oibrithé i nGrúpa CIÉ



Fíor 6: Km in aghaidh an Fhostaí ('000km)



Rannpháirtíocht na mBall Foirne

Is iad ár mbaill foirne an ghné is riachtanaí chun seirbhís iompair phoiblí a sholáthar atá iontaofa, sábháilte agus éifeachtúil. D'éirigh lenár gcomhghleacaithe an ceann is fearr a fháil ar dhúshláin iomadúla bhreise a bhaineann le seirbhísí a sholáthar i rith na paindéime COVID-19. Is é beartas an Ghrúpa é an leas is fearr is féidir a bhaint as an tsócmhainn sin trí chultúr rannpháirtíochta agus cultúr oibre foirne. Spreagtar na fostaithe go léir chun páirt a ghlacadh i réachtáil an Ghrúpa trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, i meithleacha agus i dtionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí. In 2021, d'éirigh leis an nGrúpa an próiseas toghcháin a thabhairt i gcrích don cheathrar Comhaltaí Oibríthe ar Bhord CIÉ.

Comhionannas agus Éagsúlacht


Tá an Grúpa meáite ar thimpeallacht a chothú ina gcaitear le fostaithe agus custaiméirí le dínit agus le meas agus ina dtéitear in oiriúint do dhifríochtaí agus a gcuirtear fáilte rompu. Ina theannta sin, tá sé ina aidhm againn timpeallacht a chothú inar féidir le cách lán a n-acmhainneachta a bhaint amach, agus ina mbíonn meas ar réimse leathan cumas, buanna agus dearcthaí aonair agus a dtacaítear leo.


Trína chuid oifigeach comhionannais, bíonn fochuideachtaí oibríochta an Ghrúpa seasta ag cur feabhas ar an gcomhionannas san ionad oibre i gcás gach grúpa. Déantar athbhreithniú rialta ar an raon tionscnamh Cothromaíochta Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le heagraíochtaí seachtracha éagsúla chun forbairt a dhéanamh ar a chuid cleachtas agus gnáthamh, trí bheith ina bhall den Mheitheal um Éagsúlacht sa Láthair Oibre in IBEC, mar shampla.

Rannpháirtíocht leis na Geallsealbhóirí Seachtracha

Tugann Grúpa CIÉ tús áite don obair le geallsealbhóirí chun tacú le cuspóirí náisiúnta iompair, sóisialta agus inbhuanaithe. Bímid ag féachaint lena bheith ag obair i ndlúthpháirt lenár gcomhpháirtithe chun deiseanna a thapú i dtaobh eolas a chomhroinnt agus na cuspóirí frithpháirteacha atá againn a bhaint amach.

CIÉ Rannpháirtíocht Ghrúpa CIÉ leis na Geallsealbhóirí Seachtracha







Inbhuanaitheacht

An Straitéis Inbhuanaitheachta atá againn, tá sí dírithe ar chuspóirí agus déantar comhtháthú léi ar spriocanna geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil chun cur chuige iomlánaíoch a chinntiú ar fud an Ghrúpa.



An Straitéis Inbhuanaitheachta atá againn



Is iad na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFlInna) an bhunchloch atá faoi straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ, lena gcuimsítear trí ghné na forbartha inbhuanaithe: an ghné eacnamaíoch, an ghné shóisialta agus gné an chomhshaoil. Le Trí Cholún Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ déantar na SFlInna a chomhtháthú ar fud ár straitéise agus cinntítear go bhfuil cur chuige iomlánaíoch á ghlacadh i leith na hinbhuanaitheachta. Is é an cuspóir atá againn Éire a iompar chuig todhchaí inbhuanaithe, ag tacú le ról an iompair phoiblí chun pobail inbhuanaithe, uilechuimsitheacha a bhaint amach.

Is maith an riocht ina bhfuil Grúpa CIÉ chun gréasán iompair inbhuanaithe a sholáthar in Éirinn, trína mbeidh rogha iompair ísealcharbóin ann, trína laghdófar an brú tráchta agus trína rachfar i ngleic le truailliú an aeir. Ar bhonn na trí cholún sin, táimid meáite ar sheirbhísí a sholáthar chun tacú le fás bríomhar réigiúnach agus fás bríomhair pobail agus ar dhlúthfhorbairt inbhuanaithe uirbeach a dhéanamh ar fud ár bpunann réadmhaoine. Leagtar amach i straitéis inbhuanaitheachta an Ghrúpa an fhís atá ag Grúpa Cuideachtaí CIÉ, lena n-áirítear Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus Bus Éireann, i dtaobh seirbhís iompair ardchaighdeán a sholáthar, atá inrochtana agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Na Trí Cholún Inbhuanaitheachta atá ag Grúpa CIÉ

Colún a hAon: an Ghné Gheilleagrach


Sprioc: Seirbhís iompair ar ardchaighdeán a sholáthar chun gníomhaíocht gheilleagrach a spreagadh, dul i ngleic le plódú agus pobail, gnóthais agus eagraíochtaí a nascadh.

Colún a Dó: an Ghné Shóisialta

Sprioc: Sochaí éagsúil uilechuimsitheach a chothú, agus é á chinntiú go mbeidh deiseanna le tapú ag gach duine.

Colún a Trí: an Ghné Chomhshaoil

Sprioc: In éineacht le comhpháirtithe, an t-aistriú chuig gréasán iompair astaíochtaí ísle a stiúradh, agus féachaint chuige go gcosnófar an caipiteal nádúrtha agus an bonneagar a bhfuil an baol ann go gcuirfidh an t-athrú aeráide isteach orthu.



An Cur Chuige Cuspóir-Bhunaithe atá ag Grúpa CIÉ

Is é an misean atá againn ná rogha iompair ísealcharbóin ar ardchaighdeán a thairiscint, rud a bhfuil ról lárnach aige i dtaobh aistriú córa iompair a bhaint amach agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Ó foilsíodh an chéad straitéis inbhuanaitheachta dár gcuid in 2020, chuir an Grúpa lena uailmhian maidir le dul i ngleic leis an dúshlán aeráide, agus sonraítear an dul chun cinn ina leith sin san **Athbhreithniú Bliantúil Inbhuanaitheachta 2021**. In 2021, d'fhoilsigh Éire a plean nuashonraithe, **Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021**, mar a leagtar amach san **Acht um Gníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021**. Sa phlean sin, soláthraítear creat chun sprioc an Rialtais a bhaint amach maidir le laghdú 51% a bheith ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 (i gcomparáid le 2018) agus sprioc fhadtéarmach maidir le bheith saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an nglanleibhéal faoi 2050. In Athbhreithniú Bliantúil na bliana 2021 uainn ar an Straitéis Inbhuanaitheachta rinne Grúpa CIÉ athbhreithniú ar spriocanna chun iad a bheith i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, agus gheall sé go laghdófar astaíochtaí de 51% faoi 2030 agus go mbeifear saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an nglanleibhéal faoi 2050.

In 2020, ba ó earnáil an iompair a tháinig **34% den éileamh deiridh ar fhuinneamh** in Éirinn, agus ba le seirbhísí iompair phoiblí paisinéirí agus iompar ar iarnród a bhain **4% den éileamh sin ar fhuinneamh**. Roimh phaindéim COVID-19, bhí an earnáil iompair freagrach as breis agus **40% de na hastaíochtaí CO₂ a bhaineann le fuinneamh**. Léiríonn an méid sin an oiread astaíochtaí a thagann ón earnáil iompair, ina bhfuil sciar níos mó astaíochtaí CO₂ a bhaineann le fuinneamh ná an sciar den éileamh ar fhuinneamh. Leagtar béim leis sin ar an ról atá ag an iompar poiblí maidir le haistriú córa iompair a spreagadh, astaíochtaí a laghdú agus rogha iompair a chur ar fáil nach bhfuil chomh dian ar charbón agus atá tíosach ar fhuinneamh.















Bus Éireann, i gcomhar le Climate Club, Bailte Slachtmhara Sráidbhaile Bhaile Phib agus Bio Bees, ar an Déardaoin an 10 Feabhra sa Chloch Leathan, in aice leis an gCeanncheathrú.

Tá Grúpa CIÉ, in éineacht lenár ngeallsealbhóirí, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Iompair, ag obair chun rogha iompair ísealcharbóin a sholáthar, lena gcuirfear seirbhísí ar ardchaighdeán agus ar ardmhínicíocht ar fáil do phobal atá ag fás. Agus fás daonra á thuar agus méadú seirbhísí beartaithe trí **Thionscadal Éireann 2040**, tá dúshlán os comhair Ghrúpa CIÉ i dtaobh cuspóirí forbartha náisiúnta a bhaint amach agus spriocanna a bhaint amach an tráth céanna maidir le glanlaghdú ar leibhéal charbóin. Tá Grúpa CIÉ i mbun gnímh chun a spriocanna maidir le laghdú gás ceaptha teasa a bhaint amach trí aistriú go teicneolaíocht astaíochtaí ísle agus teicneolaíocht saor ó astaíochtaí ina chuid feithiclí agus trí bhearta a thabhairt isteach chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhaolú agus a fheabhsú ar fud na n-oibríochtaí. Anuas ar shraith chuimsitheach beart éifeachtúlachta fuinnimh i ndáil le hoibríochtaí agus foirgnimh, tá an Grúpa ag fiosrú an bhféadfaí cur leis an úsáid a bhaintear as fuinneamh in-athnuaite sa mheascán fuinnimh a ídímid. Táimid ár n-aillíniú féin anois leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 trínár laghduithe astaíochtaí faoi Scóip 1 agus Scóip 2 a rianú i gcoinne na bliana bonnlíne 2018 agus, ar an leibhéal foriomlán, laghdaigh gach Cuideachta Oibríoch a cuid astaíochtaí gás ceaptha teasa ó 2018 i leith.

Tá ról tábhachtach ag an straitéis inbhuanaitheachta atá againn maidir leis na cuspóirí forbartha náisiúnta a bhaint amach. Tá punann nach beag réadmhaoine ag Grúpa CIÉ agus táimid ag iarraidh an spás poiblí a fheabhsú agus aistriú córa iompair a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbraíochtaí atá dírithe ar iompar. In 2021, chuir Grúpa CIÉ pleanáil chun cinn i leith forbraíochtaí den sórt sin i bpríomhshuímh réigiúnacha agus chathrach, agus cuireadh forbairt uirbeach ardchaighdeán chun cinn thart timpeall ar mhór-mhoil iompair. I measc na dtionscadal bhí seoladh **Mháistirphlean Stáisiún Heuston** agus píosa oibre leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún ar chreat-staidéar spásúlachta i leith **Stáisiún Colbert i Luimneach**.

Táimid meáite ar thrédhearcacht agus cuntasacht a léiriú maidir le nochtadh sonraí a bhaineann leis an aeráid, agus é a bheith le feiceáil go bhfuil ár spriocanna á mbaint amach againn. In 2020, leag Grúpa CIÉ amach gealltanas poiblí maidir le nochtadh faoin Tionscadal um Nochtadh Carbóin agus gheall sé athruithe a dhéanamh chun dea-chleachtas maidir le tuairiscí a chur chun feidhme. I mbliana, thugamar tacaíocht don Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a Bhaineann leis an Aeráid, creat chun an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm maidir le nochtadh feidhmíochta a bhaineann leis an aeráid. Táimid ag forbairt ár dtuairiscithe neamhairgeadais chun ár n-oibleagáidí faoi chreataí tuairiscithe deonacha agus éigeantacha a chomhlíonadh agus lena chinntiú gur ar chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a bheimid ag brath. Chomh maith leis na creataí tuairiscithe inbhuanaitheachta atá ann faoi láthair, táimid ag fáil faoi réir chun tuairiscí a dhéanamh faoi Chreat Gníomhaíochta Aeráide NewEra, faoin Treoir maidir le Tuairiscí Inbhuanaitheachta Corparáideach agus faoi Thacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh.

Eachtaí a baineadh amach faoi Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ

Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ	Iarnród Éireann	Bus Átha Cliath	Bus Éireann
 <p>Ag obair chun roghanna a fhiosrú maidir le bithbhreoslaí, hidrigin agus breoslaí in-athnuaite a chomhtháthú ar fud an fhlíit gréasáin, agus ag tacú le forbairt a dhéanamh ar an gcéad mhol hidrigrine glas in Éirinn.</p>	 <p>Cuireadh tús lena chleachtas i dtaobh soláthar poiblí glas trí dhul i dteagmháil le díoltóirí chun fiosrú faoi roghanna eile seachas plaistigh, rud ar eascair torthaí dearfacha as maidir le táirgí glantacháin agus ticéid pháipéir.</p>	 <p>Fuair an cuideachta 74 feithicil hibrídeach agus bonneagar luchtaithe i Ráithe 1 2021 agus tá sí ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le ESB chun bonneagar luchtaithe a shuiteáil d'fheithicil leictreacha arna gcumhachtú ag ceallraí amháin.</p>	 <p>Cuireadh trí bhus breosla-chille hidrigrine dhá stór agus 61 bus hibrídeach ar an mbóthar in 2021</p>
 <p>I mí na Samhna 2021, seoladh plean uailmhianach, Máistirphlean Stáisiún Heuston, faoina mbainfeadh amach forbairt inbhuanaithe uirbeach i mBaile Átha Cliath.</p>	 <p>Seoladh an tStraitéis Inbhuanaitheachta "SustainabiTE" ag deireadh 2021.</p>	 <p>Tá deimhniú ISO 50001 bainte amach i leith Bhus Átha Cliath, agus tá siad ag obair i dtreo deimhniú ISO 14001 a bhaint amach.</p>	 <p>Déanann comhpháirtí bainistíochta dramhaíola Bhus Éireann beagnach 1,000 bonn de chuid Bhus Éireann a athchúrsáil gach bliain.</p>
 <p>Baineadh amach rátáil CDP 'B' ar fud an Ghrúpa in 2021 don dara bliain as a chéile.</p>	 <p>Tá pleananna pailneoirí i bhfeidhm ag breis is 30 stáisiún iarnróid, agus tá sé beartaithe Clár Corparáideach um Urraíocht Beach a chur i bhfeidhm in 2022.</p>	 <p>Tá straitéis fhoirmiúil Inbhuanaitheachta á forbairt faoi láthair ag Bus Átha Cliath.</p>	 <p>Tá na feithicilí uile lán-inrochtana anois de bharr roinnt tionscadail bonneagair a rinneadh i rith na bliana.</p>
 <p>Thosaíomar ag tacú leis an Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a bhaineann le Cúrsaí Aeráide sa bhliain 2021 agus tá na moltaí uaidh á nglacadh inár gcaighdeáin tuairiscithe in 2022.</p>	 <p>Ag baint triail as cumasc bithbhreosla 7% chun a innill traenach a chumhachtú lena chinntiú gur féidir iad a rith ar bhithdhíosal, agus ag baint triail as carranna iarnróid Intercity a bhfuil tiomáint hibrídeach iontu.</p>	 <p>Tá treoircóras chun uisce báistí a bhailiú á fhorbairt ag Garáiste Chnoc an tSamhraidh agus tá sé beartaithe an rud céanna a dhéanamh i ngaráistí eile.</p>	 <p>Seoladh an tStraitéis Inbhuanaitheachta "Driving Change Sustainability Strategy 2021-2030".</p>
 <p>Ag obair chun creidiúnú a bhaint amach ar fud an Ghrúpa faoin gclár KeepWell arna fhorbairt ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fostóirí na hÉireann (IBEC).</p>	 <p>Cuireadh le líon na bhfeithicilí leictreacha san fhlíit in 2021, ó 13 feithicil go 28, i gcomhair leis an Roinn Iompair.</p>	 <p>Tá infheistíocht sa bhithéagsúlacht beartaithe i gcomhair Gharáiste na Cloiche Leithne.</p>	 <p>I mBaile Átha Luain, tá an chéad fhlíit busanna lánleictreacha á ullmhú i gcomhair 2022.</p>


Buaicphointí i dtaobh Príomhtháscairí Feidhmíochta Neamhairgeadais

Ídiú Fuinnimh:


Tháinig laghdú ar ídiú fuinnimh agus ar astaíochtaí carbóin in 2020 agus 2021 i gcomparáid le 2019 mar gheall ar an bpaindéim. Ag teacht leis na spriocanna a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, tá an Grúpa ag obair chun na spriocanna aeráide náisiúnta a bhaint amach, sé sin laghdú 51% ar astaíochtaí agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030.

Bhí tionchar nach beag ag na srianta COVID-19 ar aistir paisinéirí ar feadh 2020 agus 2021 agus bhí tionchar acu ina seal ar fheidhmíocht i dtaobh ídiú fuinnimh in aghaidh gach aon mhilliún aistear. Meastar go socróidh sé sin síos agus go dtiocfaidh méadú ar líon na bpaisinéirí ar feadh 2022, agus go dtiocfaidh feabhas leanúnach ar an bhfeidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh ar fud an Ghrúpa.

Ídiú Fuinnimh Ghrúpa CIÉ (MWh)



Ídiú Fuinnimh Iomlán



Maolú ar an Athrú Aeráide



Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Bainistíocht Chomhshaoil – Tá Grúpa CIÉ ag obair chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach ar fud ár bhflít feithiclí agus ár n-oibríochtaí agus tá bearta á gcur i bhfeidhm againn chun an tionchar oibriúcháin ar an gcomhshaoil a mhaolú. Leis an sprioc uaimhianach i dtaobh leibhéal 50% éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach faoi 2030, tá Grúpa CIÉ chun tacú le sraith beart éifeachtúlachta fuinnimh i leith na bhfoirgneamh ar fud an Ghrúpa. Tá tús curtha againn le micreaghiniúint leictreachais seachmhéadair agus tá bearta glactha againn chun réitigh éifeachtúlachta acmhainní a thabhairt isteach ar fud an Ghrúpa. Tá an Grúpa fós ag infheistiú sa bhithéagsúlacht agus plandaí dúchasacha á gcur aige ar fud an ghréasáin, agus tá cláir bhithéagsúlachta, pleananna pailneoirí, agus teicneolaíochtaí foirgníochta glasa á bhforbairt againn freisin.

Tá deimhniú ISO bainte amach ag Cuideachtaí Oibríocha an Ghrúpa thar raon córas bainistíochta. Tá deimhniú ISO 50001 um Bainistíocht Fuinnimh bainte amach ag gach ceann de na cuideachtaí sin trí Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, agus tá Bus Átha Cliath ag obair faoi láthair chun deimhniú Bainistíochta Comhshaoil ISO 14001 a bhaint amach.

Dícharbónú a dhéanamh ar an bhflít feithiclí – I gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair, tá Grúpa CIÉ ag déanamh dícharbónú comhordaithe ar an bhflít iompair trí roghanna iompair phoiblí ísealcharbóin agus roghanna saor ó astaíochtaí carbóin a chur ar fáil. Tá **sprioc leagtha síos** ag an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le gach feithicil iompair phoiblí uirbeach a oibríonn seirbhísí Stáit i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a bheith saor ó astaíochtaí faoi 2035 agus maidir le tabhairt isteach teicneolaíochtaí astaíochtaí ísle ar fud chuideachtaí bus agus flít iarnróid CIÉ. In 2021, chuir Bus Átha Cliath agus Bus Éireann 233 bus hibrídeach ar an mbóthar ar bhealaí bus ar fud na tíre. Sainítear gur ‘feithiclí ghlaná’ iad na busanna nua faoi chaighdeán an Aontais Eorpaigh agus táirgeann siad 30% níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le gnáthbhusanna. Is céim thábhachtach chun cinn é tabhairt isteach na mbusanna nua sin san aistriú chuig flít busanna poiblí astaíochtaí ísle agus cinn atá saor ó astaíochtaí. Is é an sprioc dheiridh ná busanna lánleictreacha amháin a bheith againn amach anseo, rud atá ag teacht le sprioc an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le bheith saor ó astaíochtaí.

Tá na Cuideachtaí Oibríocha ag suiteáil bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha sna hiostaí chun ullmhú don athrú atá beartaithe chuig na feithiclí sin agus chuig feithiclí hibrídeacha inluchtaithe. I mBaile Átha Luain, tá an chéad fhflít busanna lánleictreach á ullmhú i gcomhair 2022, agus tá 11 bhus leictreach agus 8-10 luchtaithe dhúbailte le suiteáil ansin. Déanfar athfhorbairt freisin ar losta Bhus Éireann i mBaile an Róistigh i Luimneach chun freastal ar an athrú atá beartaithe ar fhflít busanna Luimnigh go feithiclí leictreacha.



An tUasal Ray Connolly, Bainisteoir Teicniúil Sínsarach – Innealtóireacht, Bus Éireann, Caoimhe Donnelly Uasal, Oifigeach Inbhuanaitheachta an Ghrúpa, CIÉ agus an Dr James Carton, Ollamh Cúnta le Fuinneamh Inbhuanaithe, DCU ag seoladh busanna breosla-chille hidrigine dhá stór.

Flít, Inneall ar Chaighdeán Astaíochtaí Euro VI (Euro VI), Feithiclí Leictreacha Hibrideacha (Hibrideach) agus Feithiclí Lán-Leictreacha

	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iarnród Éireann
Céatadán den Fhlít – Euro VI	63%	60%	–
Céatadán den Fhlít – Hibrideach	9%	15%	6%
Céatadán den Fhlít – Leictreach	0%	0%	24%

Ar fud an ghréasáin iarnróid tá sraith beart á dtabhairt isteach lena chinntiú go mbeidh suas le 80% de na haistir a dhéanann Iarnród Éireann saor ó astaíochtaí díreacha faoi 2027. Leis an gclár DART+ déanfar an córas DART a leictriú agus a leathnú, agus méadófar faoi thrí fad an raoin ó 50km go 150km agus beifear in ann dhá oiread an líon paisinéirí a iompar. Beidh sé ina toradh ar DART+ go dtiocfaidh laghdú mór ar na hastaíochtaí díreacha agus go gcuirfeadh le héifeachtúlacht an ghréasáin comaitéireachta iarnróid i mBaile Átha Cliath.

Sheol Iarnród Éireann a Thrialacha ar Thiomáint Hibrideach i gCarranna Iarnróid Intercity in 2021, chun úsáid na teicneolaíochta hibridí ina fhlít feithiclí iarnróid idirchathrach a thástáil. Má chuirtear cumhacht hibrideach in ionad innill díosail an fhlít, féadfar suas le 33% den bhreosla a spáráil agus astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailliú aeir agus torann a laghdú. Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, tá flít feithiclí iarnróid na hÉireann le leathnú chun carráistí ceallraí agus cinn leictreacha a chuimsiú leis mar chuid de straitéis chun bogadh i dtreo roghanna breosla níos inbhuanaithe sna traenacha nua.



Hidrigin – Tar éis na trialach tosaigh ar an gcéad fheithicil leictreach bhreosla-chille (FCEV) hidrigine in 2020, cuireadh trí bhus FCEV hidrigine dhá stór i mbun seirbhíse i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath i mí Iúil 2021 mar chuid de threoirthionscadal um theicneolaíocht breoslaí malartacha atá ar bun ag an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhar le Bus Éireann. Tá an treoirthionscadal teicneolaíochta sin ag cur léargas luachmhar ar fáil ar fheidhmíocht agus ar acmhainneacht an chineáil feithicil sin i mbun seirbhíse ar an mbóthar, rud a bheidh ríthábhachtach maidir le cur i bhfeidhm céimneach a dhéanamh amach anseo ar thionscadail eile astaíochtaí ísle. In 2021, chlúdaigh na trí bhus le chéile os cionn 40,000 ciliméadar agus iad i mbun oibríochta le Bus Éireann agus seachnaíodh astaíochtaí thart ar 35 tonna CO₂ dá mbarr.

Tá Grúpa CIÉ ag obair le cuibhreannas comhpháirtithe chun féachaint an bhféadfaí an chéad mhol iompair hidrigine in Éirinn a bhunú i nGaillimh. Is comhpháirtíocht é Mol Hidrigine na Gaillimhe (GH2) lena bhfuiltear ag fiosrú an bhféadfaí úsáid a bhaint as an bhfarasbarr leictreachais in-athnuaite chun hidrigin ghlas a tháirgeadh le húsáid mar bhreosla iompair saor ó astaíochtaí do bhusanna, longa agus eitleáin i nGaillimh.



Bithbhreoslaí – Tá Grúpa CIÉ ag obair le hiniúchadh a dhéanamh ar roghanna fadtéarmacha chun cur leis an úsáid a bhaintear as bithbhreoslaí agus breoslaí in-athnuaite agus iad a chomhtháthú ar fud an ghréasáin. Ag leanúint ar aghaidh ón triail maidir le bithdhíosal a chomhtháthú sa fhlít feithiclí iarnróid i mí na Nollag 2021, tá sé beartaithe tús a chur le húsáid B7 ar fud an fhlít feithiclí iarnróid agus busanna, lena mbunófar comhtháthú iomlán an bhithdhíosail ar fud an Ghrúpa.

An tAistriú go Geilleagar Ciorclach



Mar thacaíocht do **Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an nGeilleagar Ciorclach** agus do **Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola na hÉireann don Gheilleagar Ciorclach**, tá Grúpa CIÉ ag tabhairt faoi straitéis i ndáil leis an ngeilleagar ciorclach chun dramhaíl a laghdú agus cur leis an ráta athchúrsála ar fud an Ghrúpa. Táimid ag obair i gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus cuirfidimid san áireamh treoir **ón gClár Náisiúnta um Dhramhaíl a Chosc**, clár de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, **treoir maidir le Geilleagar Ciorclach** ón nGníomhaireacht chéanna sin, agus an **Bille um an nGeilleagar Ciorclach, 2021** agus an straitéis um an ngeilleagar ciorclach á seoladh againn, mar aon leis na cláir um athrú iompraíochta ar fud an Ghrúpa.

Táimid meáite ar laghdú 25% a bhaint amach i dtaobh dramhaíl a tháirgtear ar fud an Ghrúpa agus ráta athchúrsála 75% a bhaint amach ar fud an Ghrúpa. Tá Grúpa CIÉ dírithe go tréan ar an gcosc ar phlaistigh aonúsáide agus tá obair déanta le soláthraithe aige chun roghanna eile inbhuanaithe a chomhtháthú. Thug Iarnród Éireann faoi roinnt treoirionscadal a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach in 2021, agus tá gealladh faoi na torthaí ó thaobh laghdú costais agus laghdú ar úsáid plaistigh a bhaint amach.

Tá Grúpa CIÉ ar cheann de na ceannaitheoirí is mó sa stát agus tá sé meáite ar **chleachtais ghlasa um sholáthar poiblí** a ghlacadh ar fud an Ghrúpa. In 2021, thug Bord CIÉ cothrom le dáta a bheartas soláthair i gcomhréir le Treoirlínte na hOifige um Sholáthar Rialtais chun cleachtais inbhuanaithe agus cleachtais ghlasa a chomhtháthú sna nósanna imeachta soláthair. Cinnteofar leis an treoir is nuaí maidir le soláthar poiblí glas go mbainfear amach cothromaíocht idir inbhuanaitheacht agus luach ar airgead. Táimid dúthrachtach i leith rannpháirtíocht sa mhargadh mar chuid den phróiseas tairisceana, chun roghanna soláthair ghlasa a fhiosrú agus chun bheith ag obair le soláthraithe de réir mar a fhorbrófar margaí. Tá treoirionscadail á n-úsáid ag an nGrúpa chun soláthar glas a ghlacadh agus tá sé ag díriú ar chatagóirí tosaíochta chun bheith ag obair le soláthraithe chun aistriú go roghanna eile inbhuanaithe. Leis an athchóiriú a rinneadh le déanaí ar Cheanncheathrú Stáisiún Uí Chonghaile, bhí an deis ann prionsabail an tsoláthair ghlas a chur i bhfeidhm ar an tionscadal, tionscadal a bhí dírithe ar athchóiriú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh ar fheabhas a chur ar a éifeachtúlacht fuinnimh.

Comhpháirtíochtaí



Cur Chuige Bunaithe ar Fhianaise

Tá Grúpa CIÉ ag obair i gcomhar le comhpháirtithe agus geallsealbhóirí chun cur chuige ildisciplíneach, bunaithe ar fhianaise a fhorbairt i dtaobh an earnáil iompair a bheith saor ó astaíochtaí. Táimid ag obair le príomhinstitiúidí taighde agus forbartha agus le lucht déanta beartas, lena n-áirítear Institiúid Fuinnimh an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, OÉ Gaillimh agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun acmhainní agus saineolas a chomhthiomsú agus an t-aistriú fuinnimh a chumasú.

Rannpháirtíocht leis na Geallsealbhóirí

Is gné lárnach í an obair lenár ngeallsealbhóirí i dtaobh an straitéis inbhuanaitheachta a chur chun feidhme. Trí dhul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí is féidir straitéis inbhuanaitheachta spriocdhírthe a fhorbairt agus teacht ar thuiscint níos fearr ar ionchais na ngeallsealbhóirí, agus ag an am céanna cothaítear comhdhearcahd san eagraíocht féin maidir leis na príomhthosaíochtaí inbhuanaitheachta. I rith 2021, bhí Grúpa CIÉ i gcomhairle leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), leis an Údarás Náisiúnta Iompair, leis an Roinn Iompair agus le Hydrogen Mobility Ireland, i measc eile, chun ionchur a fháil i leith straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ agus faoin gcaoi ar féidir linn teacht le hionchais na ngeallsealbhóirí. Táimid ag obair i ndlúthpháirt leis na geallsealbhóirí sin ar raon dúshlán inbhuanaitheachta, agus acmhainní, eolas agus sócmhainní straitéiseacha á gcomhthiomsú againn chun tionchar ar mhórsála a imirt. Is cur chuige rithábachtach é a bheith ag obair le comhpháirtithe chun ár gcomhspricanna a bhaint amach.



Maitrís um Ábharthacht do Gheallsealbhóirí

In 2021, rinne Grúpa CIÉ ár gcéad suirbhé ar inbhuanaitheacht do gheallsealbhóirí a dháileadh ar gheallsealbhóirí seachtracha agus ar fhostaithe an Ghrúpa araon chun feasacht a ardú faoinár dtiomantas

don inbhuanaitheacht agus chun deis a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme na straitéise. Scaipeadh an suirbhé ar bhreis is 7,000 fostaí agus fuarthas aiseolas luachmhar ó fhostaithe agus ó gheallsealbhóirí seachtracha. Rinneadh torthaí an tsuirbhé a bhreacadh ar an maitrís ábharthachta thíos, ina ndearnadh rangú ar thionscnaimh inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ de réir a dtábhacht i súile Ghrúpa CIÉ agus i súile na ngeallsealbhóirí. Cabhróidh an t-aiseolas linn ár dtionscnaimh inbhuanaitheachta amach anseo a threorú agus muid ag tógáil straitéis inbhuanaitheachta ina gcuirtear ionchur ó gach duine san áireamh.




Uirlis Anailíse ar Thionchar Corparáideach arna forbairt ag UNEP FI

In 2021, chuaigh Grúpa CIÉ i bpáirt le Tionscnamh Airgeadais Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP FI) mar chuid dá Meitheal

geallsealbhóirí chun an próiseas anailíse corparáidí a fhorbairt. Tá sé ina aidhm leis an **Uirlis Anailíse ar Thionchar Corparáideach** de chuid UNEP FI cuidiú le cuideachtaí a dtionchar ar fud earnálacha agus tíortha éagsúla a mheas, spriocanna tionchair a leagan síos agus a bhaint amach, agus a aithint cé mar a rannchuidíonn siad ar shlí ábhartha leis na SFINna a bhaint amach. Thug UNEP FI cuireadh do Ghrúpa CIÉ a bheith páirteach lena bhFondúireacht um Thuairisciú Luacha, meitheal corparáidí móra idirnáisiúnta a bunaíodh chun cabhrú le haiseolas ar an uirlis a bhailiú agus chun tacú le rannpháirtithe na torthaí a léirmhíniú.

De réir mar a leanaimid leis an bpróiseas tuairiscithe in éineacht leis an bhFondúireacht um Thuairisciú Luacha, is féidir leis an aiseolas ón uirlis cabhrú linn an straitéis inbhuanaitheachta a fhorbairt trí fhéachaint cé na réimsí tosaíochta ar mó is féidir linn dul i bhfeidhm orthu chun athruithe móra a bhaint amach. Beidh Grúpa CIÉ i dteagmháil le UNEP FI agus le baill den Fhondúireacht um Thuairisciú Luacha ar feadh 2022 chun aiseolas agus moltaí a sholáthar maidir le feidhmiúlacht agus torthaí na huirlise.

Maitrís um Ábharthacht do Gheallsealbhóirí



TUAIRISC SCÓIR ÓN TIONSCADAL UM NOCHTADH CARBÓIN – AN tATHRÚ AERÁIDE 2021



Grúpa Chóras Iompar Éireann (CIÉ)

Réigiún	An Eoraip
Tír	Éire
Ceistneoir	Seirbhísí iompair
Grúpa Gníomhaíochta	Iompar de bhóthar

Leis an Tuairisc Scóir um Nochtadh Carbóin, is féidir le cuideachtaí a scór a thuiscint agus féachaint cé na catagóirí a dteastaíonn aird a thabhairt orthu chun scór níos airde a bhaint amach. Cuireann sé sin ar a gcumas do chuideachtaí dul chun cinn i dtreo maoirseacht ar an gcomhshaol trí thagarmharcáil agus comparáid le piaráí, ionas go mbeidh an rialachas aeráide seasta á fheabhsú acu. Ina theannta sin faigheann infheisteoirí cóip de Thuairisc Scóir um Nochtadh Carbóin ach í a iarraidh. Le haghaidh tuilleadh aiseolais déan teagmháil le do bhainisteoir cuntas nó le do phríomhtheagmhálaí um Nochtadh Carbóin.

Do Scór um Nochtadh Carbóin



Feidhmíocht ar an meán



Iompar de bhóthar **An Eoraip** **Meán Domhanda**

Tuairisciú Aeráide

An Tionscadal um Nochtadh Carbóin

Déanann Grúpa CIÉ a dhícheall trédhearcacht agus cuntasacht a bhaint amach i dtaobh nochtadh aeráide, agus féachaimid i gcónaí lenár gcaighdeáin tuairiscithe a ailíniú le treoirlínte dea-chleachtas maidir le tuairisciú aeráide. Chuir Grúpa CIÉ isteach ar an Tionscadal um Nochtadh Carbóin den chéad uair in 2020. Rátáil B a bronnadh orainn ag

021, ghlacamar páirt i dtuairisciú faoin tionscadal den dara huair agus bronnadh rátáil B orainn den dara bliain as a chéile. Agus moltaí an tionscadail á gcur san áireamh tar éis an chéad aighneachta uainn, in 2021 chuir Grúpa CIÉ feabhas ar mhaoirseacht rialachais, le tabhairt isteach an Ghrúpa Chomhairligh Inbhuanaitheachta, fochoiste de chuid Bhord CIÉ. Tugadh aitheantas don dul chun cinn sin sa mheastóireacht a rinneadh faoin Tionscadal um Nochtadh Carbóin in 2021, inar leagadh béim freisin ar an rannpháirtíocht leis an slabhra breisluacha, rud a bhfuil géarghá leis, agus ár n-astaíochtaí faoi Scóip 3 a bheith a ríomh.

A bhúil le hardán an tionscadail sin, tá feabhas tagtha ar an tuairisciú a dhéanaimid i dtaobh an chomhshaoil, tá tagarmharc feidhmíochta againn, agus tá léargas againn ar an dea-chleachtas maidir le bainistíocht charbóin. As seo amach, beidh acmhainní á n-infheistiú againn chun rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a mheas agus tá sé beartaithe againn ár straitéis fhadtéarmach i leith na haeráide a thástáil trí chásanna aeráide a phleanáil.

Tá Grúpa CIÉ meáite ar bheith ag obair le soláthraithe chun trédhearcacht a chinntiú maidir le hastaíochtaí faoi Scóip 3 a thuairisciú agus rannpháirtíocht leis an slabhra breisluacha a fheabhsú le linn 2022.

Baineann an-tábhacht leis an gcinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise chun gníomhú go héifeachtach ar son na haeráide agus chun bonn eolais a chur faoi straitéis. Mar aon leis an ngá atá le trédhearcacht agus cuntasacht maidir le tuairisciú corparáideach ar an inbhuanaitheacht, tá gá le córas cuimsitheach bainistíochta sonraí agus tuairiscithe sonraí ionas go bhféadfar an fheidhmíocht a thomhas ar bhealach éifeachtach agus a chur in iúl go héifeachtach do na geallsealbhóirí.

Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais A Bhaineann le Cúrsaí Aeráide

Bhunaigh an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais an Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a bhaineann le Cúrsaí Aeráide in 2015 chun moltaí a fhorbairt le haghaidh nochtadh níos éifeachtaí a bhaineann le cúrsaí aeráide. Trí chloí leis an gcreat tuairiscithe dea-chleachtas arna fhorbairt ag an Tascfhórsa sin, tagann eagraíochtaí ar thuiscint níos fearr ar conas rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a chur san áireamh ina bpróisis bainistíochta riosca agus pleanála straitéisí. Tríd an bpróiseas sin, éiríonn siad níos feasaí ar na hiarmhairtí airgeadais a bhaineann le hathrú aeráide, rud a chuidíonn leo infheistiú a dhéanamh i réitigh inbhuanaithe, athléimneacha, i ndeiseanna agus i samhlacha gnó.


Tá na moltaí ón Tascfhórsa bunaithe ar cheithre réimse théamacha lena léirítear gnéithe lárnacha den chaoi a bhfeidhmíonn eagraíochtaí:

- Rialachas
- Straitéis
- Bainistíocht Rioscaí
- Méadracht agus spriocanna

In Éirinn, cuireann an Rialtas chun cinn glacadh an chreata ón Tascfhórsa ar fud gnólachtaí agus earnáil na tionsclaíochta mar chuid den aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. In 2021, thosaigh Grúpa CIÉ ag tabhairt tacaíocht don chreat ón Tascfhórsa agus tá an tuairisciú a bhaineann leis an aeráid á ailíniú leis na ceithre réimse théamacha a leagtar amach sna moltaí.

Rialachas

Tá maoirseacht ar leibhéal an Bhoird ag Grúpa CIÉ ar shaincheisteanna a bhaineann leis an aeráid san eagraíocht. Le linn 2021, chuir Grúpa CIÉ athruithe i bhfeidhm ar a struchtúr rialachais lena chinntiú go ndéanfaí maoirseacht agus urraíocht ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta ar gach leibhéal. Bhunaigh Bord CIÉ an Grúpa Comhairleach Inbhuanaitheachta agus an Grúpa Stiúrtha Inbhuanaitheachta mar ghrúpaí oibre traschuideachta a bhfuil freagracht orthu as maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an straitéis inbhuanaitheachta.



Straitéis agus Anailís ar Chásanna

D'eisigh Grúpa CIÉ a chéad **straitéis inbhuanaitheachta** in 2020, straitéis atá bunaithe ar phrionsabail na SFINna agus lena gcuimsítear trí ghné na forbartha inbhuanaithe: an ghné eacnamaíoch, an ghné shóisialta agus an ghné chomhshaoil. Leis na Trí Cholún Inbhuanaitheachta atá ag Grúpa CIÉ, féachtar chuige go bhfuil cur chuige comhtháite á ghlacadh i leith na hinbhuanaitheachta.

Cuid mhór de chreat an Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a bhaineann le Cúrsaí Aeráide is ea anailís ar chásanna, arb é atá ann an próiseas chun teagmhais nó cásanna féideartha a d'fhéadfadh tarlú amach anseo a scrúdú agus a mheas agus na torthaí féideartha éagsúla a thuar. Trí na moltaí ón Tascfhórsa a ghlacadh chun anailís phleanála ar chásanna a dhéanamh, is féidir linn tástáil struis a dhéanamh ar an straitéis atá againn agus ar rioscaí agus deiseanna i leith

an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an téamh domhanda agus an aistrithe go geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de. Déanfaidh Grúpa CIÉ measúnú ar straitéis agus oibríochtaí an Ghrúpa ag baint úsáid as anailís ar chásanna aeráide in 2022 mar chuid den tuairisciú a dhéanfaidh an Tascfhórsa. Leis an anailís ar chásanna, cuirfear bonn eolais faoin straitéis an Ghrúpa i dtaobh rioscaí agus deiseanna i leith na haeráide agus i leith na hinbhuanaitheachta.

Bainistíocht Rioscaí

I measc na rioscaí inbhuanaitheachta atá roimh Ghrúpa CIÉ tá rioscaí comhshaoil, rioscaí sóisialta agus rioscaí rialachais, agus tá rioscaí fisiciúla agus rioscaí aistrithe araon ag gabháil leis an athrú aeráide. Ní mór d'eagraíochtaí féachaint chuige go mbeidh teacht aniar iontu i leith tionchar fisiciúil an athraithe aeráide (leibhéal na farraige a bheith ag ardú, mar shampla, agus stoirmeacha a bheith ag tarlú níos minice) chomh maith le beartas aeráide a fhorbairt faoinar gá teicneolaíochtaí ísealcharbóin a ghlacadh go tapa. Is féidir rioscaí a mhaolú trí chur chuige inbhuanaithe ar fud na heagraíochta lena mbítear ag breathnú chun cinn.


Ní hamháin go bhfuil rioscaí tráchtála ag gabháil le baint amach spriocanna aeráide ach tá deiseanna le tapú freisin in earnálacha atá ag teacht chun cinn. Trí leas a bhaint as na láidreachtaí sin cinntítear freagrúlacht straitéiseach i dtimpeallacht dhinimiciúil ardriosca. Tá raon deiseanna straitéiseacha féideartha sainaitheanta ag Grúpa CIÉ a eascraíonn as straitéisí oiriúnaithe don athrú aeráide agus straitéisí maolaithe ina leith.

Beidh an anailís cásanna atá beartaithe a dhéanamh in 2022 ina ionchur i gcomhair an chláir rioscaí agus na bainistíochta deiseanna do Ghrúpa CIÉ. Déanfar torthaí na hanailíse sin a phlé agus a bhainistiú leis an bhfoireann riosca agus leis na Cuideachtaí Oibríochta, agus déanfar rioscaí agus deiseanna an Ghrúpa a thabhairt cothrom le dáta agus a bhainistiú dá réir. Tá tuilleadh sonraí ar mheasúnú Ghrúpa CIÉ ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid ar fáil in **Athbhreithniú Bliantúil Inbhuanaitheachta CIÉ 2021**.

Méadracht agus spriocanna

Tomhaiseann Cuideachtaí Oibríochta Ghrúpa CIÉ raon príomhtháscairí feidhmíochta chun rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo ár spriocanna inbhuanaitheachta agus ár n-uaimhianta a bhaint amach. Roinntear na príomhtháscairí feidhmíochta sin ina ndeighleoga eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil, lena léirítear an straitéis trí cholún atá againn. Tuairiscítear príomhtháscairí feidhmiúcháin roghnaithe i leith gach Cuideachta Oibríche ar na leathanaigh seo a leanas, agus tuairiscítear raon iomlán na bpríomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann le hinbhuanaitheacht in **Athbhreithniú Bliantúil Inbhuanaitheachta CIÉ 2021**.

Iarnród Éireann:



* Lena gcuimsítear astaíochtaí CO₂ faoi Scóip 1 agus Scóip 2 arna ríomh i gcoinne bhonnlíne na bliana 2018. Roimhe seo bhíodh laghduithe CO₂ a bhain Iarnród Éireann amach á ríomh i gcoinne bhonnlíne na bliana 2006. Sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, leagtar síos gurb í 2018 an bhliain bhonnlíne i leith laghduithe ar astaíochtaí na tíre, agus mar sin tugadh cothrom le dáta laghduithe CO₂ a bhain Iarnród Éireann amach chun léargas a thabhairt ar an dul chun cinn i gcoinne na bliana bonnlíne nua sin.

** Figiúr éifeachtúlachta fuinnimh arna fhíorú ag SEAI i leith 2020, arna ríomh i gcoinne na bliana bonnlíne 2006. Beidh na figiúirí éifeachtúlachta fuinnimh arna bhfóru ag SEAI i leith na bliana 2021 ar fáil don phobal i Ráithe 2 2022 ar shuíomh gréasáin [Faireachán agus Tuairiscithe SEAI](#).

Iarnród Éireann – Cúrsaí Inbhuanaitheachta in 2021

Sheol Iarnród Éireann a straitéis “SustainabilityE” in 2021, ina leagtar amach an treochlár atá aige chun iarnród níos inbhuanaithe a bhaint amach ar fud trí cholún: ceann eacnamaíoch, ceann sóisialta agus ceann comhshaoil.

Aistriú chuig flít ísealcharbóin



Tá Iarnród Éireann, le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, ag cur i bhfeidhm DART+, clár infheistíochta deich mbliana faoina soláthrófar seirbhís iarnróid inbhuanaithe, leictirthe, iontaofa agus a chuirfidh go mór leis an líon paisinéirí is féidir a iompar ar na línte iarnróid a fhreastalaíonn ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. A bhuí le DART+, d’fhéadfadh flít iomlán Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus suas le 80% de na haistir iarnróid throma go léir in Éirinn a bheith saor ó astaíochtaí.

In 2021, chuir Iarnród Éireann isteach ordú i gcomhair 95 carráiste traenach faoi thiomáint leictreachais le cur lena fhlí. Beidh na carráistí ag teacht chugainn ó lár 2024 ar aghaidh agus cuirfead i mbun seirbhíse iad in 2025. Tá sé i gceist suas le 750 carráiste DART san iomlán a ordú thar thréimhse 10 mbliana. Tá na carráistí leictreacha á gcistiú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, agus laghdófar astaíochtaí carbóin agus truailléan dá bharr agus beidh an taisteal iarnróid níos inbhuanaithe.

Cuireadh tús le Trialacha ar Thiomántán Hibrideach ar charranna iarnróid Intercity in 2021 agus táthar chun tús a chur in 2022 le trialacha ar na carranna iarnróid agus iad i mbun seirbhíse. Cuirfead i bhfeidhm an tionscadal de réir a chéile thar 8-10 mbliana agus seachnófar 18,000 tonna astaíochtaí carbóin dá bharr gach bliain, chomh maith le truaillíú aeir agus truaillíú ó thorann a laghdú.

In 2021, chuir Iarnród Éireann tús leis an bpróiseas chun triail a bhaint as cumasc bithbhreosla a úsáid lena chinntiú go mbeadh sé oiriúnach do na hinnill traenach. Chomh maith leis sin, tosaíodh ag úsáid Envirox, breiseán breosla, chun an éifeacht ar ídiú breosla a thástáil. Sna torthaí tosaigh ón triail ar Envirox, baineadh amach laghdú thart ar 6% i leith úsáid breosla.

An Geilleagar Ciorclach



Agus é ag féachaint leis an ngeilleagar ciorclach a chur chun cinn, chuir Iarnród Éireann roinnt treoirthionscadal ar bun in 2021 chun triail a bhaint as straitéisí i dtaobh dramhaíl a laghdú. Baineadh amach laghdú 91% ar úsáid phlaisteach mar thoradh ar tháirgí glantacháin a bheith i mbuidéil agus saicíní in-athúsáidte in ionad gnáthbhuidéal agus laghdaíodh an baol doirte dá bharr sin freisin. Baineadh triail as ticéid pháipéir a úsáid in ionad ticéid lannaithe phlaisteacha agus ba é an toradh a bhí air sin gur seachnaíodh 420kg lannán plaisteach agus 5,319kg CO2 in aghaidh na bliana, gan aon fhadhbanna feidhmíochta a bheith i gceist.

Ina theannta sin, bhain Iarnród Éireann amach laghdú 100% i dtaobh dramhaíl pháipéir de bharr digitiú a dhéanamh ar dhoiciméid a bhaineann leis an mbonneagar, le cothabháil feithiclí agus le cúrsaí bainistíochta athnuachana. Cuireadh scagbhruíteoir i bhfeidhm in Ionad Oibre Inse Chór chun an méid dramhaíola guaisí a laghdú de 85% agus táthar ag obair chun athchúrsáil a dhéanamh ar thrasnáin choíncreíte agus ar bhallasta.

San athchóiriú a rinneadh le déanaí ar Cheanncheathrú Stáisiún Uí Chonghaile, thionscain Iarnród Éireann prionsabail um sholáthar glas agus d'fhéach sé chuige go raibh an troscán oifige ar fad a úsáideadh lán-in-athchúrsáilte, ag cloí leis an bprionsabal go maireann acmhainní go brách.

Trína thionscnaimh rannpháirtíochta pobail, tá comhpháirtíochtaí bunaithe ag Iarnród Éireann le grúpaí áitiúla ar nós Lárionad Acmhainní SMILE a dhéanann dramhaíl phacáistíochta agus dramhaíl ghlan eile a athúsáid chun cuspóir nua i dtionscadaíl tógála do scoileanna agus eagraíochtaí áitiúla.

PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA IARNRÓD ÉIREANN:

Colún a hAon: An Ghné Gheilleagrach

Luach Eacnamaíoch a Ghiniúint					
Daoine a Nascadh	2021	2020	2019	2018	2017
Aistir paisinéirí (milliúin)	17.4	17.9	50.2	47.9	45.5
Aistir paisinéirí (méadú mar %)	-2.80%	-64.20%	5.10%	5.30%	6.30%

Colún a Dó: An Ghné Shóisialta

Cathracha agus pobail inbhuanaithe					
Rannpháirtíocht sa Phobal	2021	2020	2019	2018	2017
Eagraíochtaí/tairbhíthe comhpháirtíochta a rabhtas rannphárteach ar bhonn díreach leo	51	33	12	-	-

Inrochtaineacht



Déanann Iarnród Éireann a dhícheall cabhrú le gach custaiméir faoi mhíchumas taisteal ar na seirbhísí iarnróid. Táthar ag baint triail as líontóirí bearna agus cnapáin ardáin ag stáisiúin roghnaithe sa chaoi is go mbeidh rochtain níos éasca ag paisinéirí orthu. Tugadh i gcrích an t-athchóiriú ar leithreas poiblí Stáisiún Uí Chonghaile in 2021 agus áirítear leis saoráid nua *Changing Places* do dhaoine fásta atá faoi mhíchumas. Tá uasghrádú ar leithreas poiblí Stáisiún Heuston ar siúl agus síneadh á chur leis, agus is fearr an rochtain a bheidh air dá bharr sin.

Sláinte agus Folláine



Tar éis iniúchadh inmheánach ar shláinte na bhfostaithe in 2021, chuir Iarnród Éireann ar bun roinnt tionscnamh sláinte agus clár um chosc galar lena n-áirítear clár *Life Fit* 12 sheachtain ar líne do shealoibrithe. Cuirfidh Iarnród Éireann chun feidhme tionscnaimh bhreise maidir le sláinte fostaithe le linn 2022.


Folláine, Comhionannas Inscne agus Ionchuimsitheacht inár bhFórsa Saothair					
Infheistiú inár bhfostaithe	2021	2020	2019	2018	2017
Líon na bhFostaithe	4,231	4,135	4,009	3,831	3,761
Sábháilteacht	2021				
Líon na dtimpistí ar chaill fostaithe am dá mbarr – intuairiscithe	43	35	55	47	53
Comhionannas inscne	2021				
Mná i measc na bhfostaithe (%)	11%	11%	11%	10%	10%
Mná i róil ardbhainistíochta (%)	17%	19%	20%	18%	17%
Comhaltaí boird ar mná iad (%)	57%	57%	57%	50%	40%

Colún a Trí: Cúrsaí Comhshaoil

Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Caighdeán an Aeir					
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa	2021	2020	2019	2018	2017
Scóip 1 – Astaíochtaí iompair (míle tCO ₂ e)	108.8	93.01	115.7	118	113.7
Scóip 1 – Teirmeach (Gás) (míle tCO ₂ e)	1.6	1.74	1.7	1.7	1.5
Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas arna cheannach (míle tCO ₂ e)	16.3	17.4	25.1	24.7	28
Scóip 3 – Astaíochtaí indíreacha eile (míle tCO ₂ e)	-	-	-	-	-
Iomlán na n-astaíochtaí (míle tCO ₂ e)	126.7	112.23	142.64	144.4	143.2
tCO ₂ e/’000 km a chlúdaíonn traein	7.99	7.61	8.17	8.85	8.86
Éifeachtúlacht Fuinnimh	2021				
Tomhaltas Fuinnimh iomlán na dTraenacha MWh	441,315	375,233	460,113	445,500	438,600
Úsáid díosail bóthair (MWh)	14,644	14,644	14,676	15,005	15,527
Leictreachas le haghaidh feithiclí a tharraingt (MWh)	23,453	23,235	27,695	26,222	25,240
Leictreachas le haghaidh sócmhainní seasta (MWh)	31,805	35,804	35,791	37,031	36,816
Leictreachas iomlán (MWh)	55,258	59,039	63,486	63,253	62,056
Úsáid gáis (MWh)	9,277	9,979	9,278	9,032	8,600
Ídiú Fuinnimh Iomlán (MWh)	520,494	458,895	547,553	532,790	524,783
Sciartha an Fhlít	2021				
Carranna iarnróid a bhfuil inneall hibrideach iontu (%)	6	4	0	0	0
Carranna iarnróid atá faoi thiomáint leictreachais amháin (%). (Carranna DART mar % de na carranna/carráistí iomlána)	24%	24%	24%	24%	24%

Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach					
Bainistíocht dramhaíola	2021	2020	2019	2018	2017
Dramhaíl iomlán a gineadh (tonaí)	2,433	2,644	3,079	3,246	3,216
Dramhaíl iomlán a gineadh (méadú/laghdú mar %)	-8%	-14%	-5%	1%	-
Dramhaíl a rinneadh a athchúrsáil/a aisghabháil (% den dramhaíl a bailíodh le hathchúrsáil)	50%	48%	53%	54%	58%
Líon na dtionscadal uaschúrsála dramhaíola a tugadh chun críche le grúpaí pobail	0	0	5	2	0

Bus Éireann:



* Lena gcuimsítear astaíochtaí CO₂ faoi Scóip 1 agus Scóip 2 arna ríomh i gcoinne bhonnlíne na bliana 2018. Roimhe seo bhíodh laghduithe CO₂ a bhain Bus Éireann amach á ríomh i gcoinne bhonnlíne na bliana 2009. Sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, leagtar síos gurb í 2018 an bhliain bhonnlíne i leith laghduithe ar astaíochtaí na tíre, agus mar sin tugadh cothrom le dáta laghduithe CO₂ a bhain Bus Éireann amach chun léargas a thabhairt ar an dul chun cinn i gcoinne na bliana bonnlíne nua sin.

** Figiúr éifeachtúlachta fuinnimh arna fhíorú ag an SEAI i leith 2020 arna ríomh i gcoinne na bliana bonnlíne 2009. Beidh na figiúirí éifeachtúlachta fuinnimh arna bhfíorú ag SEAI i leith na bliana 2021 ar fáil don phobal i Ráithe 2 2022 ar shuíomh gréasáin Faireachán agus Tuairiscithe SEAI.

Bus Éireann – Cúrsaí Inbhuanaitheachta in 2021

D'fhoilsigh Bus Éireann straitéis inbhuanaitheachta “Driving Change” i mí na Bealtaine 2021, inar leagadh síos spriocanna foirmiúla i ndáil leis an aeráid, dramhaíl, pobal, oideachas agus le hobair shábháilte. Trí “Driving Change”, tá sé ina aidhm ag Bus Éireann feithiclí leictreacha agus feithiclí hidrigine a chur in ionad leath a fhlíit faoi 2030 agus tionscnaimh a chur chun feidhme maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, maidir le laghdú dramhaíola agus athchúrsáil agus maidir le soláthar inbhuanaithe.

Aistriú chuig flít feithiclí astaíochtaí ísle



Cuireadh trí bhus FCEV hidrigine dhá stór i mbun seirbhíse i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath i mí Iúil 2021 faoi threochlár um theicneolaíocht breoslaí malartacha atá ar bun ag an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhar le Bus Éireann. Cé gur maith mar a oireann busanna leictreacha a bhfuil cadhnraí iontu do sheirbhísí bus i gceantair uirbeacha, ar sheirbhísí fada comaitéireachta

agus cinn idir-uirbeacha, d'fhéadfadh sé gurb é teicneolaíocht na mbreosla-cheall hidrigine an rogha is fearr in ionad díosail ionas nach mbeidh astaíochtaí ar bith ann ón sceithphíopa.

Chuir Bus Éireann 61 bus hibrideach lena fhlíit feithiclí i mbliana le cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair agus cuireadh an chuideachta ar an ngearrliosta i gcomhair Ghradam Inbhuanaitheachta Chomhlachas Tráchtála na Gaillimhe ar son an fhlíit lánhibridigh atá acu i gCathair na Gaillimhe.

Chun tacú leis an athrú chuig feithiclí leictreacha atá beartaithe i bhflít carranna agus busanna Bhus Éireann, suiteáladh 22 luchtair leictreach ag láithreacha de chuid Bhus Éireann in 2021. I mBaile Átha Luain, tá an chéad fhlíit busanna lánleictreacha á ullmhú i gcomhair 2022, agus tá 11 bhus leictreach agus 8-10 luchtair le suiteáil ansin. Déanfar athfhorbairt freisin ar losta Bhus Éireann i mBaile an Róistigh i Luimneach chun freastal ar an athrú atá beartaithe ar fhlíit busanna Luimnigh go feithiclí leictreacha.

Chlúdaigh Bus Éireann 150,000 ciliméadar saor ó astaíochtaí in 2021 agus táthar ag súil le 300,000 ciliméadar saor ó astaíochtaí a chlúdach in 2022 trí chur leis an bhflít feithiclí astaíochtaí ísle agus feithiclí saor ó astaíochtaí.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Chuir Bus Éireann chun feidhme os cionn 20 tionscadal aonair éifeachtúlachta fuinnimh ar fud a láithreacha, agus uasghrádú ar shoilsiú agus ar chreatlaí foirgnimh ina measc. Go háirithe, faoin tionscadal soilsithe LED san Iosta Bus i dTobar an Chaipín i gCathair Chorcaí cuireadh bolgáin solais LED atá tíosach ar fhuinneamh in ionad na mbolgán go léir, lenar baineadh amach laghdú 51% i dtaobh ídiú fuinnimh agus laghdú measta bliantúil 83 tona ar astaíochtaí CO₂, céim mhór chun cinn i dtreo bhaint amach na spriocanna atá ag Bus Éireann maidir le laghdú carbóin.

An Geilleagar Ciorclach



Rinneadh plean bainistíochta dramhaíola Bhus Éireann a fhorghníomhú i mí Aibreáin 2021. Mar chuid den iarracht feabhas a chur ar rátaí athchúrsála, forbróidh comhpháirtí bainistíochta dramhaíola Bhus Éireann straitéis chun leibhéil athchúrsála a mhéadú in 2022/2023 agus tá sé beartaithe araid athchúrsála a chur in ionad 20% de na haraid dramhaíola ginearálta in 2022.

Bunaíodh Siopa Troscáin i gCeanncheathrú na Cloiche Leithne, inar féidir troscán oifige úsáidte a bhailiú le haghaidh athúsáide nó a chur chuig láithreacha eile seachas é a chur chuig láithreán líonta talún.

Déantar comhpháirteanna breise agus pacáistíocht chairtchláir a athúsáid go forleathan ar fud na heagraíochta.

In 2021, dhámh Bus Éireann a gconradh éide nua ar sholáthraí a úsáideann poileistear atá déanta as buidéal phlaisteacha athchúrsáilte. Le gach éide a dhéantar, seachnaítear 20 buidéal plaisteach a chur chuig láithreán líonta talún.

Le haistriú Bhus Éireann i dtreo an uathoibríthe agus an digitithe ar fud a gcuid oibríochtaí garáiste, baineadh amach laghdú 8% ar chostas páipéir agus clódóireachta.

Príomhtháscairí Feidhmíochta Bhus Éireann:

Colún a hAon: An Ghné Gheilleagrach:

Luach Eacnamaíoch a Ghiniúint					
Daoine a Nascadh	2021	2020	2019	2018	2017
Aistir paisinéirí (milliúin)	55.3	51	89	84	79
Aistir paisinéirí (méadú/laghdú mar %)	8.4	-42%	7%	6%	-2%
Sástacht na gcustaiméirí (scór ar bhonn díriú ar phaisinéirí) (%)	86%	87%	84%	89%	92%
Líon na mbusanna atá ar an mbóthar	1,178	1,047	1,138	1,148	1,171

Rannpháirtíocht sa Phobal



Díríonn Bus Éireann go tréan ar rannpháirtíocht sa phobal agus chuaigh sé i gcomhpháirtíocht le 14 eagraíocht phobail agus carthanacht i rith na bliana. Faoi bhabhta comhair le Bailte Slachtmhara Bhaile Phíob, suiteáladh gairdín bithéagsúlachta pobail in iosta na Cloiche Leithne. Thacaigh Bus Éireann freisin le tionscnamh i gcomhar leis an ngrúpa GROW, a thacaíonn leis an Meabhairshláinte, ar fud stáisiún éagsúla in 2021.

Sláinte agus Folláine



Tugann Bus Éireann tosaíocht do shláinte agus folláine na bhfostaithe, agus in 2021 cuireadh tionscnamh *Healthy Heart* ar bun d'fhostaithe iosta na Cloiche Leithne. Comhlánaíodh an tionscnamh sin le seoladh chlár Cothaithe agus Eitice Bia Bhus Éireann i mí na Samhna 2021 i gcomhar le Feidhmeannacht Cothaithe Sláinte Ghrúpa CIÉ agus leis an lónadóir atá i mbun cheaintín na Cloiche Leithne. Chomh maith leis sin, réachtáil Bus Éireann clár ar líne *Life Fit* do shealoibríthe thar thréimhse 12 sheachtain in 2021.

Rannpháirtíocht Fostaithe

Soláthraíodh breis is 950 uair an chloig d'oiliúint a bhain le hinbhuanaitheacht d'fhostaithe Bhus Éireann in 2021. Ba é 79% an rátáil fhoriomlán rannpháirtíochta fostaithe in 2021, méadú 6 phointe ó 2020.

Colún a Dó: An Ghné Shóisialta

Cathracha agus pobail inbhuanaithe					
Inrochtaineacht	2021	2020	2019	2018	2017
Stáisiúin/stadanna bainistithe lán-inrochtana (%)	100%	90%	75%	65%	65%
Rannpháirtíocht sa Phobal	2021	2020	2019	2018	2017
Eagraíochtaí/tairbhíthe comhpháirtíochta a rabhthas rannpháirteach ar bhonn díreach leo	15	22	13	12	10
Líon na scoláirí a iompraítear faoin Scéim Iompair Scoile in aghaidh an lae scoile	122,000	114,000	120,800	117,800	115,500
Líon na scoláirí a iompraítear in aghaidh an lae scoile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu	16,000	14,500	14,300	13,400	11,700


Folláine, Comhionannas Inscne agus Ionchuimsitheacht inár bhFórsa Saothair					
Infheistiú inár bhfostaithe	2021	2020	2019	2018	2017
Líon na bhFostaithe	2,792	2,735	2,727	2,562	2,446
Sábháilteacht	2021				
Ráta timpistí in aghaidh gach 100 fostaí	0.83	1.03	1.32	1.76	2.04
Comhionannas inscne	2021				
Mná i measc na bhfostaithe (%)	10%	10%	9%	9%	9%
Mná i róil ardbhainistíochta (%)	35%	38%	38%	25%	25%
Comhaltaí boird ar mná iad (%)	29%	29%	29%	29%	29%
Éagsúlacht	2021				
Fostaithe nach Éireannaigh iad (%)	14%	13%	13%	15%	14%

Colún a Trí: An Ghné Chomhshaoil

Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Caighdeán an Aeir					
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa	2021	2020	2019	2018	2017
Scóip 1 – Astaíochtaí díreacha (míle tCO ₂ e)	71.21	71.48	76.54	73.01	67.94
Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas arna cheannach (míle tCO ₂ e)	1.37	1.4	1.72	1.97	2.21
Scóip 3 – Astaíochtaí indíreacha eile (míle tCO ₂ e)	-	-	-	-	-
Iomlán na n-astaíochtaí (míle tCO ₂ e)	72.51	72.98	78.58	74.98	70.15
Éifeachtúlacht Fuinnimh	2021				
Úsáid díosail (míle lítear díosail)	25,993	25,908	30,226	28,491	26,605
Úsáid díosail (MWh) (1 lítear díosail = 10.165 kWh)	264,320	262,457	305,572	288,370	269,192
Leictreachas iomlán (MWh)	4,543	4,761	5,073	5,235	5,040
Úsáid gáis (MWh)	5,683	5,856	7,196	6,101	4,263
Ídiú Fuinnimh Iomlán (MWh)	275,724	273,074	317,841	299,706	278,495
Sciарtha an Fhlít	2021				
Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro VI (%)	63%	55%	53%	43.00%	34%
Busanna ina bhfuil inneall hibrideach/breosla-chille (%)	9%	0	0	0	0
Busanna atá faoi thiomáint leictreachais amháin (%)	0	0	0	0	0
Meánaois an fhlít busanna (blianta)	9	10.7	10.7	n/a	n/a

Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach					
Bainistíocht dramhaíola	2021	2020	2019	2018	2017
Dramhaíl iomlán a gineadh (méadú/laghdú mar %)	-8.7%	-14.7%	+1%	+2%	-1%
Dramhaíl a rinneadh a athchúrsáil/a aisghabháil (% den dramhaíl a bailíodh le hathchúrsáil)	15%	26.61%	16%	14%	13%

Bus Átha Cliath



* Lena gcuimsítear astaíochtaí CO₂ faoi Scóip 1 agus Scóip 2 arna ríomh i gcoinne bhonnlíne na bliana 2018. Roimhe seo bhíodh laghduithe CO₂ a bhain Bus Átha Cliath amach á ríomh i gcoinne bhonnlíne na bliana 2008. Sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, leagtar síos gurb í 2018 an bhliain bhonnlíne i leith laghduithe ar astaíochtaí na tíre, agus mar sin tugadh cothrom le dáta laghduithe CO₂ a bhain Bus Átha Cliath amach chun léargas a thabhairt ar an dul chun cinn i gcoinne na bliana bonnlíne nua sin.

** Figiúr éifeachtúlachta fuinnimh arna fhíorú ag SEAI i leith 2020, arna ríomh i gcoinne na bliana bonnlíne 2006. Beidh na figiúirí éifeachtúlachta fuinnimh arna bhfíorú ag SEAI i leith 2021 ar fáil i Ráithe 2 2022 ar shuíomh gréasáin Faireachán agus Tuairiscithe SEAI.

Bus Átha Cliath – Cúrsaí Inbhuanaitheachta in 2021

Sheol Bus Átha Cliath an straitéis chomhshaoil agus inbhuanaitheachta “Driving Change: Our Journey to Zero” in 2021, agus leagtar amach inti uailmhian shoiléir dá spriocanna comhshaoil agus an sprioc maidir le bheith ina oibreoir saor ó astaíochtaí faoi 2050. Áirítear ar na spriocanna agus na cuspóirí treorach:

- An chéad bhealach lánleictreach a fhorbairt faoi 2024
- Iostaí bus a lánleictriú faoi 2028
- An lorg carbóin a laghdú 50% faoi 2030

Tá cuspóir breise leagtha amach ag an Údarás Náisiúnta Iompair maidir leis an bhflíit busanna uirbeacha a bheith lánleictirithe faoi 2035.

Tá Straitéis Timpeallachta, Sóisialta agus Rialachais á forbairt ag Bus Átha Cliath agus tá sé beartaithe í a chur chun feidhme in 2022. Cabhróidh an straitéis le cur chuige níos leithne agus bonn eolais a thabhairt maidir leis an inbhuanaitheacht sa chuideachta.

Aistriú chuig flíit feithiclí ísealcharbóin



In 2021, fuair Bus Átha Cliath an chéad seachadadh busanna leictreacha hibrideacha inluchtaithe dhá stór – 74 acu – agus cuireadh 98 bus eile dá leithéid ar an mbóthar ag deireadh na bliana sin. Gineann na busanna sin 30% níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa ná gnáthbhusanna díosail.

Chun tacú leis an aistriú chuig feithiclí hibrideacha agus feithiclí leictreacha, tá Bus Átha Cliath ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus ESB Networks chun bonneagar luchtaithe d’fheithiclí leictreacha a shuiteáil i roinnt iostaí.

An Geilleagar Ciorclach



Tá raon beart laghdaithe dramhaíola agus athchúrsála glactha ag Bus Átha Cliath chun cabhrú leis an ngeilleagar ciorclach. Cuireadh i bhfeidhm cosc ar phlaistigh aonúsáide ar fud na cuideachta agus anois athchúrsáiltear formhór na dramhaíola i ngach iosta bus.

Tugadh cothrom le dáta beartas soláthair inbhuanaithe Bhus Átha Cliath chun teacht leis na SFINna agus le treoirlínte an Ghrúpa maidir le soláthar poiblí glas.

Teicneolaíocht Foirgníochta Ghlas



Tá treoirthionscadal chun uisce báistí a bhailiú á fhorbairt ag Bus Átha Cliath ag Garáiste Chnoc an tSamhraidh chun uisce a fhoinsiú ar shlí inbhuanaithe chun busanna a ní. In 2022, tá pleananna ann i dtaobh an treoirthionscadal sin a sheoladh chomh maith le measúnú a dhéanamh ar iostaí busanna eile féachaint an bhféadfaí scéimeanna bailithe uisce a chur i bhfeidhm iontu sin freisin.

Tá Bus Átha Cliath tar éis córas grianphainéal a bhainfidh amach buaicleibhéal giniúna 51 cileavata a fheistiú ar dhíon iosta Bhaile Phib, agus meastar go nginfidh sé thart ar 8% den leictreachas a úsáidtear sa suíomh sin in aghaidh na bliana. Tá 144 painéal, a chlúdaíonn 200m², curtha in airde ar an taobh theas den díon. Faoin treoirthionscadal sin, féachfar an bhféadfaí córais fhótavoltacha ghréine a shuiteáil i dtuilleadh áiteanna.

Bhain Bus Átha Cliath deimhniú Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 amach in 2020, lena soláthraítear creat chun dea-chleachtas bainistíochta fuinnimh a bhunú d'fhonn cabhrú le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Tá an cuideachta ag obair chun deimhniú Bainistíochta Comhshaoil ISO 14001 a bhaint amach in 2022.

In iosta na Cloiche Leithne, tá infheistiú sa bhithéagsúlacht beartaithe ag Bus Átha Cliath in 2022, lena n-áireofar móinéir bláthanna fiáine a chur agus cothaitheoirí éan a chur in airde.

Rannpháirtíocht sa Phobal



Tá Bus Átha Cliath meáite ar dhea-thionchar sóisialta a bheith aige ar na pobail ar cúis bhróid aige é freastal orthu. Tá an méid sin le feiceáil sa Tionscnamh Meoin Pobail atá ar bun aige, a bhfuil sé ina aidhm leis feabhas a chur ar shaol na ndaoine sna pobail ina bhfeidhmíonn a gcuid seirbhísí, agus tacú leo.

Fógraíodh buaiteoirí Ghradaim Meoin Pobail Bhus Átha Cliath 2020 i mí na Bealtaine 2021. Bronnadh deontas €1,000, €2,000, nó €5,000 ar 65 grúpa pobail agus grúpa deonach a bhíonn ag feidhmiú i gceantar na hArdchathrach agus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Leis na gradaim sin, bíonn airgead a bhfuil géarghá leis ar fáil do ghrúpaí ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag tairiscint seirbhísí rithábhachtacha agus meon pobail a chothú.

Bród agus GCN – Thug Bus Átha Cliath faoi chomhpháirtíocht nua rannpháirtíochta pobail le *Gay Community News* (GCN) le haghaidh na féile Bród 2021, mar chuid dá dtacaíocht leanúnach don phobal LADTI+ agus d'fhostaithe LADTI+. Is é GCN an t-aon fhoilseachán náisiúnta atá dírithe ar an bpobal LADTI+ in Éirinn. Is seirbhís faisnéise rithábhachtach, saor in aisce é don phobal LADTI+ na hÉireann ó 1988 i leith.

An Oíche Chultúir – is cúis bhróid ag Bus Átha Cliath é tacú le tionscnaimh agus imeachtaí cultúir ar fud na cathrach. I mí Mheán Fómhair 2021, chuir Bus Átha Cliath busanna don Oíche Chultúir ar fáil saor in aisce ar thrí bhealach bus oiriúnaithe, mar chuid dá ról mar chomhpháirtí iompair oifigiúil na hócáide.

Tá Bus Átha Cliath ina bhall de *Business in the Community Ireland* (BITCI), grúpa cuideachtaí atá ag iarraidh inbhuanaitheacht a chothú in earnáil an ghnó. Tá athbhreithniú á dhéanamh acu faoi láthair ar thionscnaimh rannpháirtíochta pobail de chuid Bhus Átha Cliath, agus tabharfar chun críche é in 2022.

Comhionannas Inscne agus Comhdheiseanna



Léiríonn Beartas Éagsúlachta agus Cuimsithe Bhús Átha Cliath tiomantas leanúnach na cuideachta do chomhionannas, éagsúlacht agus neamh-idirdhealú d'fhostaithe, do chustaiméirí agus don phobal i gcoitinne.

Tá Bus Átha Cliath i measc na gcuideachtaí Éireannacha a bhunaigh agus a shínigh “Cairt Éagsúlachta na hÉireann” agus bhain sé amach an Gradam Cré-umha d'Infheisteoirí san Éagsúlacht in 2021.

Sláinte agus Folláine



Tá straitéis Sláinte agus Folláine á forbairt ag Bus Átha Cliath. Is é aidhm fhoriomlán na straitéise cúrsaí sláinte a chur ar a súile d'fhostaithe Bhus Átha Cliath agus a chur ar a gcumas a sláinte a rialú agus a fheabhsú.

Tá suíomh gréasáin idirghníomhach folláine ag Bus Átha Cliath, *DBWellbeing*, chun tacaíocht, oideachas agus faisnéis a sholáthar dár bhfostaithe ar ábhair éagsúla chun tacú lena sláinte agus lena bhfolláine fhoriomlán.

Bus Átha Cliath Key Performance Indicators:

Colún a hAon: An Ghné Gheilleagrach

Luach Eacnamaíoch a Ghiniúint					
Daoine a Nascadh	2021	2020	2019	2018	2017
Aistir paisinéirí (milliúin)	69.95	69	142	143	139
Aistir paisinéirí (méadú mar %)	0.74%	-51%	5%	2.90%	8.10%
Líon na gciliméadar a thaistil paisinéirí (milliúin)	559	555	1,147	979	1,115
Sástacht na gcustaiméirí (scór ar bhonn díriú ar phaisinéirí) (%)	-	-	74%	78%	82%
Líon na mbusanna atá ar an mbóthar	1,034	994	1,016	1,010	1,016

Colún a Dó: An Ghné Shóisialta

Cathracha agus pobail inbhuanaithe					
Rannpháirtíocht sa Phobal	2021	2020	2019	2018	2017
Líon na nGrúpaí ar bronnadh deontais 'Meon Pobail' orthu	65	-	88	85	85
Líon na gCruinnithe a tionóladh le Geallsealbhoirí Pobail	-	-	27	23	18
Inrochtaineacht	2021				
Stáisiúin/stadanna lán-inrochtana (%)	100%	100%	100%	100%	100%

Folláine, Comhionannas Inscne agus Ionchuimsitheacht inár bhFórsa Saothair

Infheistiú inár bhfostaithe	2021	2020	2019	2018	2017
Líon na bhFostaithe	3,680	3,573	3,552	3,432	3,469
Comhionannas inscne	2021				
Mná i measc na bhfostaithe (%)	7.6%	7%	7%	7%	7%
Mná i róil ardbhainistíochta (%)	22%	22%	22%	22%	22%
Comhaltaí boird ar mná iad (%)	50%	44%	44%	44%	44%
Éagsúlacht	2021				
Fostaithe nach Éireannaigh iad (%)	21%	21%	19%	19%	19%

Colún a Trí: Cúrsaí Comhshaoil

Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Caighdeán an Aeir					
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa	2021	2020	2019	2018	2017
Scóip 1 – Astaíochtaí díreacha (míle tCO ₂ e)	61.38	62.3	66.9	72.3	73.6
Scóip 2 – Astaíochtaí indíreacha ó leictreachas arna cheannach (míle tCO ₂ e)	1.1	1.1	1.3	1.4	1.7
Scóip 3 – Astaíochtaí indíreacha eile (míle tCO ₂ e)	0.0365	0.0389	0.137	0.082	0.065
Iomlán na n-astaíochtaí (míle tCO ₂ e)	62.54	63.44	68.34	73.78	75.37
Éifeachtúlacht Fuinnimh	2021				
Úsáid díosail (míle lítear)	22,148	22,439	25,029	26,759	27,605
Úsáid díosail (MWh)	225,134	228,092	254,420	272,005	280,605
Leictreachas iomlán (MWh)	4,401	4,422	4,576	4,462	4,521
Úsáid gáis (MWh)	9,189	10,019	10,785	11,111	10,084
Ídiú Fuinnimh Iomlán (MWh)	238,724	242,533	269,781	287,578	295,210
Sciарtha an Fhlít	2021				
Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro IV (%)	15%	14%	14%	14%	14%
Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro V (%)	7%	7%	15%	15%	15%
Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro VI (%)	60%	57%	56%	46%	36%
Busanna ina bhfuil inneall hibrideach (%)	15%	0.88%	0.88%	0%	0%
Busanna atá faoi thiomáint leictreachais amháin (%)	0%	0%	0%	0%	0%
Meánaois an fhlít busanna (blianta)	6.8	7	7	6	6

Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach					
Bainistíocht dramhaíola	2021	2020	2019	2018	2017
Dramhaíl iomlán a gineadh (tonaí)	733	817	821	912	708
Dramhaíl iomlán a gineadh (méadú/laghdú mar %)	-10%	-11%	-5%	15%	-11%
Dramhaíl a ndearnadh athchúrsáil/aisghabháil uirthi (tonaí)	463	563	627	658	564
Dramhaíl a rinneadh a athchúrsáil/a aisghabháil (% den dramhaíl a bailíodh le hathchúrsáil)	63%	69%	64%	72%	75%





Forbairt atá Dírithe ar Iompar

Tá CIÉ tiomanta d'fhorbairt atá dírithe ar iompar a chomhtháthú nuair is féidir é, agus é ag baint úsáid as na réadmhaoine fairsinge lárnacha atá i bpunann Ghrúpa CIÉ. Tá sé d'acmhainn againn an soláthar tithíochta, fostaíochta agus spásanna uirbeacha a bharrfheabhsú i ngar do na seirbhísí iompair ardchaighdeáin ardmhínicíochta a bhíonn riachtanach chun tacú le forbraíochtaí atá bunaithe ar iompar.



Faoinár gcuspóirí forbartha, tugtar tús áite d'fhás dlúth agus don rochtain ar mhoil soghluaisteachta a bhfuil dea-dhearadh orthu, rud a chothaíonn na dálaí le haghaidh aistriú córa iompair.

Táimid ag obair ar phlean deich mbliana maidir le tionscadail shuaithinseacha amhail Máistirphlean Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath; Máistirphlean Stáisiún Colbert i Luimneach; Cé Uí Argáin i gCorcaigh, Stáisiún Uí Chonghaile i mBaile Átha Cliath, Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh agus Stáisiún Cheannt i nGaillimh. Áirítear leis na héachtaí a rinneamar i dtaobh Réadmhaoin Straitéiseach le linn 2021 na samplaí seo a leanas.



Orlaith O'Callaghan, Stiúrthóir, O'Mahony Pike Architects, Lorcan O'Connor, Príomhfheidhmeannach, Grúpa CIÉ, Aoife Brennan, Stiúrthóir Sínearach – Taighde & Comhairliúchán, Lisney, Barry Kenny, Bainisteoir Cumarsáide Corparáidí, Iarnród Éireann agus David O'Connor, Ceann Cúnta na Scoile Comhshaoil agus Pleanála, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus Máistirphlean Heuston á sheoladh acu.

Seoladh Mháistirphlean Heuston

Seoladh Máistirphlean Heuston ag ócáid in Amharclann Scabhat i mí na Samhna 2021 agus rinne Orlaith Ryan ó OMP Architects agus Lorcan O'Connor, Príomhfheidhmeannach an Ghrúpa, cuir i láthair.

Is treoirphlean é an Máistirphlean maidir le forbairt chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar thailte ag Stáisiún Heuston, chun cuspóirí ilchineálacha, mar eiseamláir d'fhorbairt atá dírithe ar iompar.

Le tograí i gcomhair bealaí agus saoráidí breise do choisithe agus do rothaithe, feabhsófar cúrsaí inrochtaineachta, spreagfar soghluaisteacht inbhuanaithe agus spreagfar níos mó daoine chun leas a bhaint as seirbhísí iompair phoiblí – rud a chuirfidh leis an ról atá ag Heuston mar mhól le haghaidh seirbhísí éagsúla iompair phoiblí agus córacha iompair éagsúla lena gothaítear soghluaisteacht inbhuanaithe.

Tá tailte timpeall 10 heicteár a d'fhéadfaí a fhorbairt ansin, ag brath ar chuíchóiriú/athlonnú úsáidí iompair. D'fhéadfadh an stráice talún sin a bheith oiriúnach d'fhorbraíocht ilchineálach os cionn 210,000 méadar cearnach, agus breis is 1,000 aonad cónaithe san áireamh.


Déanfar tuilleadh forbartha ar na pleananna i rith 2022 agus é ina aidhm feachtas margaíocht Chéim a hAon a sheoladh agus muid ag teannadh le deireadh na bliana.

Máistirphlean Stáisiún Colbert, Luimneach

Sheol an Ghníomhaireacht Forbartha Talún Creat Spáis Cheantar Stáisiún Colbert i mí Dheireadh Fómhair 2021 i gcomhar le CIÉ, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus FSS.

Fágfaidh tionscadal Stáisiún Colbert go ndéanfar athrú ó bhonn ar mhórchéantar uirbeach a bhfuil sé i gceist é a athnuachan trí limistéir uirbeacha nua a bhunú ann. Príomhghné den athrú sin is ea tailte CIÉ ag Stáisiún Colbert agus táimid ag obair leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun eiseamláir a sholáthar d'fhorbraíocht atá dírithe ar iompar. Faoin gCreat Spáis, tá sé beartaithe ceantair uirbeacha nua a bhunú ina mbeidh suas le 2,800 teach le himeacht ama agus naisc iompair inbhuanaithe nua a bheith idir na pobail iontu.

Taobh leis an tionscadal sin, cuirfear tús in 2022 leis an obair foirgníochta chun síneadh a chur le slí dála Stáisiún Colbert chun seirbhísí Bus Éireann a chomhtháthú go hiomlán. Beidh 21 cuas bus nua ann, oifigí ticéad inrochtana nua, aonaid mhiondíola agus leithris, agus déanfar oibreacha athchóirithe ar na saoráidí atá ann cheana.



Cé Uí Argáin, Corcaigh



Tá oifigí Chéim 1 forbartha agus ligthe ar cíós anois le Apple agus Regus agus tá Óstán an Dean ar oscailt. Tugadh faoi scéim oifige Chéim 2 a thógáil in 2021. Spás oifige 29,000 méadar cearnach san iomlán atá beartaithe i gCé Uí Argáin, mar aon le forbraíocht ina mbeidh 325 aonad cónaithe.

Duga Spencer



Tá an obair foirgníochta beagnach críochnaithe ar an dara céim den fhorbraíocht ar Dhuga Spencer, ina mbeidh thart ar 40,000 méadar cearnach oifigí a ligfear ar cíós le Salesforce, Óstán Dalata ina mbeidh 200 seomra, agus beagnach 400 aonad cónaithe.

Sráid na Teamhrach



Tá oifig mhórthaibhseach á tógáil ag an Stáisiún DART i lár na cathrach, a mbeidh spás 14,000 méadar cearnach inti. Beidh rochtain níos fearr ar an stáisiún trí Shráid na Teamhrach mar chuid den scéim.

Taobhlach Bhostún



Tá an áit a mbíodh Taobhlach Bhostún tráth suite i gceantar na gcuideachtaí teicneolaíochta (Silicon Docks mar a thugtar air) i mBaile Átha Cliath. I mí na Bealtaine 2021, tosaíodh ag tógáil scéim oifigí den scoth, a chlúdódh 20,000 méadar cearnach, agus beartaítear an obair a bheith críochnaithe in 2023.

Stáisiún Uí Chonghaile



In 2021, cuireadh tús leis an obair ar an suíomh ina mbíodh carrchlós in aice le Stáisiún Uí Chonghaile tráth. Beidh sé de bhuntáiste ag an bhforbraíocht atá beartaithe go mbeidh sí gar don stáisiún, agus 59,000 méadar cearnach d'oifigí, óstán 200 leaba, agus 187 aonad cónaithe a bheidh inti. De bharr na scéime sin, beidh feabhas mór ar na naisc leis an bpobal áitiúil agus is fearr an rochtain a bheidh ag daoine ar an stáisiún agus ar sheirbhísí iarnróid.

Stáisiún Cheannt, Gaillimh, Céim 1



Ar na tailte laistean de Stáisiún Cheannt a bheidh an scéim ilchineálach atá beartaithe, “Cnoc San Agaistín”, ina mbeidh 376 aonad cónaithe agus forbraíocht mhór mhiondíola. Tá na tograí á mbreithniú ag na húdaráis phleanála faoi láthair.

Straitéis maidir le Tithíocht do Chách

Is é ‘Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d’Éirinn’ plean tithíochta an rialtais i leith na tréimhse go dtí 2030, a seoladh i Meán Fómhair 2021. Sa phlean sin, leagtar de chúram ar an nGníomhaireacht Forbartha Talún dlús a chur le soláthar tailte stáit le haghaidh tithíochta, go háirithe tithíocht inacmhainne. Luaitear go sonrach ceithre réadmhaoín atá i nGrúpa CIÉ: Stáisiún Colbert i Luimneach, Oibreacha Inse Chór, an Chloch Leathan agus Garáiste Bhóthar Conyngham.

Tá CIÉ ag obair i ndlúthpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun cabhrú le cuspóirí na straitéise a bhaint amach.

Chomh maith leis na réadmhaoine a luaitear thuas, tá smaointe curtha in iúl ag CIÉ don Ghníomhaireacht Forbartha Talún faoi dheiseanna forbartha féideartha eile, lena n-áirítear Máistirphlean Heuston, plean a bhfuil an-tacaíocht á tabhairt aici dó.

Is é straitéis CIÉ é leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh maidir le farasbarr talún a sholáthar chun críocha eile.



Cuireadh tús arís le hoibríochtaí CIÉ Tours i mí Lúnasa 2021, tar éis iad a bheith ar fionraí ar feadh 15 mhí.

Comhaltaí an Bhoird

Luaitear thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina gComhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2021. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina gComhaltaí Boird ón 1 Eanáir 2021 go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

Fiona Ross *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin*

Frank Allen

Ultan Courtney *(D'éirigh as 5 Nollaig 2021)*

James Doran* *(Ceaptha 1 Nollaig 2021)*

Brian Fitzpatrick

Denise Guinan* *(D'éirigh as 30 Samhain 2021)*

Stephen Hannan* *(Athcheaptha 1 Nollaig 2021)*

Dermot Healy* *(Ceaptha 1 Nollaig 2021)*

Aidan Murphy *(D'éirigh as 5 Nollaig 2021)*

Tom O'Connor* *(D'éirigh as 30 Samhain 2021)*

Niamh O'Regan

Liam O'Rourke

Fiona Sweeney

Tommy Wynne* *(Athcheaptha 1 Nollaig 2021)*

* *Comhalta Oibrí*

Tá dhá fholúntas faoi láthair

Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane

Stáisiún Heuston

Baile Átha Cliath 8

Teileafón + 353 1 703 2008

Coistí an Bhoird

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Liam O'Rourke *Cathaoirleach*

Brian Fitzpatrick

Niamh O'Regan

Coiste Straitéise Boird

Fiona Ross *Cathaoirleach*

Brian Fitzpatrick

Niamh O'Regan

Fiona Sweeney

Foirceannadh an Coiste seo ar 2 Meitheamh 2021.

Coiste Airgeadais agus Infheistíochta Boird CIÉ

Niamh O'Regan *Cathaoirleach*

Frank Allen

Brian Fitzpatrick

Fiona Sweeney

Tá dhá fholúntas faoi láthair.

Coiste Pinsean Boird CIÉ

Fiona Sweeney *Cathaoirleach*

Stephen Hannan

Dermot Healy *Ceaptha 6 Aibreán 2022*

Niamh O'Regan

Liam O'Rourke

Coiste Luacha Saothair Boird CIÉ

Brian Fitzpatrick *Cathaoirleach*

Niamh O'Regan

Fiona Ross

Grupaí Comhairleacha

Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht CIÉ

Fiona Ross	<i>Cathaoirleach</i>
Éamonn Ballance	
Caoimhe Donnelly	
James Doran	<i>Ceaptha 6 Aibreán 2022</i>
Sharon Flood	
Richard Manton	
Lorcan O'Connor	
Colin Ward	

CIÉ Property Advisory Group

Brian Fitzpatrick	<i>Cathaoirleach</i>
Aidan Cronin	
James Doran	<i>Ceaptha 6 Aibreán 2022</i>
Niall Grogan	
Lorcan O'Connor	
Tommy Wynne	

Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

Lorcan O'Connor	<i>Príomhfheidhmeannach, CIÉ</i>
Ray Coyne	<i>Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath</i>
Stephen Kent	<i>Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann</i>
Jim Meade	<i>Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann</i>

Iniúcháirí

Mazars
Bloc 3 Ionad Fhearchair
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Aturnae

Colm Costello
Bridgewater House
Droichead na hInse
Baile Átha Cliath 8

Príomhbhaincээр

Banc na hÉireann
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann



Fiona Ross *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin*

Cathaoirleach agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin le taithí san earnáil phoiblí agus phríobháideach is ea Fiona Ross. D'fhóin sí ar 17 mBord in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe le deich mbliana anuas.

- I mí an Mheithimh 2021 d'athcheap an Rialtas Fiona mar Chathaoirleach ar Chóras Iompair Éireann (CIÉ).
- Ceapadh Fiona ina Cathaoirleach ar Bhord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraigh (NPHDB) 2021.
- Bhí Fiona ina comhalta de Bhord FSS áit ar fhóin sí ar choiste in-íuchta agus riosca FSS.
- Sa Ríocht Aontaithe feidhmíonn Fiona mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ag Rialtas na hAlban agus i mBealtaine 2020 cheap Rialtas na Ríochta Aontaithe Fiona chun fónamh ar Bhord Network Rail.
- Tá údarú ag Fiona freisin ó Bhanc Ceannais na hÉireann agus tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ag JK Funds, Tilney Smith, agus William-son Europe áit a bhfuil sí ina cathaoirleach ar an gcoiste Iniúchta agus Riosca agus SphereInvest.

Chuir Fiona tús lena gairm mar stocbhróicéir i gCathair Londan agus chaith sí 25 bliana ag obair i ngach ceantar laistigh de Mhar-gaí Caipitil i mBaile Átha Cliath, Londain, Oirthear na hEorpa, agus sna Stáit Aontaithe.

In 2010, cheap an tAire Ealaíon Fiona Hall chun Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a reáchtáil. Ina dhiaidh sin, lean Fiona lena spéis sna hEalaíona agus chuaigh sí isteach i dteaghlach Heaney mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar eastát liteartha Heaney.

Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus de chuid na hInstitiúide Ealaíne agus Deartha (IADT) í Fiona.

Sa bhliain 2012, bronnadh comhaltacht i Rialachas ar Fhiona in Ollscoil George Washington sna Stáit Aontaithe.



Frank Allen

Athcheapadh Frank Allen ar Bhord CIÉ agus mar Chathaoirleach ar Iarnród Éireann, in 2020.

Is comhairleoir airgeadais neamhspleách é, a thugann comhairle ar infheistíocht agus oibríochtaí bonneagair, go príomha maidir le geilleagair a fhorbairt agus a aistriú. Tá sé ina chathaoirleach ar bhord Corre Energy b.v., comhlacht fuinnimh in-athnuaite atá li-ostaithe ar Euronext Dublin, agus tá sé ina Chisteoir ar Depaul Housing, a sholáthraíonn cóiríocht agus tacaíocht eile do dha-oine a bhí gan dídean. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród, a chuir Luas i bhfeidhm, ó 2002 go 2012.

Is céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts é Frank. D'oibrigh sé roimhe seo do Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda i Washington DC agus in Oirthear na hEorpa agus bhí sé ina cheannaire ar Airgeadas Bonneagair do KBC Bank san Ionad Seirbhísí Airgeadais Id-irnáisiúnta, Baile Átha Cliath.



James Doran

Ceapadh James Doran (Jimmy) Doran ar Bhord CIÉ i mí na Nol-lag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go 2001.

Chríochnaigh Jimmy a phrintíseacht leictreach le CIÉ ó 1980-84 agus ansin d'oibrigh sé ar shuíomhanna tógála Londan ar feadh sé bliana nuair a d'fhill sé ar obair mar leictreoir do Bhus Átha Cliath i nGaráiste Chluain Tarbh i 1991 áit ar fhan sé ó shin.

Toghadh Jimmy mar mhaor siopa i 1993 agus tá sé ar Choiste Idirbheartaíochta Bhus Átha Cliath ó shin. Tá sé ina bhall de Choiste Feidhmiúcháin Náisiúnta Connect Trade Union, ina chathaoirleach ar a Choiste Comhairleach Náisiúnta Iompair, agus déanann sé ionadaíocht ar an gceardchumann ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) agus ar Ghrúpa Iompair ICTU. Is traidisiún teaghlaigh é a bheith ag obair ar iompar poiblí ar feadh trí ghlúin Dorans mar aon le gníomhaíochas ceardchumann, a ainm agus a sheanathair a bheith ina chomhalta bunaidh den cheardchu-mann Connect roimh an IES&FTU i 1920.



Brian Fitzpatrick

Is cuntasóir é Brian a bhfuil go leor taithí aige mar ghairmí airgeadais. Bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais agus ina Rúnaí Cuideachta ar BAM Contractors Ltd, an chuideachta innealtóireachta sibhialta agus tógála is mó sa tír, roimh bhallraíocht a ghlacadh i mBord CIÉ i mí Aibreáin 2019 agus lean sé mar Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach go dtí mí na Nollag 2019 nuair a d'éirigh sé as an Bhord. Chaith sé tús a ghairmréime san earnáil seirbhísí airgeadais mar Rialtóir Airgeadais ar First National Building Society ar tugadh First Active Plc air i ndiadh sin. Is Stiúrthóir é de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe gur í an Comhlacht Stáit a bhfuil maoiniú soláthair tithíochta shóisialta agus inacmhainne ag Údarásí Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe de chúram uirthi agus is Cathaoirleach buan an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca é.



Stephen Hannan

Ath-cheapadh Stephen Hannan ar an mBord i mí na Nollag 2017 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Oibríonn sé mar thiománaí bus i nGaráiste na Rinne. Is ball de SIPTU é agus is iomaí post éagsúil a bhí aige sa cheardchumann le thar 30 bliain. Tá sé ina chathaoirleach ar Choiste na mBustiománaithe, ina leas-chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair, ina bhall den Choiste Rannach agus ina Ionadaí Iosta gan ach roinnt a ainmniú.



Dermot Healy

Ceapadh Dermot Healy ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021.

Tá sé fostaithe mar thiománaí bus le Bus Éireann atá lonnaithe in Iosta Roxboro i Luimneach. Chuaigh sé isteach i CIÉ i 1983 mar fhreastalaí sóisearach cairr sula ndeachaigh sé go dtí an Rannóg Paisinéirí Bóthair an bhliain dár gcionn chun glacadh le ról mar Chúntóir Oifige agus mar Stiúrthóir Bus sula raibh sé ina thiománaí ó 1991.

Tá sé gníomhach ina aontas, an NBRU, ó 1997 nuair a toghadh é den chéad uair ar a choiste craoibhe áitiúil. D'fhóin sé mar Leas-Chathaoirleach agus mar Chathaoirleach ar Chraobh Luimnigh sular toghadh é chuig an gComhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta i 1999. Mar bhall d'Fhoireann Náisiúnta Idirbheartaíochta an NBRU. Tá taithí fhairsing aige ar shaincheisteanna Caidrimh Thionscail lena n-áirítear idirbheartaíochtaí éagsúla an Coimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus éisteachtaí na Cú-irte Oibreachais.



Niamh O'Regan

Ceapadh Niamh O'Regan ar Bhord CIÉ in Aibreán 2019, agus tá sí ina Cathaoirleach ar Choiste Airgeadais agus Infheistíochta Bhord CIÉ.

Is ánra í Niamh le Cuntasóirí Cairte na hÉireann, tar éis di oiliúint a fháil le PWC. Tá céim B.A. (Onóracha) aici sa Fhraincis agus sa Spáinnis ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Diplóma larchéime i gCuntasáiocht ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Diplóma speisialaithe i Riosca, Comhlíonadh agus In-iúchadh Inmheánach ó Chuntasóirí Cairte na hÉireann.

Tá níos mó ná 25 bliain de thaithí ag Niamh i dtionscail na Seirbhísí Airgeadais agus Sláinte den chuid is mó. Áirítear le taithí ghairmiúil Niamh ról in Barclays Bank London mar Cheann ar Fheidhmíocht Ghnó agus in Barclays Bank Ireland mar Cheannasaí ar Bhainistíocht Ghnó.

Tá Niamh ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách ar ALD RE DAC áit a bhfuil sí ina Cathaoirleach ar Choiste Riosca an Bhoird. Tá sí ina Comhalta den Údarás Clárúcháin Maoine agus tá sí ina Comhalta Seachtrach de Choiste Iniúcháireachta Chumann Cógaiseoirí na hÉireann.



Liam O'Rourke

Ath-cheapadh Liam O'Rourke chuig Bord CIÉ i Meán Fómhair 2021. Is Comhalta de Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí (FCPA) é. Bhí poist shinsearacha feidhmeannacha aige le cuideachtaí idirnáisiúnta déantúsaíochta Meiriceánacha ar feadh os cionn 30 bliain agus tá an-chuid táithí aige in Airgeadais, Acmhainní Daonna agus TFC. Bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais/Rialtóir ar Champion Spark Plug Company agus is Iniúcháir Inmheánach Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann é.



Fiona Sweeney

Ceapadh Fiona ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2019. Is gairmí infheistíochta í Fiona le 30 bliain de thaithí aici sa tionscal bainistíocht socmhainní. Bhí ról feidhmeannacha agus bhoird aici i mórchomhlachtaí infheistíochta Éireannacha mar AIB Investment Managers, Prescient Ireland and Davy le 20 bliain anuas. Bhí sí freagrach as forbairt, cumarsáid agus cur i bhfeidhm straitéisí gnó sna ról seo. Tá míneolas aici ar mhargáí pinsin agus infheistíochta agus tá táithí shuntasach aici i rialachas corparáideach agus comhlíonta. Tá Bunchéim agus Máistreacht aici san Eacnamaíocht ón Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Diplóma i Stiúradh Cuideachta ó Institiúid na Stiúrthóirí.



Tommy Wynne

Athcheapadh Tommy Wynne ina chomhalta Boird den chéad uair i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh sé le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994. Tá Ard-Diplóma in Oibríochtaí Iarnród Idirnáisiúnta ó Glasgow Caledonia University ag Tommy. Faoi láthair tá sé ina Uachtarán ar Rannóg TEAC SIPTU agus ina Chathaoirleach ar an Rannóg um an Earnáil Iompair de chuid SIPTU.

Ráiteas um Rialachas Corparáideach

An Bord

Suas le dáréag Comhaltaí atá ar an mBord arna gceapadh ag an Rialtas. Tá dhá fholúntas ann faoi láthair. Tá ceathrar Oibrithe ina gComhaltaí Boird, arna gceapadh ag an Rialtas ar feadh téarma ceithre bliana, i ndiaidh toghchán i measc bhaill foirne an Ghrúpa.

Buaileann comhaltaí an Bhoird le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana ar a laghad agus ag amanna eile de réir mar is gá. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord d'ábhair ar leith nach mór dó cinneadh a dhéanamh ina leith, lena n-áirítear formheas a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla, na buiséid, an plean corparáideach, gnóthachain agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, ceapadh lucht ardbhainistíochta agus mórbheartais an Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord ar bhonn rialta. Déanann an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh an Bhuiséid agus na Réamhaisnéise ar bhonn tréimhsiúil.

Bíonn fáil ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí ó Rúnaí an Ghrúpa.

Amháil an 31 Nollaig, mná arbh ea 30% de chomhaltaí an Bhoird agus fir arbh ea 70% acu, agus bhí dhá phost le líonadh. Gan na Stiúrthóirí ar Oibrithe iad freisin san áireamh, cóimheas cothrom mná le fir atá i gceist.

Mar sin ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne ar na Boird Stáit.

Is faoin Rialtas atá sé Comhaltaí Boird CIÉ a cheapadh. Tá breithniú ar chothromaíocht inscne san áireamh ag CIÉ ina chuid tuairimí a bhaineann le ceapacháin chuig an mBord amach anseo.

Coistí Boird agus Grúpaí Comhairleacha

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Is iad na coistí atá ann Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (féach thíos), Coiste Luacha Saothair, Coiste Airgeadais agus Infheistíochta agus Coiste Pinsean. Cuireadh deireadh le Coiste Straitéise an Bhoird an 2 Meitheamh 2021 agus athdháileadh a chúraimí ar choistí nua agus ar choiste a athbhunaíodh, Coiste Luacha Saothair an Bhoird. Ina theannta sin, tá Grúpa Comhairleach um Réadmhaoin agus Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht ag an mBord.

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tá Foireann Ardbhainistíochta Eintiteas CIÉ (an tEintiteas) freagrach as bainistíocht laethúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Eintitis mar a tharmligean an Bord dó. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta á rialú ag struchtúr eagraíochta atá ceaptha chun freastal ar riachtanais na heagraíochta i réimsí lena n-áirítear Airgeadas, Iniúcháireacht, Rúnaíocht Chuideachta, Réadmhaoin, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht na Faisnéise, Pinsin, Imscrúduithe agus Éilimh, Inbhuanaitheacht agus Díl. Ina theannta sin, tá an tEintiteas freagrach as comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ó thaobh tuairiscithe agus rialachais i ndáil le Grúpa Cuideachtaí CIÉ.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (“CIR”)

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag CIR agus is triúr Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin atá air faoi láthair. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire in 2021.

Áirítear leis na príomhdhualgais atá ar CIR maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh an Ghrúpa leis an iniúcháir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar fheidhmíocht an iniúcháir sheachtraigh, táillí iniúcháireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le difhostú.

Déanann CIR plé leis an iniúcháir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi thorthaí an iniúchta. Ina theannta sin, déanann an Coiste faireachán ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an nGrúpa.

Ceapadh na hiniúcháirí seachtracha, Mazars, in 2020 tar éis próiseas iomaíoch tairisceana. Mhol CIR don Bhord gur cheart Mazars a athcheapadh go foirmiúil i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2021. Níorbh ann do cheanglais chonartha ar bith lenar cuireadh srian ar CIR maidir leis an moladh sin a dhéanamh. De bhreis ar na seirbhísí iniúcháireachta a sholáthraíonn Mazars, tar éis a cheaptha chuir an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamhiniúcháireachta dar luach €166,000 ar fáil don Ghrúpa in 2021. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúcháireachta seachtraí, ní mheasann CIR go bhféigann cineál ná fairsinge na hoibre breise ar tugadh fúithi go gcuirtear isteach ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas na n-iniúcháirí.

Tá rochtain iomlán gan bhac ag na hiniúcháirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa ar CIR. Freastalaíonn na hiniúcháirí seachtracha ar chruinnithe de chuid CIR agus buaileann siad leis an gCoiste gach bliain gan an lucht bainistíochta i láthair lena áirithiú gur féidir leis na hiniúcháirí aon ábhar a phlé faoi rún.

Coinníonn CIR faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta rioscaí an Ghrúpa trí bhreithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann na Coistí Iniúcháireachta agus Riosca de chuid fhochuideachtaí oibríochta Ghrúpa CIÉ agus trí theacht go chéile go tréimhsiúil le lucht ardbhainistíochta CIÉ. Chomh maith leis sin, déanann CIR formheas ar chlár oibre na hiniúcháireachta inmheánaí don Ghrúpa, buaileann sé go tréimhsiúil le Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla a dtugtar fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo. Coinníonn CIR faoi athbhreithniú freisin rialuithe, nósanna imeachta agus beartais a bhaineann le comhlíonadh, sceithireacht agus calaois. Déanann CIR athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha agus déanann sé moltaí maidir leis na gníomhaíochtaí rialaithe de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

Coiste Straitéise an Bhoird

Cuireadh deireadh le Coiste Straitéise an Bhoird an 2 Meitheamh 2021 agus leagadh a chúraimí ar choistí nua, Coiste Airgeadais agus Infheistíochta an Bhoird, Coiste Pinsean an Bhoird agus Coiste Comhairleach an Bhoird im Réadmhaoín, agus ar choiste a athbhunaíodh, Coiste Luacha Saothair an Bhoird.

An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta (“CAI”)

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag CAI agus is ceathrar Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin atá air faoi láthair, le dhá fholúntas. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huairé in 2021.

Déanann CAI faireachán ar infheistíocht straitéiseach fhéinchistithe agus ar inbhuanaitheacht airgeadais Ghrúpa CIÉ.

An Coiste Pinsean

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Pinsean agus is ceathrar Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin atá air faoi láthair, le folúntas amháin. Tháinig an Coiste le chéile trí huairé in 2021.

Baineann príomhdhualgais an Choiste Pinsean le leibhéil chistiúcháin, bainistíocht dliteanas agus straitéis infheistíochta na scéimeanna pinsean agus le rialachas agus comhlíonadh i dtaobh pinsean.

An Coiste Luacha Saothair

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Luacha Saothair agus is triúr Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin atá air faoi láthair. Tháinig an Coiste le chéile uair amháin in 2021.

Baineann príomhdhualgais an Choiste Luacha Saothair le cur chun feidhme bheartas an Rialtais maidir le luach saothair Comhaltaí Boird, Phríomhfheidhmeannach CIÉ agus daoine a thuiriscíonn go díreach chuig Príomhfheidhmeannach CIÉ, agus pleanáil comharbais san Eintiteas.

An Grúpa Comhairleach um Réadmhaoín

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an nGrúpa Comhairleach um Réadmhaoín agus is beirt Chomhaltaí Boird atá air faoi láthair, le folúntas amháin do Chomhalta Boird eile, agus triúr comhaltaí de chuid an lucht feidhmiúcháin. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huairé in 2021.

Déanann an Grúpa Comhairleach um Réadmhaoín athbhreithniú ar an straitéis maidir le fáil, diúscairt agus forbairt phunann réadmhaoine Ghrúpa CIÉ.

An Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an nGrúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht agus is beirt Chomhaltaí Boird atá air faoi láthair, mar aon le cúigear comhaltaí de chuid an lucht feidhmiúcháin agus comhalta seachtrach. Tháinig an coiste le chéile faoi dhó in 2021.

Déanann an Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht athbhreithniú ar chur chun feidhme straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ agus ar na hacmhainní atá ar fáil i leith na straitéise sin. Déanann sé athbhreithniú freisin ar chomhlíonadh na reachtaíochta ábhartha lena n-áirítear tuairiscíú iomchú a bhaineann leis an aeráid.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

Raon Feidhme na Freagrachta

D'ullmhaigh gach ceann d'fhochuideachtaí Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) Ráiteas faoin Rialú Inmheánach, atá formheasta ag a mbord féin. Ina theannta sin, tá Ráiteas faoin Rialú Inmheánach ullmhaithe ag Eintiteas CIÉ (an tEintiteas). Baineann an ráiteas seo a leanas go sonrach leis an Eintiteas agus tá sé formheasta ag Bord CIÉ.

Aithníonn an tEintiteas an fhreagracht atá air a áirithiú go gcoimeádar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) agus an Bord athbhreithniú ar an ráiteas seo lena áirithiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne na hiniúcháirí seachtracha athbhreithniú ar an ráiteas seo freisin lena áirithiú go bhfuil sé ag teacht leis an eolas atá acu óna n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus ní chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais, i bhfeidhm san Eintiteas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus go dtí an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhorghas.

An Acmhainneacht i dtaobh Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an Eintiteas. I gCairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste, déantar foráil maidir le suas le triúr Comhaltaí Boird a cheapadh chuig an gCoiste, a nglacfaidh duine acu ról Chathaoirleach an Choiste. Sa chás nach mbeidh comhdhéanamh Bhord CIÉ i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach thuas, féadfaidh an Bord Cathaoirleach Coiste agus comhaltaí coiste nach Comhaltaí de Bhord CIÉ iad a cheapadh. Tá an Coiste comhdhéanta faoi láthair de thriúr Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin. Tháinig CIR le chéile seacht n-uair in 2021.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Eintiteas freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú le CIR.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an Eintiteas lena leagtar an fhreagracht as bainistíocht riosca ar an bPríomhoifigeach Airgeadais (nó duine feiliúnach eile den lucht bainistíochta), agus leagann an té sin amach struchtúr tuairiscithe agus ceapann sé nó sí daoine cuí, mar a shonraítear sa Chreat Bainistíochta Riosca. Is é Bord an Eintiteas atá freagrach as an gCreat Bainistíochta Riosca agus is é a dhéanann an creat sin a fhorghas. Tá an creat oiriúnaithe chun aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí straitéiseacha sonracha, agus chun an neamhchosaint ar rioscaí sonracha a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil, i gcomhthéacs an bheartais.

Is é an beartas atá ann a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm laistigh den Eintiteas chun na príomhrioscaí atá le sárú ag gach réimse den ghnó a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Is iad na príomhrioscaí iad siúd ar féidir leo dochar a dhéanamh dá cháil, dá acmhainn oibríochtúil nó dá acmhainn airgeadais, guaiseacha a chur faoi deara, nó é a stopadh óna chuspóirí a bhaint amach ar shlí ina léirítear drogall roimh rioscaí.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Soláthraítear dearbhú riosca trí mheán na trí líne chosanta. Is é an phríomhdhifríocht atá idir na trí líne chosanta ná a leibhéal neamhspleáchais ar ghníomhaíochtaí oibríochta an Eintiteas agus ar an Eintiteas féin.

I samhail rialachais atá bunaithe ar thrí líne chosanta, déantar idirdhealú idir acmhainní riosca, maoirseacht rioscaí agus maoirsiú rioscaí mar seo a leanas:

- Úinéireacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a ghlacann seilbh ar na rioscaí agus a dhéanann iad a bhainistiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá (an chéad líne chosanta);
- Maoirseacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a dhéanann maoirseacht ar rioscaí agus a chuireann dúshlán na bhfoirne bainistíochta go stuama (an dara líne chosanta); agus
- Maoirsiú Riosca, eadhon feidhmeanna a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách (an tríú líne chosanta).

Tá an Úinéireacht Riosca ailínithe leis an úinéireacht ghnó. Toisc go bhfuil na daoine atá i gceannas ar na rannóga freagrach as cuspóirí gnó a bhaint amach, is iad atá freagrach ar deireadh thiar, ina gcáil mar úinéirí rioscaí, as rioscaí a bhaineann lena gcuid réimsí freagrachta féin a aithint agus a bhainistiú. Feidhmíonn siad an fhreagracht sin trína áirithiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair laistigh dá gcuid rannóga.

Sanntar rioscaí nua-aitheanta d'úinéirí riosca, is é sin, ceann na rannóige. Féadfaidh an té sin bainistíocht an riosca a leagan ar Bhainisteoir Riosca a bheidh freagrach as anailís agus meastóireacht bhreise a dhéanamh ar an riosca atá i gceist agus dul i ngleic leis.

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Eintiteas trí chóras bogearraí riosca ar féidir iniúchadh a dhéanamh air, OpRiskControl, a ceapadh lena áirithiú go nglacfaidh Úinéirí Riosca agus baill foirne eile sna rannóga cur chuige comhsheasmhach, stuama ag gach céim den phróiseas bainistíochta riosca, ó aithint riosca go riosca a chur faoi bhráid daoine a bhfuil leibhéal freagrachta níos airde orthu. De réir ISO 31000, tá sé ina bheartas againn rioscaí a shainiú ar leibhéal is féidir a bhainistiú, is é sin, go ndéantar cur síos orthu ar shlí is leor ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mhéid féideartha agus dóchúlacht an teagmhais, agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm.

Déanann an tÚinéir Riosca freagrach na rioscaí a mheas agus é nó í ag baint úsáid as Táblaí Critéar Riosca a forbraíodh ionas go luafar an Grádú Riosca cuí le rioscaí atá lasmuigh d'Fhonn Riosca an Eintitis, agus go sannfar an leibhéal cuí maoirseachta dóibh.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Bíonn gach riosca nua-aitheanta agus Príomhrioscaí, cinntí agus sonraí faoi aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi réir athbhreithniú piaraí ag Foireann Feidhmiúcháin an Eintitis le linn a cruinnithe míosúla.

Cuimseofar sna tuarascálacha tréimhsiúla an méid seo a leanas mar bheart caighdeánach:

- Príomhrioscaí;
- Athruithe ar Phríomhrioscaí;
- Rioscaí Nua-aitheanta;
- Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn;
- Forbhreathnú ar Iomlán Rioscaí an Eintitis; agus
- Rioscaí a sháraíonn an fonn riosca agus bearta maolaithe.

Ina dhiaidh sin cuirtear tuarascáil faoi Rioscaí uile an Eintitis, a stádas i leith Fonn Riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta – más infheidhme – faoi bhráid CIR i gcomhréir leis an bPlean Riosca bliantúil, agus bíonn Tuiriscí faoi Mhionsonraí na Rioscaí ag gabháil leo.

Chomh maith leis an méid thuasluaite, cuirtear Príomhrioscaí Ardleibhéil uile an Ghrúpa agus gach Riosca atá ag Teacht Chun Cinn faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin CIÉ ionas go ndéanfaidh an Bord sin measúnú orthu i gcomhthéacs an Ghrúpa ar fad. Ina dhiaidh sin, cuirtear tuarascáil faoi Phríomhrioscaí Ardleibhéil uile an Ghrúpa, a stádas i leith Fonn Riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid na gcruinnithe go léir de chuid CIR, agus faoi bhráid Bhord CIÉ gach ráithe, agus Tuiriscí faoi Mhionsonraí na rioscaí ag gabháil leo.

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí.

Deimhníonn an tEintiteas go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú.
- Rinneadh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla i dtaobh feidhmíochta agus cúrsaí airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Déantar athbhreithniú oibiachtúil ar na Príomhrioscaí ar fad maidir lena ngrádú agus maidir le bearta maolaithe ina leith. Nuair is gá déantar Príomhriosca a chur chun cinn trí na Boird agus na Coistí thuasluaite. Le linn 2021 ba é an toradh a bhí air sin ná gur cuireadh ceithre Phríomhriosca faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin CIÉ, ansin faoi bhráid CIR agus ansin faoi bhráid Bhord CIÉ. Bhain na rioscaí sin le hinmharthanacht/brabúsacht airgeadais (dhá riosca), soláthar seirbhíse (riosca amháin) agus córais nua a chur in ionad na seanchóras ticéadaithe (riosca amháin).

Leis an mBeartas agus na Prionsabail um Bainistíocht Riosca, bíonn ar chumas an Ghrúpa rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint, anailís a dhéanamh orthu agus tuairisc ina leith a chur faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin CIÉ agus ansin faoi bhráid Choiste Iniúcháireachta

agus Riosca CIÉ agus Bhord CIÉ. Trí fhéachaint ar na rioscaí sin atá ag teacht chun cinn, is féidir réimsí a bhféadfadh an Grúpa a bheith neamhchosanta orthu a aithint a luaithe is féidir trí bhreathnú ar chúinsí nó treochothaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar staid airgeadais, staid iomaíochta nó clú an Eintitis sa tréimhse 5 bliana atá amach romhainn. Déantar faireachán agus athbhreithniú orthu sin in éineacht leis na Príomhrioscaí.

Chomh maith leis na Príomhrioscaí agus na Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn, déantar na rioscaí ar fad atá os comhair an Ghrúpa a chatagóiriú laistigh de Chomhstruchtúr Rioscaí agus comhroinntear an fhaisnéis chun cuidiú leis an mbainistíocht riosca ar fud an ghrúpa. Úsáidtear tagarmharc seachtrach domhanda neamhspleách chun na rioscaí a ghrúpáil ina gcatagóirí. Déantar iadsan a shórtáil ansin in ord tosaíochta. Ba iad na trí riosca arbh airde tosaíochta in 2021 ná an Ráig Phaindéime, Cibeartheagmhais agus Cur isteach ar Ghnó. Comhroinntear na rioscaí sin ansin lena áirithiú gur de réir an dea-chleachtais a dhéanfar iad a ghrádú agus go gcuirfead bearta maolaithe i bhfeidhm. I gcás na rioscaí a bhain leis an Ráig Phaindéime, rinneadh comparáid eatarthu lena áirithiú go ndearnadh gráid agus bearta maolaithe a chomhroinnt agus a phlé chun féachaint chuige go raibh cur chuige cuimsitheach bainistíochta riosca á ghlacadh ag CIÉ agus a fhochuideachtaí.

Soláthar

Deimhníonn an tEintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena áirithiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha i dtaobh soláthair. Tá aitheantas tugtha ag an Roinn Iompair dó gurb é Beartas Ghrúpa CIÉ é tairseach €50,000 a cur i bhfeidhm maidir le neamhchomhlíonadh i dtaobh soláthair mar gheall ar an méid ceannacháin a dhéantar laistigh de Ghrúpa CIÉ agus mar gheall ar an gcostas breise a ghabhann le faisnéis a sholáthar ag an teorainn íochtarach.

Bhí cás amháin den neamhchomhlíonadh i dtaobh soláthair ag CIÉ i leith na bliana, agus ba é €52,500 an tsuim a bhí i gceist. Ba le soláthar seirbhísí earcaíochta a bhain an cás sin. Tá tús curtha anois le próiseas tairisceana i leith na seirbhíse sin.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Ceanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndéanfar athbhreithniú seachtrach ar bhonn tréimhsiúil ar éifeachtacht Chreat Bainistíochta

Riosca gach Comhlachta Stáit. Fostaíodh Mazars chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Riosca an Eintitis i mí Mheán Fómhair 2020 agus beidh an chéad athbhreithniú eile le déanamh in 2023.

Fuarthas go raibh an Cód á chomhlíonadh ag an Eintiteas.

Ina theannta sin, tá sé á dhearbhuú ag an Eintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú riosca. An faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann an tEintiteas ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, bunaítear iad ar an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus na hiniúcháirí seachtracha, an obair a dhéanann CIR, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta san Eintiteas atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhníonn an tEintiteas go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an Chreata Rialuithe Rioscaí in 2021 de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

Saincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí ábhartha sa rialú inmheánach, i dtaobh cailleanais ábhartha ná i dtaobh calaóisí i leith na bliana 2021 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais. Cé nár aithníodh sa bhliain reatha aon laigí sna rialuithe inmheánacha a léiríonn tionchar ábhartha ar na ráitis airgeadais i leith na bliana 2021 ná blianta ina dhiaidh sin, tá an Bord agus an Lucht Bainistíochta fós san airdeall ar laigí rialaithe agus fáiltíonn siad roimh aiseolas trí iniúchadh inmheánach, iniúchadh seachtrach agus réimsí eile faireacháin agus athbhreithnithe leanúnaigh, i ndáil le moltaí faoi conas córas rialaithe inmheánaigh an Eintitis a fheabhsú. Fiosraíonn an tEintiteas gach tuairisc den sórt sin agus cuireann sé bearta i bhfeidhm go pras ar bhonn na moltaí.

Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Is é an tAire Iompair a chinneann luach saothair na gComhaltaí Boird i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair freisin le Comhaltaí Boird a ceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001, de réir a gconarthaí fostaíochta.

Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Seo thíos tinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh in 2021.

Comhalta Boird	Ceaptha	Téarma in éag	Bord CIÉ	Iníúcháire-acht & Riosca	Straitéis	Airgeadas & Infheistíocht	Pinsin	Luach Saothair
Fiona Ross			7/7		3/3			1/1
Frank Allen			7/7			4/4		
Ultan Courtney		05/12/2021	6/6			2/4		
James Doran	01/12/2021		1/1					
Brian Fitzpatrick			7/7	6/7	3/3	3/4		1/1
Denise Guinan		30/11/2021	6/6					
Stephen Hannan			7/7				3/3	
Dermot Healy	01/12/2021		1/1					
Aidan Murphy		05/12/2021	6/6			3/4		
Tom O'Connor		30/11/2021	6/6				2/3	
Niamh O'Regan			7/7	7/7	3/3	4/4	3/3	1/1
Liam O'Rourke			7/7	7/7			3/3	
Fiona Sweeney			7/7		3/3	4/4	3/3	
Tommy Wynne			7/7					

Tinreamh ag Cruinnithe na nGrúpaí Comhairleacha

Seo thíos tinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe de chuid na nGrúpaí Comhairleacha a tionóladh in 2021.

Comhalta Boird	Téarma in éag	An Grúpa Comhairleach um Réadmhaoin	An Grúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht
Fiona Ross			2/2
Brian Fitzpatrick		4/4	
Denise Guinan			2/2
Tom O'Connor	30/11/2021	3/4	
Tommy Wynne		4/4	

Gnóthas Leantach

Tá geilleagar na hÉireann fós ag cloí le pleananna an Rialtais maidir le “Maireachtáil le COVID-19”. An príomhthionchar ar CIÉ, baineann sé le laghdú a bheith fós ar líon na n-aistear paisinéirí, i gcomparáid leis na leibhéil a bhíodh ann roimh COVID-19. Tá an bord aireach freisin ar na fadhbanna geilleagracha atá ar domhan faoi láthair.

Tionchar COVID-19

Tar éis na corraíola a bhí ag gabháil le teacht na paidéime COVID-19 in 2020, chuaigh an Grúpa in oiriúint do na cúinsí úra in 2021. Cé gur tháinig méadú agus laghdú ar líon na n-aistear paisinéirí le linn tréimhsí éagsúla in 2021, ag teacht leis an gcomhairle taistil ón Rialtas, treocht fhoriomlán aníos a bhí a fheiceáil san iomlán.

Tá an Bord buíoch as an gcistiú breise a fuarthas le linn 2021, lenar cuireadh ar ár gcumas dúinn leanúint le soláthar seirbhísí riachtanacha iompair phoiblí, agus as an rannpháirtíocht dhearfach leis an Roinn agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le pleananna seirbhíse OSP don bhliain 2022 a chomhaontú.

Éiginnteacht i dtaobh an Gheilleagair ar Domhan agus an Cogadh san Úcráin

Mar gheall ar an gcogadh san Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, géaraíodh roinnt de na rioscaí ginearálta gnó. Bhí cuid de na rioscaí sin le feiceáil go soiléir roimh mhí Feabhra ach is mó éiginnteachta a bhaineann le cuid acu anois ó thaobh dóchúlachta agus tionchair de.

Áirítear orthu sin an seans go gcuirfí isteach ar sholáthairtí fuinnimh chomh maith le méadú tobann ar phraghsanna, an seans go gcuirfí isteach ar shlabhraí soláthair agus an seans go dtiocfaidh méadú eile ar phraghsanna, chomh maith le laghdú ar ghníomhaíocht gheilleagrach agus ar an leibhéal caiteachais i measc tomhaltóirí.

Tá breithniú cúramach déanta ag comhaltaí an bhoird ar bhunús ullmhúcháin an ghnóthais leantaigh agus tá siad deimhin de gur iomchuí ráitis airgeadais na bliana 2021 a ullmhú ar an mbonn sin.

I measc na bpríomhthosca a cuireadh san áireamh agus an cinneadh sin á dhéanamh, bhí an méid seo a leanas:

- tá sé fós ar intinn ag an Údarás Náisiúnta Iompair cistiú a sholáthar d'Fhochuideachtaí an Ghrúpa ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh in 2022 ag soláthar Seirbhísí OSP i gcomhréir leis an gConradh;
- tá soláthar leordhóthanach i mbuiséad an Stáitchiste i leith 2022 chun leanúint ar aghaidh leis na Seirbhísí OSP;

- gheobhaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair dóthain cistithe ón Stáitchiste chun íoc as an gConradh OSP;
- Téarnamh leanúnach i gcás na seirbhísí tráchtála.

Le bonn gnóthais leantaigh, glactar leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag Grúpa CIÉ chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh ar a laghad 12 mhí ón dáta ar ar formheasadh na ráitis airgeadais seo.

Gníomhaíochtaí Tráchtála

Thabhaigh an Grúpa cailteanas €1.5m i leith gníomhaíochtaí tráchtála in 2021 i gcomparáid le cailteanas coibhéiseach €26m in 2020, rud a leagann béim ar leibhéal na mbeart ceartaitheach a chuir an lucht bainistíochta i bhfeidhm chun an treocht a choinneáil faoi smacht. Bhí laghdú ar líon na mball foirne agus aistriú daoine i bpríomhréimsí, chomh maith le dianrialú na gcostas, ina bpríomhthosca i ndáil na treochta sin.

Chomh maith leis sin, bhain gnó Expressway Bhus Éireann leas as tacaíochtaí ón Údarás Náisiúnta Iompair a cuireadh ar fáil d'oibreoirí bus tráchtála agus ba thábhachtach an beart tacaíochta é sin i leith na gníomhaíochta tráchtála sin i rith na bliana.

Tá sé beartaithe sa Bhuiséad i leith 2022 feabhas leanúnach a chur ar fheidhmíocht airgeadais ár nGníomhaíochtaí Tráchtála d'ainneoin an laghdaithe a mheastar a thiocfaidh ar thacaíochtaí COVID-19 ón Rialtas. Tá an Bord deimhin de go bhfuil a dhóthain acmhainní ag an nGrúpa chun tacú leis na gnóthais agus iad ag teacht chucu féin.

Seirbhísí OSP

Ón 1 Eanáir 2021, rith Bus Átha Cliath (BÁC) agus Bus Éireann (BÉ) seirbhísí iompair phoiblí thar ceann an Údarais Náisiúnta Iompair ar bhonn conradh ollchostais. Faoi na conarthaí sin bailíonn Bus Átha Cliath agus Bus Éireann na táillí paisinéirí thar ceann an Údarais Náisiúnta Iompair agus cútítear iad as costas na seirbhísí a sholáthraítear.

Comhaontaíodh pleananna seirbhíse i leith 2022 leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus soláthróidh an tÚdarás an cistiú atá riachtanach chun freastal ar chostais chomhaontaithe na bpleananna sin.

In 2022, is ar bhonn glanchostais fós atá Iarnród Éireann ag feidhmiú a chonartha leis an Údarás Náisiúnta Iompair, mar a bhí amhlaidh in 2021. Tá an difríocht idir ioncam ó na boscaí táillí agus costas comhaontaithe na n-oibríochtaí á soláthar ón Stáitchiste, tríd an Údarás Náisiúnta Iompair.

Seirbhísí Iompair Scoile

Is é Bus Éireann a bhainistíonn na Seirbhísí Iompair Scoile ar fud an Stáit. Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna cistiú breise ar fáil ar feadh 2021 chun íoc as na hacmhainní breise a bhí riachtanach chun freastal ar scoláirí de réir a gceanglas maidir le scaradh sóisialta.

Cistiú Breise ón Stát

Leis an gcistiú breise ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna, áirithíodh go raibh an Grúpa i staid leachtach ar feadh 2021. Tá an lucht bainistíochta i mbun plé leanúnach dearfach leis an Roinn Iompair agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun soláthar leanúnach seirbhísí iompair phoiblí agus seirbhísí iompair scoile a áirithiú de réir phlean an Rialtais maidir le Maireachtáil le COVID-19.

Leachtacht

Tá iarmhéid airgid €254 milliún ag an nGrúpa faoi láthair amhail an 31 Nollaig 2021.

Tá comhaontú saoráide baincéireachta geallta ag an nGrúpa go dtí mí Eanáir 2025. Faoin gcomhaontú saoráide sin is ionann iasacht an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2021 agus €16 mhilliún. Déanfar an iasacht sin a amúchadh thar thréimhse 4 bliana. Is é €80 milliún an méid neamhtharraingthe atá ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráidí creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa.


Measann an lucht bainistíochta go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá air faoin gcomhaontú ar feadh na tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta formheasa na ráiteas airgeadais seo.

Leagtar amach tuilleadh sonraí i Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais



Fiona Ross

Cathaoirleach



Liam O'Rourke

Comhalta Boird

6 Aibreán 2022

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais Eintiteas CIÉ (an tEintiteas) agus Ghrúpa CIÉ ('an Grúpa') a ullmhú de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Faoin dlí, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais ina dtugtar léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Ghrúpa CIÉ amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus cailteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais. Faoin dlí sin, d'ullmhaigh na Comhaltaí Boird na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, eisithe ag an Comhairle Tuairiscithe Airgeadais ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha').

Faoi dhlí na hÉireann, ní cheadóidh na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó cailteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeán sin atá i gceist a shainaithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeán sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais;
- scairshealbhóirí CIÉ a chur ar an eolas i scríbhinn faoi úsáid díolúintí nochtá, más ann, faoi FRS 102; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh CIÉ agus an Grúpa i mbun gnó.

- Tá na Comhaltaí Boird freagrach as taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil ar leor iad chun:
- idirbhearta CIÉ agus an Ghrúpa a thaifeadh agus a mhíniú i gceart;
- a chumasú, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas CIÉ a chinneadh go réasúnta cruinn; agus
- a chur ar a gcumas do na Comhaltaí Boird a chinntiú gur ullmhaíodh ráitis airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.


Chomh maith leis sin, tá na Comhaltaí Boird freagrach as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa. Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird



Fiona Ross
Cathaoirleach



Liam O'Rourke
Comhalta Boird

6 Aibreán 2022

Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha

Don Aire Iompair i Leith Chóras Iompair Éireann

Tuairisc ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Tá ráitis airgeadais Córas Iompair Éireann (“an Eintiteas”) agus a fhochuideachtaí (“an Grúpa”) don bhliain ag críoch 31 Nollaig 2021 a chuimsíonn, an Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais; an Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach; an Clár Comhardaithe Eintitis agus Comhdhlúite; an Ráiteas Comhdhlúite agus Eintitis um Athruithe ar Chothromas; an Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid; agus na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i Nóta 1. Is iad an tAcht Iompair, 1950 agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann eisithe sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRS 102) an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm á n-ullmhú.

Is é ár dtuairim:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis amháil an 31 Nollaig 2021 agus ar thoradh an Ghrúpa don bhliain dar críoch ansin;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa i gceart de réir FRS 102;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Eintitis i gceart de réir FRS 102 mar a cuireadh i bhfeidhm iad le forálacha an Achta Iompair 1950; agus
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Eintitis i gceart de réir FRS 102 mar a cuireadh i bhfeidhm iad le riachtanais an Achta Iompair 1950

Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIníúcháireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid Na freagrachtaí atá ar an Iníúcháirí maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais den tuarascáil uainn. Táimid neamhspleách ar an Eintiteas agus ar an nGrúpa de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iníúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuairamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na Comhaltaí Boird ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d’fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Eintitis agus an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaráítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na Comhaltaí Boird maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo

Faisnéis eile

Is iad na Comhaltaí Boird atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ, seachas na ráitis airgeadais agus tuairiscíúil an iniúcháir uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuairamar san iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndéalraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíríteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

Freagrachtaí faoi seach

Na Freagrachtaí atá ar na Comhaltaí Boird i dtaca le na ráitis airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird, is iad na Comhaltaí Boird atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus bheith sásta go dtugann siad léargas fíorcheart, agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh siad is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Comhaltaí Boird freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Eintiteas agus an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaióchta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag an bhainistíocht an Eintiteas nó an Ghrúpa a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaióch acu ach é sin a dhéanamh.

Na freagrachtaí atá ar an iniúchóir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchára a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh Gréasáin an IAASA ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchára.


Rialála eile nithe nach mór dúinn tuairisc a thabhairt orthu ar bhonn eisceachta

Faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) ('an Cód Cleachtas'), tá ceanglas orainn tuairisciú duit más rud é nach dtugtar léiriú ar chomhlíonadh alt 1.9(iv) den Chód Cleachtas ag an nGrúpa sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtas, mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorporáidigh, nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais.

Níl aon ní le tuairisciú againn i dtaca le sin.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúchta agus a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite dúinn

Déantar an tuarascáil seo don Aire Iompair amháin de réir Alt 34 (3) den Acht Iompair 1950. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimis na nithe seo a chur in iúl dúinn don Aire i dtuarascáil iniúchára agus chun aon chríche eile. A mhéid a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghlacaimid freagracht ar aon duine seachas an tEintiteas agus an tAire, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá curtha le chéile againn.



Tommy Doherty

*Ar son agus thar a cheann Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht
Iniúcháireachta Reachtúla
Ionad Fhearchair
Bloc 3
Baile Átha Cliath 2*

6 Aibreán 2022

Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €000	2020 €000
Ioncam ó oibríochtaí	3	449,007	555,492
Fáltais ó chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	12	574,847	421,285
Cistiú eile ón Stát	12	161,291	155,779
Deontais ioncaim eile	12	113,268	62,226
Ioncam iomlán	3	1,298,413	1,194,782
An párolla agus costais ghaolmhara	5	(704,120)	(673,275)
Costais ábhar agus seirbhísí	6	(620,943)	(559,935)
Iomlán na gcostas oibriúcháin		(1,325,063)	(1,233,210)
TRÚCDA roimh chostais eisceachtúla		(26,650)	(38,428)
Míreanna eisceachtúla	7	3,408	3,746
Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitil	8	(20,893)	(24,365)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	9	(128)	439
(Easnamh)/brabús oibriúcháin an Ghrúpa roimh ús agus cáin		(44,263)	(58,608)
Ús infhála agus ioncam dá shamhail	10	-	14
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	10	(8,266)	(10,099)
Glanchoas úis		(8,266)	(10,085)
Easnamh don bhliain roimh cháin		(52,529)	(68,693)
Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí	11	(364)	1,833
Easnamh don bhliain		(52,893)	(66,860)

Consolidated Statement of Comprehensive Income

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €000	2020 €000
Easnamh don bhliain		(52,893)	(66,860)
Ioncam cuimsitheach eile:			
Atomhas na ndliteanas sochar iarscoir	25	187,730	(152,109)
Fálú ar an sreabhadh airgid			
- Athaicmiú sa chuntas brabúis agus cailteanais		6,559	1,059
- Athrú ar luach na n-ionstraimí fálaíthe		15,001	(7,089)
- Gnóthachan/Cailteanas Malartán Eachtrach Neamhréadaithe		(2,155)	-
- Gluaiseachtaí cuimsitheacha ioncaim eile		(533)	-
		18,872	(6,030)
Ioncam/(costas) cuimsitheach eile don bhliain, glan ar cháin		206,602	(158,139)
Ioncam/(costas) cuimsitheach iomlán i leith na bliana		153,709	(224,999)

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

Amhail an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta doláimhsithe	14	19,212	19,195
Sócmhainní seasta inláimhsithe	15	2,578,637	2,608,334
		2,597,849	2,627,529
Sócmhainní reatha			
Fardail	17	69,425	63,156
Féichiúnaithe	18	269,381	54,387
Airgead sa bhanc agus ar láimh		253,946	271,115
		592,752	388,658
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	19	(757,119)	(553,778)
		(164,367)	(165,120)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanas reatha			
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	20	(13,737)	(18,182)
Ioncam iarchurtha	23	(2,065,025)	(2,099,014)
Soláthairtí in aghaidh dliteanas			
Soláthairtí eile in aghaidh dliteanas	22	(198,892)	(214,123)
Soláthar le haghaidh oibleagáidí sochair iarfhostaíochta	25	(846,462)	(975,433)
		(690,634)	(844,343)
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas brabúis agus cailteanais		(731,701)	(885,410)
Airleacain Stáit neamh-inaisíochta		12,511	12,511
		(690,634)	(844,343)

Thar ceann an Bhoird



Fiona Ross
Cathaoirleach



Liam O'Rourke
Comhalta Boird

6 Aibreán 2022

Clár Comhardaithe Eintiteas CIÉ

Amhail an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta doláimhsithe	14	1,008	127
Sócmhainní seasta inláimhsithe	15	840,900	777,616
Sócmhainní airgeadais	16	359,255	331,255
		1,201,163	1,108,998
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	18	22,912	10,918
Airgead sa bhanc agus ar láimh		245,927	269,417
		268,839	280,335
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	19	(473,738)	(463,849)
		(204,899)	(183,514)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanas reatha			
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	20	(12,231)	(16,792)
Ioncam iarchurtha	23	(593,313)	(538,569)
Soláthairtí in aghaidh dliteanas			
Soláthairtí eile in aghaidh dliteanas	22	(3,447)	(3,567)
Soláthar le haghaidh oibleagáidí sochair iarfhostaíochta	25	(846,462)	(975,433)
		(459,189)	(608,877)
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas brabúis agus cailteanais		(500,256)	(649,944)
Airleacain Stáit neamh-inaisíochta		12,511	12,511
		(459,189)	(608,877)

Thar ceann an Bhoird



Fiona Ross
Cathaoirleach



Liam O'Rourke
Comhalta Boird

6 Aibreán 2022

Ráiteas Comhdhlúite um Athruithe ar Chothromas

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

	Cúlchiste caipitil €000	Cuntas brabúis agus caillteanais €000	Airleacain Stáit neamh- inaisíoctha €000	Cothromas iomlán €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020	28,556	(660,411)	12,511	(619,344)
Easnamh don bhliain airgeadais	-	(66,860)	-	(66,860)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	-	(158,139)	-	(158,139)
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	(224,999)	-	(224,999)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020	28,556	(885,410)	12,511	(844,343)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	28,556	(885,410)	12,511	(844,343)
Easnamh don bhliain airgeadais	-	(52,893)	-	(52,893)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	-	206,602	-	206,602
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	153,709	-	153,709
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	28,556	(731,701)	12,511	(690,634)

Ráiteas um Athruithe ar Chothroimas i gcás Eintiteas CIÉ

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

	Cúlchiste caipitil €000	Cuntas brabúis agus caillteanais €000	Airleacain Stáit neamh- inaisíoctha €000	Cothroimas iomlán €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020	28,556	(445,939)	12,511	(404,872)
Wasnamh don bhliain airgeadais	-	(44,929)	-	(44,929)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	-	(159,076)	-	(159,076)
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	(204,005)	-	(204,005)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020	28,556	(649,944)	12,511	(608,877)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	28,556	(649,944)	12,511	(608,877)
Easnamh don bhliain airgeadais	-	(55,977)	-	(55,977)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	-	205,665	-	205,665
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	149,688	-	149,688
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	28,556	(500,256)	12,511	(459,189)

Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €000	2020 €000
Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	24	22,330	37,093
Cáin ioncaim a íocadh		(276)	(5,277)
Airgead glan arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		22,054	31,816
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe		(401,064)	(209,476)
Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe		(8,412)	(6,652)
Fáltas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe		(128)	438
Fáltas ó dheontais Stáit agus deontais ón Aontas Eorpach		376,590	203,795
Ús faighte		-	14
Airgead glan arna úsáid sna gníomhaíochtaí infheistíochta		(33,014)	(11,881)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Aisíocaíocht iasachtaí bainc		(4,000)	(4,000)
Ús íochta		(2,188)	(1,246)
Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe		(6,188)	(5,246)
(Glanlaghdú)/glanmhéadú ar airgead agus coibhéisí airgid		(17,148)	14,689
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		270,931	256,242
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		253,783	270,931
Cuimsítear san airgead tirim agus sna coibhéisí airgid:			
Airgead sa bhanc agus ar láimh		253,946	271,115
Rótharraingtí bainc		(163)	(184)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		253,783	270,931

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite Chóras Iompair Éireann ('CIÉ') ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Is é CIÉ údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

(A) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mhodhnú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas airgeadais áirithe a thomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus cailleanais.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as príomhthoimhdí áirithe a bhaineann leis an todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilítear freisin go ndéanfadh na Comhaltaí Boird breithiúnas agus beartais chuntasaíochta an Ghrúpa á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (W) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh toimhdí agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí nocha áirithe d'eintiteas incháilithe, faoi réir coinníollacha áirithe, ar comhlíonadh iad, lena n-áirítear fógra a thabhairt do scairshealbhóirí an eintitis i leith na ndíolúintí agus gan aon agóid ina gcoinne a bheith ag na scairshealbhóirí.

Bhain CIÉ, an tEintiteas, leas as an díolúine ó ráiteas ar shreabhadh airgid a ullmhú, ar an mbonn gur eintiteas incháilithe é, agus folaíonn an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid, atá ina chuid de na ráitis airgeadais seo, sreafaí airgid an Eintitis, sa mhéid is gur tharla sreabhadh airgid idir an t-Eintiteas agus páirtithe lasmuigh den Ghrúpa.

Níor chuir CIÉ i láthair cuntas brabúis agus cailleanais (Ráiteas Ioncaim) an mháthaireintitis, ar an mbonn gurb é an cleachtas a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn i gcás grúpaí é díolúine faoi Dhlí na gCuideachtaí a ghlacadh maidir le Ráiteas Ioncaim a chur i láthair. Cé nach bhfuil aon díolúine shonrach san Acht Iompair, 1950, ghlac an Grúpa an seasamh sin ar an mbunús nach mór na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbonn atá leagtha amach an Aire.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Shuntasacha Chuntasáíochta (ar lean)

(B) Bunús an Chomhdhlúite

Is comhdhlúthú iad ráitis airgeadais an Ghrúpa ar ráitis airgeadais CIÉ agus a chuid fochuideachtaí:

- Iarnród Éireann – Irish Rail
- Bus Éireann – Irish Bus
- Bus Átha Cliath – Dublin Bus
- CIÉ Tours International Incorporated

Tá deireadh thréimhse airgeadais na bhfochuideachtaí go léir ag teacht le deireadh thréimhse airgeadais CIÉ. Fochuideachtaí is ea na heintitis go léir ar féidir le CIÉ a mbeartais airgeadais agus oibriúcháin a rialú, rud a thagann de ghnáth le scairsheibh arb ionann í agus níos mó ná leath na gceart vótála.

(C) Airgeadra Eachtrach

(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe

Is é an euro airgeadra feidhmiúil CIÉ agus gach ceann dá fhochuideachtaí agus is é an euro airgeadra tuairiscithe an Ghrúpa, arna ainmniú ag an tsiombail “€”. Mura luaitear a mhalaire, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair ina mílte (€’000).

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus cailteanais a aithnítear gnóthachain agus cailteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus cailteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus cailteanais faoi ‘ús infhála agus ioncam dá shamhail’ nó ‘ús iníochta agus muirir dá shamhail’ mar is cuí. Cuirtear i láthair gach gnóthachan agus cailteanas airgeadra eachtraigh eile sa chuntas brabúis agus cailteanais faoi ‘costais ábhar agus seirbhísí’.

(D) Ioncam

Cuimsíonn an t-ioncam oll-luach na seirbhísí arna soláthar. Déantar an t-ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear an t-ioncam sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar gach ceann de na príomhshruthanna ioncain mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncain le haghaidh gach srutha ioncain.

Tugtar anonn sna dliteanais na fáiltais ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa chuntas brabúis agus cailteanais thar thréimhse an táirge ábhartha. Aithnítear ticéid bhliantúla Tax saver go cothrom thar na tréimhsí sa bhliain a mbaineann an táirge leo. Aithnítear aon lamháltais nó scéimeanna in aisce de réir théarmaí na scéime lamháltais. Ní aithnítear aon ioncam le linn tréimhsí in aisce.

Aithnítear an t-ioncam lasta agus an t-ioncam ó Europort Ros Láir sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithnítear ioncam cíosa ar bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa.

Aithnítear ioncam ó fhógraíocht agus ó ghníomhaíochtaí éagsúla eile le linn thréimhse an chonartha ábhartha. Déantar ioncam ó fhógraíocht a thuilleadh ó chonarthaí dhá mhí agus conarthaí ráithiúla agus faightear an t-ioncam sin ar bhonn riaráisteach.

Aithnítear ioncam ó choimisiúin nuair a sholáthraítear an tseirbhís don chustaiméir.

Aithnítear ioncam eile tríú páirtí tráth a thuillte, nó ag an bpointe seirbhíse, sa mhéid gur aithníodh costais iomchuí a tabhaíodh atá in-aisghabhála i gcoinne an ioncaim sin sa tréimhse.

Tagann ioncam CIÉ Tours International Incorporated ó sholáthar seirbhísí arna dtairiscint lena n-áirítear Turais sceidealta, grúpaí agus Taisteal Coigríche Neamhspleách. Déantar ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fuarthas maidir le soláthar na seirbhísí arna dtairiscint agus aithnítear é nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

Conradh um Ollchostas

Ó 1 Eanáir 2021, taifeadann Bus Átha Cliath agus Bus Éireann ioncam faoin gconradh dámhachtana díriú seo ar bhonn ollchostais. Príomhcheanglas faoin gconradh seo is ea aitheantas ioncaim conartha ollchostais. Íoctar luach saothair le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann bunaithe ar chostas na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Dáiltear gach bosca táillí agus ioncam eile paisinéirí (ar nós Tax saver agus ioncam DSP) a fhaightear ón bpaisinéir iompair poiblí ar an ÚNI agus ní aithnítear a thuilleadh é i gcuntas brabúis agus cailteanais Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann. Cuireann Bus Átha Cliath agus Bus Éireann sonrasc isteach ar bhonn tréimhsiúil chun seirbhísí a sholáthar faoin gconradh seo, a n-íoctar tréimhse riaráistí amháin ina leith. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an mbeartas cuntasaíochta d'íocaíocht seo leagtha amach i bpolasaí (e) Íocaíochtaí Eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí (seo).

(E) Íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, Deontais ón Aontas Eorpach agus Deontais eile ón Stáitche

Aithníonn an Grúpa deontais Rialtais ag teacht leis an tsamhail fabhráithe faoi FRS 102.

(i) Íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP')

Déileáiltear le hÍocaíochtaí OSP arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus cailteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

(ii) Deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil

Déantar deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil eile a chur chun sochair an ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Shuntasacha Chuntasáochta (ar lean)

(iii) Deontais Ioncaim

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus caillteanais an tráth céanna a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh. Aithnítear fóirdheontais i leith na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostóra sa bhrabús agus sa chaillteanas ag an am céanna leis an gcaiteachas gaolmhar agus a bhfuil deontas beartaithe mar chúiteamh air.

(iv) Deontas Conartha Ilbhliantúil i dtaobh Bainistíocht Bonneagair

Aithnítear deontais mar ioncam iarchurtha nó aithnítear láithreach iad mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais, trí thagairt don bhonnghníomhaíocht a bhfuil an deontas ceaptha lena cúiteamh. Na deontais chaipitil faoin gConradh Ilbhliantúil a chuirtear chun sochair an ioncaim iarchurtha sa chlár comhardaithe, déantar iad a amúchadh thar shaol eacnamaíoch tuartha na sócmhainní gaolmhara.

(F) Costais Ábhar agus Seirbhísí

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí an Ghrúpa ó lá go lá, seachas costais dímhéasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus tá tuilleadh sonraí ina leith i Nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(G) Costais Eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa, aithnítear torthaí oibriúcháin ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a mheasann an Bord nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Grúpa go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le míreanna den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúráil gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach' sa sainmhíniú, úsáideann an Bord idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

(H) Ús

Áirítear le hioncam airgeadais agus costais airgeadas an Ghrúpa:

- ioncam úis;
- costas úis;
- an gnóthachan nó an caillteanas ó aistriú airgeadra eachtraigh ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais airgeadais;
- an gnóthachan nó an caillteanas glan ar ionstraimí fálaithe arna n-aithint sa bhrabús agus sa chaillteanas; agus
- athrangú na méideanna a bhaineann le fálú ar shreabhadh airgid a aithníodh roimhe seo san ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear ioncam úis nó costas úis trí mhodh an ghlanráta úis. Lena chois sin déantar leachtú na lascaín ar sholáthairtí agus an glanchostas úis ar phinsin le sochar sainithe a chur de mhuirear ar na costais airgeadais.

(I) Cáin Ioncaim

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chothromas leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

(i) Cáin reatha

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le hóc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó beagnach achtaithe faoi dheireadh na bliana airgeadais.

(ii) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabús inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachas sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhchaí.

(J) Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Nochtann Grúpa CIÉ idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil faoi úinéireacht iomlán laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá faoi úinéireacht iomlán.

(K) Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

(L) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus cailteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais infheidhme i dtaobh baint ó chéile, tabhairt chun bealaigh agus athchóirithe.

(i) Línte iarnróid agus oibreacha iarnróid

Gréasán córas atá i gceist leis na línte iarnróid agus na hoibreacha iarnróid.

Meastar gurb ionann an caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus méid breise a chuirtear leis na sócmhainní seasta inláimhsithe, agus déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar a shaol eacnamaíoch úsáideach tuartha. Costais fostaithe chaipitlithe agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne, áirítear iad sna sócmhainní seasta inláimhsithe.

An caiteachas ar an ngréasán reatha, lena bhféachtar chuige go bhfuil an acmhainn oibriúcháin ag teacht leis na caighdeáin shonraithe seirbhíse, áirítear mar chothabháil é agus cuirtear é de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus cailteanais. Caitear le haon deontas bainteach ar an gcaoi chéanna agus cuirtear i láthair é sa chuntas brabúis agus cailteanais.

(ii) Rothstoc iarnróid

Déantar na hinnill traenach (seachas iadsan atá lán-dímheasta nó a fhaightear gan aon chostas), na ráilcharranna, an stoc cóistí agus na vaigíní a dhímheas ar bhonn a gcostais stairiúil agus é leithdháilte thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(iii) Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa fhliú, ar feadh a saol úsáidigh tuartha, ar bhonn céatadán laghdaitheach a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

(iv) Feithiclí lasta bóthair

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(v) Talamh agus foirgnimh

Áirítear le talamh agus foirgnimh talamh agus foirgnimh ruilse, ionaid mhiondíola agus oifigí. Déantar talamh agus foirgnimh a thabhairt anonn ar a gcostas (nó ar a gcostas measta más talamh nó foirgnimh atá i gceist a ndearnadh athluacháil orthu roimhe seo faoi ngnáthchleachtas cuntasaíochta) lúide dímheas carntha agus cailteanais lagaithe charntha.

Tá maoine áirithe laistigh den ghrúpa ar maoine úsáide ilchineáláí iad toisc go bhfaigheann an Grúpa ioncam incriminteach as ucht aonaid mhiondíola sna stáisiúin a ligean ar cíos le tríú páirtithe agus ioncam cíosa ar mhaoine áirithe eile nach mbaireann an Grúpa lán-úsáid astu. Ós rud é nach féidir luach cóir chomhpháirte na maoine infheistíochta a thomhas go hiontaofofa gan costas míchuí nó iarracht mhíchuí a bheith i gceist, áfach, cuirtear na maoine ar fad san áireamh i gcáil mhaoine, gléasra agus trealaimh de réir Alt 17 de FRS 102.

(vi) Droichid, dugaí, cuanta agus calaí, comharthaíocht, gléasra agus innealra agus trealamh lónadóireachta

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(vii) Dímheas agus luachanna iarmharacha

Déantar dímheas ar shócmhainní, ach amháin talamh, a ríomh de réir na modhanna dímheasa agus an tsaoil úsáidigh thuartha, mar seo a leanas:

Línte agus oibreacha iarnróid	modh an mhéid chothroim	10-40 bliain
Droichid	modh an mhéid chothroim	120 bliain
Rothstoc iarnróid	modh an mhéid chothroim	4-20 bliain
Feithiclí paisinéirí bóthair	modh an chéatadán laghdaithe	8-14 bliain
Busanna scoile	modh an mhéid chothroim	8-14 bliain
Feithiclí lasta bóthair	modh an mhéid chothroim	1-10 bliain
Foirgnimh ruilse	modh an mhéid chothroim	os cionn 50 bliain
Gléasra agus innealra	modh an mhéid chothroim	3-30 bliain
Comharthaíocht	modh an mhéid chothroim	10 bliain
Dugaí, cuanta agus céanna	modh an mhéid chothroim	os cionn 50 bliain
Trealamh lónadóireachta	modh an mhéid chothroim	5-10 bliain

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, gach bliain airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

(viii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain

Ní dhéantar costais iardain a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair gheilleagracha a bhaineann leis an mír i ndán don Ghrúpa agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Aithnítear suim ghlanluacha aon chomhpháirte ionaid. Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair gheilleagracha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear deisiúcháin agus obair chothabhála de mhúirear ar an gcuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a thabhaítear iad.

(ix) Dí-aithint

Déantar sócmhainní seasta inlámhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar gheilleagrach sa todhchaí. Ar dhiúscairt, déantar an difríocht idir na glanfháltais diúscairt agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa bhrabús nó sa chailteanas.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Shuntasacha Chuntasáochta (ar lean)

(M) Sócmhainní Oidhreachta

Tá roinnt sócmhainní oidhreachta ag an nGrúpa, feithiclí a bhíodh sa fhlít den chuid is mó, agus plátaí, suaiteantais agus déantáin éagsúla. Déantar na sócmhainní sin a chothabháil ar mhaithe le heolas agus cultúr amháin agus is sócmhainní oibriúcháin a bhí i gceist lena bhformhór tráth.

Mar gheall ar chineál éagsúil na sócmhainní atá ar seilbh agus an easpa margadhluachanna inchomparáide, bheadh an costas a bhainfeadh le luacháil na sócmhainní oidhreachta chomh mór nach mbeadh sé i gcomhréir leis na sochair a sholáthrófaí d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais. Dá bhrí sin, is luach nialais atá ag na sócmhainní sin i dtaobh tuairiscíú airgeadais.

(N) Lagú na Sócmhainní Neamhairgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh. Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrath leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhcháí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús agus caillteanais.

Má aisiompaítear caillteanas lagaithe (níl feidhm ag cúiseanna an chaillteanais lagaithe a thuilleadh), méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí an meastachán leasaithe ar a méid in-aisghabhála, ach ní mhéadaítear í ach amháin a mhéid nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha leasaithe an tsuim ghlanluacha a bheadh cinnte (iar-dhímheas) dá mba rud é nár aithníodh aon chaillteanas lagaithe sna blianta airgeadais roimhe sin. Aithnítear aisiompú caillteanais lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

(O) Sócmhainní Airgeadais

Déantar infheistíocht CIÉ i bhfochuideachtaí a thabhairt anonn ar a costas stairiúil lúide caillteanais lagaithe charntha.

(P) Stoic

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna spártha, breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar an stoc a luacháil ar a mheánchostas ualaithe nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus costas láimhseála atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Amhail dáta an chláir comhardaithe, díscríobhtar na stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig agus déantar caillteanas a thaifeadh i ndáil le stoic a meastar atá lagaithe.

Déantar stoc Innealtóireachta Sibhialta (CCE) agus Comharthaíochta (SET) a aicmiú ina stoc gluaiseachta agus stoc neamhghluaiseachta. Cuirtear soláthar i bhfeidhm ar stoc neamhghluaiseachta, bunaithe ar an bhfad ama ó bogadh an stoc le déanaí. Cuirtear soláthar sa bhreis i bhfeidhm ar an gcuid bhreise den 'stoc gluaiseachta' ag brath ar an leibhéal stoic ar lámh a bhfuil níos mó ná 2 bhliain úsáide bainte as.

Déantar stoc Innealtóireachta Meicniúla (CME) a aicmiú mar stoc straitéiseach, stoc cláir agus stoc inchaite. Cuirtear soláthar i bhfeidhm i leith gach aicme ag brath ar aois an stoic.

I gcás trealamh fuireachais nó mórfháirteanna spártha speisialaithe atá ar seilbh chun críocha athsholáthair agus a cheaptar a mbainfear úsáid astu le linn níos mó ná tréimhse amháin, coinnítear ar seilbh iad i gcáil sócmhainní seasta inláimhsithe de réir FRS 102.

(Q) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar lámh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile ag a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sa dliteanas reatha. Déantar airgead tirim agus coibhéisí airgid a thomhas ar dtús ar an bpraghas idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta.

Ní airgead tirim ná coibhéisí airgid iad taiscí bainc a bhfuil aibíochtaí bunaidh níos mó ná trí mhí acu agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

(R) Ionstraimí Airgeadais

Roghnaigh an Grúpa forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

(i) Sócmhainní Airgeadais

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an nGrúpa lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile agus airgead agus coibhéisí airgid, atá taifeadta leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe atá i gceist leis an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe atá i gceist leis an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltais sa todhchaí arna lascaíniú ar ráta úis an mhargaidh i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear cailteanas lagaithe sa bhrabús agus cailteanas. Is ionann an cailteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascaíniú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an cailteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an cailteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Shuntasacha Chuntasáochta (ar lean)

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocraítear iad, nó (b) nuair a aistrítear chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais, nó (c) ar aistriú rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil chun an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

(ii) *Dlíteanais Airgeadais*

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt dlíteanas airgeadais bunúsach ar an nGrúpa, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí, a aithnítear den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart airgeadais é an socrú, agus sa chás sin déantar an dlíteanas airgeadais a thomhas ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascaíniú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó fhochuideachtaí, agus dlíteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, faoi mhodh an ghlanráta úis.

I gcás táillí ar bhunú saoráidí iasachta, aithnítear iad mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid is gur dócha go ndéanfar cuid den tsaoráid iasachta nó í go léir a tharraingt anuas. Sa chás sin, cuirtear an táille siar go dtí go dtarraingeofar anuas an iasacht. Sa mhéid nach bhfuil aon fhianaise ann gur dócha go ndéanfar cuid den tsaoráid iasachta nó í go léir a tharraingt anuas, áirítear an táille mar réamhíocaíocht i leith seirbhísí leachtachta agus déantar í a amúchadh thar thréimhse na saoráide lena mbaineann sí.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte ó sholáthraithe i ngnáthchúrsa an ghnó. Tá na creidiúnaithe trádála dlíte laistigh d'aon bhliain amháin mura bhfuil sé de cheart neamhchoinníollach ag an ngrúpa an íocaíocht a chur siar ar feadh ar a laghad 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a dhéantar an dlíteanas a mhúchadh, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonartha a chomhlíonadh nó a chur ar ceal nó ar dhul in éag di.

(iii) *Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Gníomhaíochtaí Fálaithe*

Ní ionstraimí airgeadais bunúsacha iad díorthaigh, lena n-áirítear babhtálacha rátaí úis, réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus conarthaí babhtála tráchtearraí.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ar a luach cóir ar an dáta a ndéantar conradh díorthach agus déantar iad a thomhas arís ina dhiaidh sin ar a luach cóir.

Cuireann an Grúpa cuntasáocht fálaithe i bhfeidhm i gcás babhtálacha rátaí úis, réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus conarthaí babhtála tráchtearraí, agus ainmnítear na díorthaigh sin mar fhálú ar an sreabhadh airgid.

Aithnítear sa chothromas codanna éifeachtacha na n-athruithe ar luachanna cóir na ndíorthach atá ainmnithe mar fhálú ar an sreabhadh airgid agus a cháilíonn amhlaidh. Déantar an gnóthachan nó an caillteanas a bhaineann le haon chuid neamhéifeachtach a aithint láithreach sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Déantar méideanna arna gcarnadh sa chúlchiste fálaithe a áireamh arís sa chuntas brabúis nó caillteanais sna tréimhsí ina mbeidh tionchar ag na míreanna fálaithe ar bhrabús nó caillteanas (mar shampla nuair a tharlóidh an ceannach tuartha a bhfuil fálú déanta ina leith). Má bhíonn sé ina thoradh ar idirbheart tuartha a bhfuil fálú déanta ina leith go n-aithnítear sócmhainn neamhairgeadais (fardal, mar shampla) nó dlíteanas, déantar na gnóthachain agus na caillteanais a iarchuireadh roimhe sin sa chúlchiste fálaithe a aistriú ón gcúlchiste agus cuirtear san áireamh iad sa mheastóireacht bhunaidh ar chostas na sócmhainne nó an dlíteanais.

Sa chás ina dtéann ionstraim fálaithe in éag nó ina ndíoltar í, nó sa chás nach gcomhlíonann fálú a thuilleadh na critéir le haghaidh cuntasáocht fálaithe, fágтар sa chúlchiste aon ghnóthachan nó cailteanas carnach atá sa chúlchiste fálaithe an tráth sin, agus aithnítear é nuair a aithnítear an t-idirbheart tuartha ar deireadh sa chuntas brabúis nó cailteanais. Nuair nach bhfuiltear ag súil leis a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart tuartha, déantar an gnóthachan nó an cailteanas carnach a tuairiscíodh san ioncam cuimsitheach eile a aistriú láithreach chuig an gcuntas brabúis nó cailteanais.

(S) Soláthairtí

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an nGrúpa mar gheall ar theagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha gur gá sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach láithreach an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáide as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus cailteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar CIÉ ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar CIÉ athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh sé ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Ghrúpa fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí iarnróid agus bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar in aghaidh cailteanas oibriúcháin sa todhchaí.

(T) Dlíteanais agus Sócmhainní Teagmhasacha

I gcás dlíteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an nGrúpa sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dlíteanais theagmhasacha iad. Nochtar dlíteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Shuntasacha Chuntasáochta (ar lean)

(U) Sócmhainní Léasaithe

(i) Léasanna Airgeadais

Faoi léasanna airgeadais, aistrítear rioscaí agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir.

I dtosach an téarma léasa airgeadais, aithníonn an Grúpa a cheart úsáide agus an oibleagáid atá air faoi léas airgeadais mar shócmhainn agus dliteanas ag méid is ionann agus luach cóir na sócmhainne ar léas, nó más rud é gur luach níos ísle atá i gceist, ar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh ar an ráta úis atá intuigthe sa léas. Tá caiteachas caipitiúil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is giorra. Tá sciar caipitiúil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh leis na creidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus cailiteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

Déantar sócmhainní a mheas maidir le lagú i ndeireadh gach bliana airgeadais.

Déantar na híocaíochtaí léasa íosta a chionroinnt idir an dliteanas amuigh agus na muirir airgeadais, faoi mhodh an ghlanráta úis, ionas go mbeidh ráta seasmhach tréimhsiúil úis i bhfeidhm ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas.

(ii) Léasanna Oibriúcháin

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus cailiteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus cailiteanais de réir mar a thabhaítear iad.

(V) Sochair Fostaithe

Cuireann an Grúpa roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearach agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsean faoi seach.

Sochair Iarfhostaíochta

Feidhmíonn an Grúpa pleananna sochar sainithe d'fhostaithe Ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair shainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair shainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas plean le ranníocaíochtaí sainithe.

Is ionann an dliteanas a aithnítear sa chlár comhardaithe maidir le pleananna sochar sainithe agus luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe ag deireadh gach bliana airgeadais lúide luach cóir shócmhainní an phlean ar an dáta céanna.

Déanann achtúire seachtrach na hoibleagáidí sochar sainithe a ríomh gach bliain faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Cinntear luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe trí lascainiú a dhéanamh ar na híocaíochtaí measta sa todhchaí ar bhonn torthaí margaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe in euro agus a bhfuil téarmaí acu ar cosúil iad le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí amach anseo ('ráta lascaine').

I gcás luach cóir shócmhainní an phlean as a bhfuil na hoibleagáidí le glanadh, déantar é a thomhas de réir bheartas cuntasáochta an Ghrúpa i leith sócmhainní airgeadais. I gcás fhormhór na sócmhainní de chuid na bpleananna, is ionann é sin agus an praghas luaite i margadh gníomhach. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, úsáidtear

teicnící luachála cuí chun meastachán a dhéanamh ar an luach cóir.

- (a) an méadú ar ghlandliteanais sochar sainithe a eascraíonn ó sheirbhís fostaithe i rith na bliana airgeadais; agus
- (b) An costas a bhaineann le plean a thabhairt isteach, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Cinntear an glanchostas úis maidir le glandliteanas sochar sainithe tríd an nglanliteanas sochar sainithe a mhéadú faoin ráta lascaine (mar a chinntear iad ag tús na bliana airgeadais sa dá chás, agus aird á tabhairt ar aon athruithe ar an nglanliteanas sochar sainithe i rith na bliana airgeadais mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochar). Aithnítear an glanchostas úis sin sa chuntas brabúis agus cailiteanais mar 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail'.

Aithnítear san ioncam cuimsitheach eile gnóthachain agus cailiteanais achtúireacha a eascraíonn ó choigeartuithe ó thaithí agus athruithe ar thiomhdí achtúireacha. Na méideanna sin, mar aon leis an toradh ar shócmhainní an phlean lúide an t-ioncam úis ar shócmhainní an phlean atá ar áireamh sa glanchostas úis, cuirtear i láthair iad mar atomhas ar an nglanliteanas sochar sainithe leis an ioncam cuimsitheach eile.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéimeanna Pinsean CIÉ. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Déantar glandliteanas na bpinsean le sochar sainithe do na scéimeanna ina n-iomláine a aithint i gclár comhardaithe Eintiteas CIÉ.

(W) Breithiúnais Ríthábhachtacha maidir le Beartais Chuntasaíochta an Ghrúpa a Chur i bhFeidhm

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na Comhaltaí Boird meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínte, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhrí a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe

Tagann athrú ar an muirear amúchta bliantúil i gcás sócmhainní seasta doláimhsithe agus ar an muirear dímheasa i gcás sócmhainní seasta inláimhsithe ag brath ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht na sócmhainní. Léirítear thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní seasta doláimhsithe agus inláimhsithe i leith gach aicme sócmhainne leagtha amach i Nóta 14 agus Nóta 15.

(ii) Scéimeanna pinsean le sochar sainithe

Tá sé d'oibleagáid ar an nGrúpa sochair pinsean a íoc le fostaithe áirithe. Is iad achtúirí na scéimeanna a dhéanann na pleananna pinsean a luacháil. Braitheann costas na sochar pinsean agus luach láithreach na ndliteanas pinsean ar na toimhdí arna ndéanamh i leith tosca cosúil le hionchas saoil bhaill na scéime, méadú tuarastail na bhfostaithe reatha, leibhéal na méaduithe, más ann dóibh, a dheonaítear do phinsinéirí agus an ráta úis ar a ndéantar lascainiú ar na híocaíochtaí pinsean sa todhchaí. Úsáideann an Grúpa meastacháin i leith na dtosca sin go léir chun na costais pinsean agus na sócmhainní agus dliteanais arna léiriú sna ráitis airgeadais a chinneadh.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

Cinneann an Grúpa an ráta lascaine cuí ag deireadh gach bliana. Is é sin an ráta úis ba chóir a úsáid chun an luach láithreach a chinneadh i dtaobh eis-sreafaí airgid measta sa todhchaí a mheastar a bheidh ag teastáil chun na hoibleagáidí pinsean a íoc. Agus an ráta lascaine cuí á chinneadh aige, féachann an Grúpa ar thorthaí ó bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe san airgeadra ina n-íocfar na sochair agus a bhfuil téarmaí aibíochta acu atá cosúil le téarmaí na hoibleagáide pinsean a bhaineann leo.

Tá éiginnteacht nach beag fós i gceist maidir le tuarastail deiridh inphinsin a bheidh i bhfeidhm agus na sochair iníochta á gcinneadh. Bíonn tionchar ar mhuirir pinsean freisin de bharr difríochtaí idir toimhdí a rinneadh agus an rud a tharlaíonn iarbhrí, agus de bharr athruithe ar thoirimhdí. Tá tuilleadh mionsonraí i dtaobh scéimeanna pinsean an Ghrúpa le sochar sainithe agus na toimhdí a úsáidtear agus na dlíteanais pinsean á luacháil leagtha amach i Nóta 25.

Mar gheall ar an luaineacht nach beag sna margaí airgeadais, tá athruithe móra tagtha le roinnt blianta anuas ar luachanna margaidh shócmhainní na scéimeanna pinsean agus ar an ráta lascaine ar a ndéantar dlíteanais pinsean amach anseo a luacháil.

(iii) Soláthairtí le haghaidh dlíteanas tríú páirtí agus dlíteanas fostóirí

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íochta ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Ghrúpa fós.

Glacann an Grúpa gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dlíteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 22 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(iv) Feithiclí paisinéirí bóthair faoi chomhaontú léasúcháin bus

Tá aitheantas tugtha do na feithiclí paisinéirí bóthair a fuarthas faoin gcomhaontú léasúcháin bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (U). Mar an gcéanna, aithnítear deontas comhfhreagrach le haghaidh caiteachais chaipitil i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (E).

Tháinig athruithe ar chearta agus oibleagáidí an Ghrúpa agus an NTA, mar a fhorordaítear sna Conarthaí Dámhachtana Díreacha Nollaig 2019 – Samhain 2024, i bhfeidhm in 2020 agus, mar thoradh air sin, chinn an Grúpa go n-aithnítear feithiclí paisinéirí bóthair de réir Suntasacha Rinneadh Polasaí Cuntasaíochta (L) sna blianta airgeadais 2017 go 2019 a dhí-aithint i 2020 agus aithnítear anois iad de réir an Bheartais Chuntasaíochta Shuntasach (U).

In 2020, aithníodh muirear cíosa bliantúil, mar atá forordaithe i gcomhaontú léasaithe bus NTA, as feithiclí paisinéirí bóthair a fhaightear faoin gcomhaontú seo.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(v) Ticéid bhliantúla Tax saver

Cuimsíonn aitheantas ioncaim ticéad bliantúil Tax saver de réir threoirlínte CSíneadh Saor in Aisce Tax saverS NTA síneadh ticéad saor in aisce aon mhí amháin a bhfuil sé mar aidhm aige faoiseamh a sholáthar do chustaiméirí Tax saver a mbíonn tionchar ag bearta frithdhúnadh paidéime COVID-19 orthu a chuir srian ar rochtain na bhfostaithe ar a ngnátháit oibre. Dá bhrí sin tá cinneadh déanta ag an nGrúpa gan ioncam ó Tax saver a aithint le linn na tréimhse saor in aisce atá sé mhí.

2. Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2021 Grúpa CIÉ ar bhonn gnóthais leantaigh. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní dhóthanacha ag an Ghrúpa agus ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Measúnú

Tá mionbhreithniúchán déanta ag an Bhord ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh agus tá sé sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2021 ar an bhonn seo. I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

Stad Airgeadais ag 31 Nollaig 2020

Ag 31 Nollaig 2021, bhí glandhliteanais de €691 milliún (2020: €844 milliún) agus glandhliteanais reatha de €164 milliún (2020: €165 milliún) ag an Ghrúpa. Tá míreanna neamhairgid de €429 milliún (2020: €241 milliún) san áireamh i nglandhliteanais reatha a bhain le hioncam iarchurtha i dtaca le deontais caipitil agus ioncam iarchurtha, deontais caipitil nach bhfuil gealltanais airgid tirim i gceist leo agus úsáidtear iad de réir dímheas na sócmhainne. Mar sin, gan na míreanna neamhairgid seo san áireamh, tá glanshocmhainní reatha de €262 milliún (2020: €76 milliún) ag an Ghrúpa. Tá dliteanais i dtaca le hoibleagáidí pinsin le sochar sainithe de €846 milliún (2020: €975 milliún) agus ioncam iarchurtha i dtaca le deontais caipitil a fuarthas de €2,260 milliún (2020: €2,303 milliún) san áireamh i nglandhliteanais an Ghrúpa.

Leachtacht

Tá iarmhéid €235 milliún de airgead tirim ag an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2021.

Tá comhaontú áise bainc ar leith déanta ag an Ghrúpa go dtí Eanáir 2025. Is €24 milliún isachtaíocht an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2021 faoin comhaontú áise seo. Amúchtaíonn an iasacht seo thar tréimhse ceithre bliana. Is €80 milliún an tsuim neamhtharraingthe atá ar fáil don Ghrúpa faoi áis creidmheasa imrothlaigh ar leith an Ghrúpa.

Tá bainistíocht ag súil fo leanfaidh an Ghrúpa ag comhlíonadh a ndualgais faoin comhaontú do thréimhse atá ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Tionchar COVID-19

Tar éis thús na paindéime in 2020, rinne an Grúpa oiriúnú chun maireachtáil taobh le COVID-19 in 2021. Cé gur ardaigh agus gur thit turais phaisinéirí le linn tréimhsí éagsúla in 2021, rud a léiríonn comhairle taistil an Rialtais, bhí treocht aníos dhearfach ann ar an iomlán.

Aithníonn an Bord an tacaíocht maoinithe breise a fuarthas le linn 2021 a chumasaigh oibriúcháin leanúnacha seirbhísí iompair poiblí riachtanacha agus an rannpháirtíocht dearfach leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair i dtaca le pleananna seirbhíse do 2021 a fhorbairt agus a chuir i bhfeidhm.

Neamchinnteactaí Eacnamaíoch Domhanda

Tá an cogadh san Úcráin, a thosaigh ar an 24 Feabhra 2022, tar éis roinnt rioscaí gnó ginearálta a mhéadú. Bhí roinnt de na rioscaí seo le feiceáil roimh mhí Feabhra ach tá cuid acu níos éiginnte anois faoina ndóchúlacht agus faoina dtionchar.

Áirítear orthu sin cur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann ar sholáthairtí fuinnimh i dteannta le méadú mór ar phraghsanna, an fhéidearthacht suaithheadh sa slabhra soláthair agus an poitéinseal le haghaidh tuilleadh méaduithe ar leibhéal praghsanna, chomh maith le laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus leibhéal an chaiteachais tomhaltóra.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. Gnóthas Leantach (ar lean)

Gníomhaíochtaí Tráchtála

Thabhaigh an Grúpa caillteanas €1.5m ar ghníomhaíochtaí tráchtála in 2021 i gcomparáid le caillteanas coibhéiseach €26m in 2020 a leagann béim ar leibhéal na mbeart ceartaitheach a chuir an bhainistíocht i bhfeidhm chun srian a chur leis an treocht. Ba phríomhfhachtóirí iad laghduithe foirne agus ath-implonú i bpríomhréimsí chomh maith le rialuithe docha costais sa bhabhta tionóil.

Bhain gnó Expressway Bhus Éireann tairbhe freisin as tacaíochtaí NTA a cuireadh ar fáil d'oibreoírí bus tráchtála agus ba phríomhthacaíocht é seo don ghníomhaíocht tráchtála seo sa bhliain.

Tá sé beartaithe ag Buiséad 2022 feabhas leanúnach a chur ar fheidhmíocht airgeadais ár ngníomhaíochtaí Tráchtála d'ainneoin go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an Rialtas tacaíochtaí Covid ar fáil. Tá an Bord sásta go bhfuil go leor acmhainní ag an nGrúpa chun tacú leis na gnóthaí trína dtéarnamh.

Seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Ón 1 Eanáir 2021, d'oibrigh Bus Átha Cliath (BÁC) agus Bus Éireann (BÉ) seirbhísí iompair poiblí ar son an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) ar bhonn comhchonartha costais. Faoi na gconarthaí seo bailíonn BÁC agus BÉ ioncam paisinéirí thar ceann an NTA agus aisíoctar iad ar leithligh as costas na seirbhísí a solathraíodh.

Aontaíodh pleananna seirbhíse do 2022 leis an NTA atá ag soláthar an mhaoinithe is gá chun costais chomhaontaithe na bpleananna seo a íoc.

Leanann Iarnród Éireann ag oibriú a chonartha leis an NTA ar bhonn conartha glanchostais i 2022. Tá maoiniú ar an difríocht idir ioncam ó bhosca táillí a thuilltear agus costas comhaontaithe na n-oibríochtaí á sholáthar tríd an NTA ón Státhchiste.

Seirbhísí Iompair Scoile

Banistíonn Bus Éireann soláthar Seirbhísí Iompair Scoile ar fud an Stáit. Cuireadh maoiniú breise ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le linn 2021 le himlonnú acmhainní breise a bhí riachtanach le freastal ar phaisinéirí ag dul na scoile a mhaoiniú i gcomhréir le riachtanais scartha sóisialta.

Maoiniú Státhchiste Breise

Cinntíonn an maoiniú breise ón NTA agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna leachtacht leanúnach an Ghrúpa tríd 2021. Tá an bhainistíocht gnóthach i bplé leanúnach agus dearfach leis an Roinn Iompair agus an Roinn Oideachais agus Scileanna le soláthar leanúnach iompair poiblí agus scoile a chinntiú de réir plean Maireachtáil le COVID an Rialtais.

Bliain Airgeadais 2022

Leanann an Grúpa CIÉ ag oibriú seirbhísí PSO de réir na gConarthaí bunúsacha. Cheadaigh an Bord Buiséad an Ghrúpa do 2022 i mí na Nollag 2021.

Téann CIÉ isteach in 2022 le seasamh láidir leachtach airgid, táthar ag tuar go laghdóidh leachtacht i rith 2022 de réir mar a thagann difríocht dhearfach uainiúcháin sreafa airgid a tharla in 2021 chun críche le linn 2022 agus de réir mar a leanann CIÉ ag maoiniú cláir riachtanacha caipitil. Tá CIÉ ag tuar go leanfar le leachtacht dhearfach go dtí 2022.

Le linn 2022, chuir an Grúpa a dhréachtphlean rollach cúig bliana faoi bhráid na Roinne Iompair ina mbeartaítear fás leanúnach a dhéanamh ar sholáthar iompair poiblí sa mheántéarma agus téarnamh a dhéanamh ar bhrabúsacht fhoriomlán ár n-oibríochtaí tráchtála.

Gníomhaíochtaí Bainistíochta Leanúnacha

Leanann bainistíocht an Ghrúpa ag líon gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht leis an Roinn agus an NTA i dtaca le maoiniú cuí le tacú le hoibríocht leanúnach Conarthaí Dírdhámhachtana
- dlúthfhaireachán ar threochtaí eacnamaíocha agus ar thionchar na neamhchinnteachtaí eacnamaíocha domhanda, agus an cogadh san Úcráin ar gníomhaíochtaí gnó na cuideachta
- dianmhonatóireacht ón bhainistíocht ar staid airgid tirim laethúil, seachtainiúil agus mhíosúil ar fud an Ghrúpa
- cuir i bhfeidhm leanúnach agus dianmhonatóireacht ar thionscnaimh sábhála costas
- mionmeasúnuithe ar mholtaí Infheistíochta Caipitiúla agus a éifeacht ar leachtacht
- athbhreithniú leanúnach ar rioscaí agus ar dheiseanna le tionchar acu ar oibríochtaí an Ghrúpa.

Conclúd

De réir na fachtóirí leagtha amach thuas, tá dóchas réasúnta ag an mBord go maybe acmhainní leordhóthanacha ag an Ghrúpa gus CIÉ le leanúint ag oibriú ar feadh ar laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais agus measann siad go bhfuil sé cuí glacadh leis an bhonn gnóthaigh leantaigh i dtaca le ullmhú na ráitis airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

3. Ioncam de réir Gníomhaíochta

Léirínn an t-ioncam na méideanna arna ndíorthú ó sholáthar seirbhísí a thagann faoi réim ghnáthghníomhaíochtaí an Ghrúpa, agus iad luaite glan ar cháin.

Is soláthraí seirbhísí iompair é an Grúpa go príomha, agus tá sé ag feidhmiú in oileán na hÉireann. Tá gach cuid de sheirbhís iompair an Ghrúpa á bainistiú ag eintiteas dlíthiúil ar leith. Feidhmíonn an Grúpa cuideachta a chuireann turais ar bun freisin – CIÉ Tours International Incorporated.

Déantar anailís mar seo a leanas ar an ioncam:

	CIÉ €000	CIÉ Inter- national Tours €000	Bus Átha Cliath €000	Bus Éireann €000	Iarnród Éireann €000	Iomlán 2021 €000	Iomlán 2020 €000
Gnóthas iarnróid	-	-	-	-	102,477	102,477	103,636
Rannóg lasta	-	-	-	-	3,619	3,619	3,818
Calafort Ros Láir	-	-	-	-	9,919	9,919	7,134
Seirbhísí iarnróid eile	-	-	-	-	28,061	28,061	29,090
Seirbhísí bóthair do phaisinéirí							
- Cathair Bhaile Átha Cliath	-	-	1,541	-	-	1,541	125,077
- Seirbhísí eile	-	-	-	288,728	-	288,728	284,786
Turais	-	14,004	-	-	-	14,004	1,456
Príomh-ghníomhaíochtaí gnó	19,803	-	-	-	-	19,803	21,976
Ioncam idirghrúpa	(19,145)	-	-	-	-	(19,145)	(21,481)
Ioncam ó oibríochtaí	658	14,004	1,541	288,728	144,076	449,007	555,492
Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP'):							
Ioncam OSP (Nóta 12)	-	-	269,715	122,941	182,191	574,847	421,285
Deontais eile ón Státchiste (Nóta 12)	-	-	-	-	161,291	161,291	155,779
Deontais ioncaim (Nóta 12)	2,654	-	1,481	58,699	50,434	113,268	62,226
Ioncam iomlán	3,312	14,004	272,737	470,368	537,992	1,298,413	1,194,782

4. Costais an Bhonneagair Iarnróid

Faoi réir Threoir 91/440 ón Aontas Eorpach, rinneadh na costais seo a ríomh mar seo a leanas:

	2021 €000	2020 €000
Cistiú Bonneagair		
Conradh Ilbhliantúil	161,276	155,797
Muirir rochtana rianta	72,366	74,170
Maoiniú Státchiste eile	8,628	5,713
Ioncam tríú páirtí	23,783	26,360
Ioncam iomlán	266,053	262,040
An párolla agus costais ghaolmhara	(119,417)	(117,056)
Ábhair agus seirbhísí	(141,607)	(137,848)
Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitil	(3,916)	(3,695)
Iomlán na gcostas oibriúcháin	(264,940)	(258,599)
TRÚCDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla	1,113	3,441
Costais eisceachtúla	(538)	(502)
(Cailteanas)/Brabús ar dhíolachán sócmhainní seasta inlámhsithe	(130)	-
Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús	445	2,939
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	(466)	(397)
(Easnamh)/Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí	(21)	2,542

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5. An Párolla agus Costais Ghaolmhara

	2021 €000	2020 €000
Cuimsítear sna costais foirne (gan costais athstruchtúraithe san áireamh)		
Pá agus tuarastail	565,253	546,903
Costais leasa shóisialaigh	55,795	54,437
Costais eile a bhaineann le sochar scoir	107,849	92,455
	728,897	693,795
Obair dhílis chaipitlithe	(25,258)	(21,012)
Glanchoistais foirne	703,639	672,783
Luach saothair agus díolaíochtaí na gComhaltaí Boird		
- i leith seirbhísí mar Chomhaltaí Boird	219	222
- i leith seirbhísí feidhmiúcháin	262	270
Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na gComhaltaí Boird	481	492
Iomlán chostas an phárolla agus na gcostas gaolmhar	704,120	673,275

As na costais iomlána i leith na foirne, tá €25.3 milliún (2020: €21.0 milliún) caipitlithe ina sócmhainní seasta inláimhsithe agus tá €704.1 milliún (2020: €673.3 milliún) á áireamh mar chostas sa chuntas brabúis agus caillteanais.

San áireamh i pá agus tuarastalacha tá:

	2021 €000	2020 €000
Tuarastal	455,558	440,328
Ragobair	23,240	21,588
Liúntais	86,455	84,987
	565,253	546,903

Tá an uimhir fostaí a raibh iomlán a gcuid sochar fostaí (seachas costais pinsean fostóra) lastigh de ghach banna €25,000 ó €50,000 suas don tréimhse tuairisciú leagtha amach thíos.

	2021	2020
€50,001 go €75,000	4,260	4,072
€75,001 go €100,000	802	840
€100,001 go €125,000	113	108
€125,001 go €150,000	36	36
€150,001 go €175,000	16	17
€175,001 go €200,000	15	12
€200,001 agus os cionn	5	6

Cúiteamh Daoine Tábhachtacha den Lucht Bainistíochta

Íocadh táillí Stiúrthóra leis na Comhaltaí Boird mar seo a leanas:

	2021 €000	2020 €000
Comhalta Boird		
Fiona Ross (<i>Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin</i>)	31,500	31,500
Frank Allen	21,600	21,600
Ultan Courtney	20,048	21,600
James Doran	1,312	-
Brian Fitzpatrick	15,750	15,750
Denise Guinan	14,438	15,750
Stephen Hannan	15,750	15,750
Dermot Healy	1,312	-
Aidan Murphy	20,048	21,600
Tom O'Connor	14,438	15,750
Niamh O'Regan	15,750	15,750
Liam O'Rourke	15,750	15,750
Fiona Sweeney	15,750	15,750
Tommy Wynne	15,750	15,750
	219,196	222,300

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5. An Párolla agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta na Comhaltaí Boird agus lucht ardbhainistíochta an Ghrúpa. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó is iníochta leis an bpríomhlucht bainistíochta as ucht seirbhísí fostaithe.

	2021 €000	2020 €000
Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile	1,463	1,471
Costais leasa shóisialaigh	96	96
Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir	283	388
	1,842	1,955

Speansais na Stiúrthóirí

San áireamh sna costais a cúitíodh le Comhaltaí an Bhoird tá:

	2021 €000	2020 €000
Cothabháil, taisteal agus lóistín	-	1
Eile	26	-
	26	1

Léirítear cúiteamh íochta nó iníochta le Príomhoifigí Feidhmiúcháin an Ghrúpa ar son seirbhísí fostaí thíos.

San áireamh sa tábla thíos tá an párolla agus na costais bhainteacha do ról Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin CIÉ, lena n-áirítear olltuarastal €190,000 (2020: €190,000) agus ranníocaíocht pinsin fostóra de €47,500 (2020: €47,500).

	2021 €000	2020 €000
Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile	1,025	1,024
Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir	260	363
	1,285	1,387

Foirceannadh Fostaíochta agus Scaoilíocaíocht

	2021 €000	2020 €000
Scaoilíocaíocht	1,263	919
	1,263	919

Líon na mBall Foirne

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag CIÉ le linn na bliana airgeadais ná:

	2021	2020
CIÉ	246	265
Iarnród Éireann – Irish Rail	4,176	4,058
Bus Éireann – Irish Bus	2,761	2,702
Bus Átha Cliath – Dublin Bus	3,642	3,573
	10,825	10,598

6. Costais Ábhair agus Seirbhísí

Cuimsítear sna costais i ndáil le hábhair agus seirbhísí:

	2021 €000	2020 €000
Breosla, leictreachas agus bealaidh	79,887	83,017
Cáin bhóthair agus ceadúnais	1,540	1,435
Rátaí	2,100	1,644
Luach saothair na n-íniúcháirí	318	517
Léasanna oibriúcháin ar cíós	5,991	6,007
Conraitheoirí scoile	224,960	160,219
Fruiliú bus eile	-	5,999
Éilimh um dhliteanas trúú páirtí agus dliteanas fostóirí	919	9,117
Speansais Stiúrthóirí	26	1
Ábhair agus seirbhísí eile	301,416	289,350
Costais oibriúcháin pinsean	3,786	2,629
	620,943	559,935

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

6. Costais Ábhair agus Seirbhísí (ar lean)

San áireamh i sna costais ábhair agus seirbhísí tá:

	2021 €000	2020 €000
Taisteal Náisiúnta agus and maireachtáil	431	435
Taisteal Idirnáisiúnta and maireachtáil	68	140
Fáilteachas	54	82
	553	657

Luach Saothair na nIníúcháirí:

Nochtar sa tábla seo a leanas na táillí is infíoctha le Mazars Ireland i dtaca leis na bhlianta dar chríoch 31 Nollaig 2021 agus 31 Nollaig 2020. Níl CBL san áireamh sna méideanna seo.

	2021 €000	2020 €000
Iníúcháir reachtúil		
- Iníúchadh reachtúil ar chuideachtaí an Ghrúpa	152	159
- Seirbhísí ráthaíochta agus comhlíonta eile	95	187
- Seirbhísí comhairleoireachta cánach	54	59
- Seirbhísí eile nach mbaineann le hiniúcháireacht	17	112
	318	517

Luaitear an t-easnamh don bhliain tar éis na méideanna seo a leanas a mhuirearú/(a chur de shochar na gcuntas):

	2021 €000	2020 €000
Fardal a ídíodh	174,821	192,731
Méadú ar an soláthar in aghaidh dífheidhmeacht fardail	199	3,331
(Gnóthacháin)/caillteanais malairte eachtraí	(1,114)	1,880
Caillteanas/(brabús) ar dhiúscairt sócmhainní seasta	128	(439)
Léasanna oibriúcháin	2,291	6,007
Athstruchtúró an ghnó	(2,707)	5,212
Aisíocaíocht CBL	-	(8,958)
Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe	226,088	227,906
Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe	8,394	6,188
Amúchadh deontas	(213,589)	(209,729)

7. Míreanna Eisceachtúla

	2021 €000	2020 €000
Aisíocaíocht CBL	1,794	604
Forchostais	-	(8,958)
Conradh tráchtála dochraideach	(701)	-
Onerous Commercial contract	(4,501)	4,608
	(3,408)	(3,746)

Cuimsítear sna costais maidir le hathstruchtúir an ghnó méideanna a eascraíonn as tionscnaimh athstruchtúraithe i rith na bliana:

Iarnród Éireann €1.2 milliún, Bus Átha Cliath €0.5 milliún agus CIÉ €0.1 milliún.

Fuair CIÉ Tours aisíocaíocht cúlghabhálach CBL ó HMRC i 2020.

8. Dímhéas agus Amúchadh, Glan ar Amúchadh na nDeontas Caipitil

	2021 €000	2020 €000
Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe (Nóta 14)	8,394	6,188
Dímhéas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe (Nóta 15)	226,088	227,906
Amúchadh na ndeontas caipitil (Nóta 23)	(213,589)	(209,729)
	20,893	24,365

9. (Cailteanas)/Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Inláimhsithe

	2021 €000	2020 €000
(Cailteanas)/brabús ar dhiúscairt talún agus foirgneamh	(129)	160
Brabús ar dhiúscairt rothstoic, feithiclí, gléasra agus innealra	1	279
	(128)	439

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

10. Glanchostas Úis

(a) Ús Infhála agus Muirir dá Shamhail

	2021 €000	2020 €000
Ioncam úis ar thaiscí gearrthéarmacha	-	14

(b) Ús Iníoctha agus Muirir dá Shamhail

	2021 €000	2020 €000
Ús iníoctha ar iasachtaí, ar rótharraingtí agus ar thaiscí	2,053	1,097
Costas iomlán úis ar dhliteanais airgeadais nach bhfuil á dtomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus cailteanais	2,053	1,097
Glanchostas úis ar phleananna pinsean le sochar sainithe	6,078	8,853
Leachtú na soláthairtí lascaine	135	149
Iomlán an úis iníoctha agus na muirear dá shamhail	8,266	10,099

(c) Glanchostas Úis

	2021 €000	2020 €000
Ús infhála agus muirir dá shamhail	-	14
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	(8,266)	(10,099)
Glanchostas úis	(8,266)	(10,085)

11. Cáin Ioncaim

(a) Costas Cánach san áireamh sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais

	2021 €000	2020 €000
Creismheas corparáide eachtraí don bhliain airgeadais	(2,054)	(1,675)
Muirear cánach corparáide Éireannach ar an mbrabús don bhliain airgeadais	2,418	(158)
Costas cánach reatha don bhliain airgeadais	364	(1,833)
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	364	(1,833)

(b) Costas Cánach a bhaineann le Míreanna arna nAithint san Ioncam Cuimsitheach Eile

	2021 €000	2020 €000
Cáin reatha	-	-
Cáin iarchurtha	-	-
- Cáin iarchurtha ar atomhas an ghlandliteanais sochar sainithe	-	-
Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint san ioncam cuimsitheach eile	-	-

(c) Costas Cánach a bhaineann le Míreanna arna nAithint sa Chothromas

	2021 €000	2020 €000
Cáin reatha	-	-
Cáin iarchurtha	-	-
Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint sa chothromas	-	-

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

11. Cáin Ioncaim (ar lean)

(d) Réiteach an Chostais Cánach

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an easnamh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, is é sin 12.5% (2020: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

	2021 €000	2020 €000
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	(52,529)	(68,693)
Barrachas/(easnamh) méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann i leith na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021, is é sin 12.5% (2020: 12.5%)	(6,566)	(8,587)
Tionchar de bharr:		
Ioncam nach bhfuil faoi réir cánach	(26,708)	(25,436)
Ráta cánach níos airde ar thuillimh thar lear	(2,054)	(1,675)
Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críocha cánach	7,885	6,254
Dímheas sa bhreis ar liúntais chaipitiúla	26,636	26,869
Úsáid na gcaillteanas cánach	(209)	(634)
Cailleanais chánach neamhfhaoisimh arna dtabhairt ar aghaidh	-	203
Ioncam atá faoi réir ráta cánach níos airde	1,325	1,328
Difríochtaí eile	-	2
Rósholáthar i dtaca le blianta roimhe	-	(404)
Cailleanais a thabhairt siar go dtí an tréimhse roimhe sin	-	1
Cáin ar Ríchíosanna	25	246
Cáin Ioncaim arna coinneáil siar	30	-
Faoiseamh Grúpa	1	-
Cáin bhrabúis ar ghnáthghníomhaíochtaí	365	(1,833)

Níor aithníodh sócmhainn cánach iarchurtha féideartha €950 milliún (2020: €950 milliún) maidir le cailleanais charntha arna dtabhairt ar aghaidh, toisc nach cinnte go ndéanfar iad a aisghabháil sa todhchaí i gcoinne brabúis inchánacha.

12. Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus Deontais eile ón Stáitchiste

